www.gaelsceal.ie

ISSN 2009-3055
€1.65 (£1.50)
Uimh. 15

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge
11.04.2012

Ceist faoi roghnú an bhoird agallaimh a roghnóidh Príomh -fheidhmeannach an Údaráis

Ní bheidh ionadaíocht ar an bhfoireann agallaimh ag Bord ÚnaG féin

Máirtín Ó Catháin

BEIDH na hagallamh don phost mar Phríomhfheidhmeannach nua ar Údarás na Gaeltachta ar bun ar an 18ú lá den mhí seo.

Tarlaíonn sé go mbeidh cruinniú de Bhord an Údaráis ann dhá lá ina dhiaidh sin, ach is ar éigin go mbeidh moladh faoi Phríomhfheidhmeannach nua á chuir os comhair an chruinnithe sin ar an 20 Aibreán.

Tuigtear go bhfuil ríar iarrthóirí istigh ar an bpost agus laghdófar an líon sin anuas go dtí cúpla duine tar éis an chéad bhabhta agallamh.

Thárlódh sé go dteastódh an dara babhta agallamh i measc an dream ab bhfearr a chruthódh ag an gcéad agallamh.

Tá an córas státseirbhíse, Public Jobs, nó an Coimisiún Ceapacháin Stáit, i gceannas ar an bpróiseas ceapacháin an iarraidh seo.

Ceaptar go mbeidh siadsan ag roghnú na foirne le haghaidh an chéad shraith agallamh.

Ar lean ar leathanach 2

700,000 duine in Éirinn ina gcónaí i mbochtanas

Katie McGreal

DE réir tuairisce nua ón eagraíocht, Social Justice Ireland, tá 700,000 duine in Éirinn ina gcónaí i mbochtanas agus is páistí 200,000 acu, sin 19.5% de phaistí na tíre uilig.

Thit an méid daoine a bhí i mbochtanas idir 2005 agus 2007 de bharr méadú ar íocaíochtaí leass sóisialaigh ach d'ardaigh sé arís idir 2009 agus 2010.

Síleann an eagraíocht, nach ceart go n-ardófar an cháin ioncaim a thuilleadh. Táthar ag iarraidh go leathnódh an rialtas a chomhbonn cánach (tax base) ionas go mbeadh an córas cánach níos cothroime agus nach ngearrfaí cáin ar na daoine céanna an t-am ar fad. Deir an tAire Joan Burton go léiríonn na figiúirí seo go gcaithfidh an rialtas dul i ngleic le fadhb na dífhostaíochta ionas gur féidir déileáil leis an ghéarchéim seo.

Deirtear sa tuairisc nach bhfuil infreastruchtúr agus seirbhísí sóisialta na hÉireann ar chomhchéim le hinfreastruchtúr agus seirbhísí sóisialta thíortha eile san Eoraip.

Ar lean ar leathanach 4

'Géarchéim' airgeadais i gClub an Chonartha séanta

Léiríonn na cuntais go bhfuil fiacha an Chlub méadaithe faoi dhó le dhá bhliain anuas

Colm Ó Broin

TÁ géarchéim airgeadais i gClub an Chonartha i mBaile Átha Cliath agus baol ann go ndúnfaí sé de réir iarchathaoirleach an ionaid.

Deir Niall Mac Fhionnlaoich, iarchathaoirleach agus iarchísteoir ar an chlub go léiríonn cuntais an chlub go bhfuil fiacha méadaithe go mór le blianta beaga anuas ach tá séanta ag an gcathaoirleach reatha, Cóilín Ó Cearbhaill, go bhfuil ghéarchéim ann i láthair na huaire.

Ar lean ar leathanach 2

Ag fágáil slán ag Barney McKenna

Barney McKenna, a fuair bás an tseachtain seo caite [PIC : PHOTOCALL IRELAND]

Tórramh Barney McKenna, duine de bhunaitheoirí na Dubliners, inné. Bhí an tórramh ar siúl i mBéal Átha Troim i gContae na Mí, le píobaire aonair ag ceann an slua [PIC : EAMONN FARRELL/PHOTOCALL IRELAND]

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

‘Géarchéim’ airgeadais i gClub an Chonartha séanta

Ar lean ó leathanach a haon

Tá an club Gaeilge ar an bhfód ó thús na seachtóidí.

Seoladh rphost leis an teideal ‘Práinn sa Chlub’ chuig baill an ionaid maidin Chéadaoin seo caite ag rá go raibh ‘géarchéim’ sa chlub.

Reáchtáladh cruinniú an oíche sin agus tuigtear do Ghaelscéal gur dúradh leis na baill a bhí i láthair go raibh fadhbanna ag an gclub a gcuid billí a íoc de bharr míshástachta AIB faoin rótharraingt atá acu leo.

Pléadh bealaí chun teacht isteach an chlub a mhéadú chomh maith.

De réir chuntais an Chlub, atá feicthe ag Gaelscéal, bhí rótharraingt bainc de €57,635 ag an gClub ar an 31 Deireadh Fómhair 2011, ardú ó €43,086 a bhí acu ar an dáta céanna in 2010. Tá teorainn €60,000 leis an rótharraingt bhainc atá ag Club an Chonartha.

Séanann Club an Chonartha go bhfuil baol ann go ndúnfaidh an t-ionad de bharr cúrsaí airgeadais.

De réir na gcuntas, chaill an club €18,833 in 2010 agus €17,943 in 2011.

D’éirigh leo teacht isteach a mhéadú ó €36,242 in 2010 go dtí €45,967 anuraidh, ach tháinig ardú ar chostais ó €55,075 go dtí €63,910 thar an tréimhse chéanna.

D’ardaigh teacht isteach an bheáir ó €28,005 in 2010 go dtí €37,747 in 2011 ach tháinig ardú níos mó ná €1,000 an ceann ar na costais seo a leanas: cíos, árachas, slándáil, ús bhainc, ceoltóirí agus urraíocht, le linn 2011.

Caitheadh €5,869 ar ghairdín beorach in 2011 chomh maith. De réir na gcuntas, caitheadh €765 ar t-léinte in 2010 ach níor ghnóthaigh an club ach €45 orthu ó shin i leith.

Tá sé ráite ag beirt iar-chisteoirí de chuid Chlub an Chonartha go bhfuil baol láidir ann anois go ndúnfaidh sé.

Ag caint le Gaelscéal dúirt beirt acu sin, Niall Mac Fhionnlaoich agus Mícheál Ó Tuirlinggo raibh tionchar ag an gcúlú eacnamaíochta ar chúrsaí airgeadais an chlub dar leo, ach chuir siad an mhilleán ba mhó faoin ghéarchéim ar chinntí bainistíochta a dearnadh le roinnt blianta anuas.

Chaith Mac Fhionnlaoich tréimhsí mar chathaoirleach agus mar chisteoir ar an chlub ach dúirt sé le Gaelscéal gur éirigh sé as in Eanáir 2009 de bharr easaontais le coiste an ionaid.

Séanann cathaoirleach reatha Chlub an Chonartha, Cóilín Ó Cearbhaill, áfach, go bhfuil ‘géarchéim’ ann nó go raibh baol ann go ndúnfaidh sé.

Deir sé go raibh fadhb ann bille a íoc le Guinness le déanaí ach gur tharla sé seo toisc gur athraigh an comhlacht dí an bealach a ghlacann siad le híocaíochtaí.

Dar leis go raibh rótharraingt de €57,000 ag an gclub nuair a thosaigh sé mar chathaoirleach in Eanáir 2011 agus nár ardaigh sé ó shin.

Dúirt sé nach raibh cur amach aige ar chúrsaí airgeadais an chlub roimh Eanáir 2011 ach gur mheas sé gur tharla an t-ardú de €14,549 ar an rótharraingt (atá le feiceáil i gcuntais an chlub don bhliain airgeadais 2011) i Samhain agus Nollaig 2010 nó gur áiríodh an t-ardú sna cuntais do 2011 ar chúiseanna cuntasaíochta.

Dheimhnigh sé go raibh an club ag iarraidh iasacht a fháil ón mbanc chun an rótharraingt a ghlanadh ach go raibh sé seo ar bun ionas nach bhféadadh coistí an rótharraingt a mhéadú amach anseo.

“An rud is tábhachtaí sna cuntais ná go bhfuil ardú tagtha ar theacht isteach an club le bliain anuas agus go léiríonn sé seo go bhfuil i bhfad níos daoine ag freastal ar an gclub,” ar seisean.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge
Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Ceist faoi roghnú an bhoird agallaimh a roghnóidh Príomhfheidhmeannach an Údaráis

Ar lean ó leathanach a haon

Is cosúil ansin go mbeidh an Coimisiún Ceapacháin agus baill de Bhord an Údaráis in éineacht ar an dara sraith agallamh.

Bhí sé ina imní i measc chuid de bhaill Bhord an Údaráis nach mbeadh ionadaíocht ar an bhfoireann agallaimh ag Bord an Údaráis féin - sin de bharr an Choimisiúin Ceapacháin Stáit a bheith bainteach leis an bpróiseas an iarraidh seo.

Shocraigh baill Bhord an Údaráis anuraidh go gceapfaí fochoiste ina measc féin le súil a choinneáil ar an bpróiseas le Príomhfheidhmeannach nua a cheapadh.

Bhí roinnt de bhaill Bhord an Údaráis ar an mbord agallaimh cheana nuair a ceapadh príomhfheidhmeannaigh nua agus tá siad ag iarraidh go mbeidís ansin arís an iarraidh seo.

Bhí chuile bhall de Bhord Údarás na Gaeltachta ar labhair muide leo i dtús na seachtaine den bharúil go bhfuil sé riachtanach go mbeadh ionadaithe as Bord an Údaráis ar an mbord agallaimh; creideann siad go bhfuil sé riachtanach go mbeadh siad ann mar go bhfuil an t-eolas agus an tuiscint acu ar an obair atá i gceist.

Ach tá tábhacht mhór le roghnú na n-ionadaithe ón mBord ar an bhfoireann agallaimh. “Ach an oiread le réiteoirí i gcluiche spóirt, bíonn a leagan amach áiríthe ag chuile bhall.”

Níl a fhios go barainneach cén chaoi a bpiocfar na baill den Bhord a bheidh ar an mbord agallamh sa deireadh.

Tuigtear go bhfuil triúr ball foirne de chuid an Údaráis as na Forbacha istigh ar an bpost - Sinéad Ní Fhátharta as an Rannóg Réigiúnach, Steve Ó Cualán an Bainisteoir Pleanála agus Forbartha - agus ardbhainisteoir eile, Séamus Mac Eochaidh.

Tá ainm Steve Uí Chualáin luaite le fada le céimeanna níos airde in Údarás na Gaeltachta ach tá a mbua féin ag na hiarrthóirí eile freisin.

Ceaptar go bhfuil iarbhainisteoir Mheitheal Forbartha na Gaeltachta, Gearóid de Faoite, ar dhuine eile de na hiarrthóirí atá istigh ar an bpost.

Tá taithí fhorleathan aigesan ar obair bhainistíochta agus ar Chomharchumainn Ghaeltachta.

Tá caint ann go mbeadh Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais na Gaillimhe, Seosamh Mac Donnchadha - iar Uachtarán ar an gCumann Lúthchleas Gael agus iar-Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge - ina iarrthóir láidir dá gcuirfeadh sé a ainm isteach.

Níorbh fhéidir a chinntiú go ndearna sé sin nó nach ndearna, áfach.

Ach a gceapfar an Príomhfheidhmeannach nua, tiocfaidh an té sin i gcomharbas ar an bPríomhfheidhmeannach Gníomhach atá ann anois, Seán Ó Labhra.

Deireadh le próiseas comhairliúcháin an SNM

'Níl stráitéis ar bith faoin SNM fá choinne cur chun cinn na Gaeilge ar bhonn trasphobail' : Iontaobhas Ultach

Anton Mac Cába

CUIREADH deireadh Dé Luain leis an phróiseas comhairliúcháin ar an tSamhail Nua Mhaoinithe, dóigh nua maoinithe atá molta ag Foras na Gaeilge.

Is dóigh é seo a chothaigh conspóid.

Dúirt urlabhraí thar cheann an Fhorais go bhfuair siad "na céadta achainíocha i ngach cás" ó shé eagras Gaeilge. Tuigtear gur thug Pobal 800 achainí do Charál Ní Chuilín, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta an Tuaiscirt.

Ina measc ar cuireadh, bhí aighneacht achainí ó Iontaobhas Ultach, Pobal agus ceithre eagraíocht eile ó thuaidh.

Cuireann an tIontaobhas go láidir in éadan na moltaí atá san SNM. Tá siad ann leis an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn trasphobail. Os rud é gur bunaithe ar pharaidím uile-oileáin atá an SNM, ní bheadh an tIontaobhas - nó eagras trasphobail teanga ar bith sa Tuaisceart - ábalta fiú cur isteach ar mhaoiniú, dar leo.

Dar leis an Iontaobhas go bhfuil dualgas ar Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn trasphobail. Cuireann an tIontaobhas ina leith nó nár thuig an Foras seo mar is ceart, "nó gur thug neamhaird ar an dualgas reachtúil sin."

Ní luaitear an tosaíocht seo sa tSamhail Nua Mhaoinithe.

Is é polasaí oifigiúil an Fheidhmeannais ó thuaidh ná tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge, mar chuid de thaisce chultúrtha na tíre.

Deir an tIontaobhas gurb ann dó féin mar go bhfuil tromlach an phobail ó thuaidh, an pobal Aontachtach, in amhras faoin Ghaeilge.

Cuireann aighneacht an Iontaobhais i leith an Fhorais "gurb iad na gníomhartha trasphobail amháin a bhíonn ar shiúil ag Foras na Gaeilge ná dornán d'imeachtaí lena gcéile leis an Boord o Ulstèr Scotch.

Níl stráitéis ar bith aige fá choinne cur chun cinn na Gaeilge ar bhonn trasphobail."

Is í an scéim abhchóideachta a mholann an SNM is cóngaraí d'obair s'acu, dar leis an Iontaobhas. Tá seo le "Eolas ábhartha a sholáthar do mhórphobal an Bhéarla." San fhoirm iarratais, luaitear an 'Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge' agus 'Líofa 2015'.

Baineann an 'Straitéis' leis an Phoblacht amháin. Cuirtear i leith an Fhorais nach n-aithníonn an SNM gur tosaíocht

Aighneachtaí á mbronnadh ar Fhoras na Gaeilge an tseachtain seo caite. d'aighneachtaí ón bpobal á mbronnadh ar Fhoras na Gaeilge Dé hAoine seo caite mar chuid den Phróiseas Comhairliúcháin ar an tSamhail Nua Mhaoinithe. Sa phictiúr tá Ferdia Ó Mongáin, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Muiris Ó Fiannachta, Raidió na Life, Kevin De Barra, Stiúrthóir ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, agus Clár Johnston, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Bronnadh breis agus 2,100 aighneacht i gcoinne na Samhla Nua Maoinithe.

iad an pobal Protastúnach/Aontach: "Ní aithníonn sé go gcuireann an pobal seo - an trí chúigiú cuid de phobal Thuaiscirt Éireann agus an cúigiú cuid de phobal na hÉireann - go gcuireann sé dúshláin abhchóideachta faoi leith, nach bhfuil a leithéidí in áit ar bith eile ar an oileán, agus go bhfuil cur chuige tuisceanach agus eolach de dhíth."

Dar leis an Iontaobhas go bhfuil dóchas ann, a bhuíochas don díospóireacht faoi fhéiniúlacht chultúrtha atá ar siúil i measc aontachtach ó thuaidh.

Cuireann an tIontaobhas locht ar phlépháipéar ó Roinn an iar-Aire Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamonn Ó Cuív, in 2009, a mhol go laghdófaí na 19 eagras Gaeilge go ceann amháin, nó go líon teoranta. Luann siad ar dhúirt sé sa Dáil i mí Feabhra: "Chonaic mé críochdheighilt láidir á chur i bhfeidhm ag na daoine a bhí ceaptha ar an mbord (den Fhoras) ó Thuaidh agus ní raibh siad taobhach le rudaí uile-Éireann a dhéanamh ná le heagraíochtaí uile-Éireann ná leagan amach uile-Éireann. ...

Bhí cuid mhaith den bhrú seo ag teacht ó Ghaeil Bhéal Feirste, dream a mhaíonn go bhfuil siad ar son athaontú na tíre ..."

Chomh maith leis an aighneacht don bhForas, chuir an tIontaobhas, Pobal agus ceithre eagras eile litir chuig Cearál Ní Chuilín, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta an Tuaiscirt.

Sa litir, éilíonn siad an cás gnó a d'éiligh an Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas ón bhForas, agus an dóigh go gcomhlíonann sin treoirlínte na Roinne Pearsanra agus Airgeadais ó thuaidh.

Tá siad ag éirí, leis, an measúnú ar thionchar rialála (regulatory impact assessment) a rinneadh. Tá sin riachtanach nuair a bhíonn comhairle faoi pholasaí á thabhairt d'Airí. Tá an litir seo ar fad faoi bhráid an Aire.

Ó Cuív ag coinneáil le seasamh ar reifreann Eorpach

Máirtín Ó Catháin

IS cosúil nach bhfuil an Teachta Dála Éamon Ó Cuív ag athrú poirt ina dhearca ar an gConradh Fioscach Eorpach. Tá an Teachta Ó Cuív ag coinneáil an tseachtain seo lena thuairim gur cheart go ndéanfadh daoine dianmhachnaimh ar gach a mbaineann leis an gconradh seo sul a gcaitheann siad i gcuid vótaí.

Ach tá fógra tugtha fadó an lá ag ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Ó Máirtín, go bhfuil Fianna Fáil ag tacú leis an reifreann; níl aon choinníoll curtha aige leis an tacaíocht seo go poiblí. Ach níl an Teachta Ó Cuív ag cúlú ón dearcadh atá aige féin - sin go dteastódh mionchíoradh ar an gConradh Fioscach Eorpach sula dtiocfaí ar chinneadh faoin gcaoi a vótáilfeadh daoine lá an Reifrinn. Chaill Éamon Ó Cuív a áit ar an mbinse tosaigh sa bpáirtí mar gur chaith sé amhras ar an bhfógra tacaíochta neamhbhalbh a thug Mhicheál Máirtín don Chonradh Fioscach Eorpach - an dá luath agus a d'fhógair an Taoiseach an reifreann.

Labhair an Teachta Ó Cuív, Michael McDowell agus roinnt daoine eile ag ócáid in Óstán an Davenport i mBaile Átha Cliath Déardaoin seo caite.

Luaigh an Teachta Ó Cuív gur cheart go bhfaighfí barántas roimh lá na vótála nach gcuirfí iallach ar Éirinn glacadh le socrú Eorpach faoi rátaí cánach (tá an ráta cánach corparáide ina bhuntáiste mhór d'Éirinn). Dúirt sé gur cheart go mbeadh ar bhainc móra Eorpacha a thug airgead ar iasacht do bhancanna na hÉireann cuid de na fiacha a iompar iad féin. Rud fíorthábhachtach é seo i gcás an "easnaimh struchtúrtha" (cúrsaí easnaimh airgid atá i gceist) arsa Ó Cuív. Míníonn sé go mbunófaí go leor den ghearradh siar a bhaineann leis an gConradh Fioscach ar an ráta "easnaimh struchtúrtha" a bheadh ann nuair a thosófaí ag feidhmiú an Chonartha seo. Cuireann na fiacha baincéireachta leis an easnamh sin. Faoi láthair áirítear go bhfuil "easnamh struchtúrtha"

Eamon Ó Cuív TD

8.4% againne agus chaithfí é sin a laghdú go dtí 0.51% de réir a chéile. Tá an Teachta Ó Cuív ag iarraidh go 'dtaispeánfadh an Rialtas dréachtaí de na Cáinaisnéisí a theastódh in Éirinn as seo go ceann 10 mbliana dá nglacfaí leis an gConradh Fioscach Eorpach. Is léir go gcaithfí teorainn daingean a chur leis an méid a bheadh muid in ann a chaitheamh sa tír seo in aon bhliain amháin.

Dúirt an Teachta Ó Cuív le Gaelscéal go bhfuil an loighic a bhaineann leis an gceist fíorshoiléir, sin gur cheart do chuile dhuine staidéar grinn a dhéanamh ar gach a mbaineann leis an gconradh seo agus a theacht ar shocrú faoi vótáil ansin.

Folúntas

Údarás na Gaeltachta

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Tréimhse Taithí Oibre á Tairiscint

Tá Údarás na Gaeltachta ag tairiscint tréimhse taithí oibre suas go 9 mí sa Rannóg Cumarsáide agus Margaíochta in Ard Oifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe i gcúrsaí cumarsáide, riaracháin, caidrimh phoiblí agus fáiltithe. Bheadh tuiscint ar obair an Údaráis, taithí in úsáid bogearraí Microsoft Office agus eolas ar uirlisí na meáin shóisialta ina bhuntáiste.

An duine atá ag teastáil:
Duine a bhfuil cúrsa ábhartha críochnaithe aici/aige le tamall anuas agus atá anois ag lorg tréimhse taithí oibre chun na scileanna sin a úsáid san ionad oibre, nó duine atá ag iarraidh filleadh ar obair tar éis tréimhse as obair.

Tá ard-chaighdeán Gaeilge labhartha agus scríofa riachtanach. Íocfar liúntas de €248 sa tseachtain leis an té a cheapfar.

Seol C.V. roimh am scoir ar an **Aoine, 20 Aibreán 2012** chuig:

An Feidhmeannach Acmhainní Daonna & Forbartha Foirne
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Gaillimh
Fón: 091-503100 **Ríomhphost:** p.oconghaile@udaras.ie

Pobal scoilte ar cheist an tSagairt a thaispeáin 'porn'

Anton Mac Cába

NÍOR ghlac Sagart Paróiste Chabhán an Chaorthainn (Pomeroy) i dTír Eoghain páirt i searmanais na Cásca thar an deireadh seachtaine.

Thaispeáin an tAthair Martin McVeigh suas le 16 íomhá de pornagrafaíocht aerach do thuismitheoirí agus gasúr amháin le linn cur i láthair PowerPoint faoin chéad chomaoineach le déanaí. Chuir gach ar tharla uafás orthu sin a bhí i láthair.

Deir foinsí sa cheantar go bhfuil an pobal scoilte ar an cheist. Is deacair a mheas, ach dealraíonn sé go bhfuil tromlach an pharóiste in éadan an Athair McVeigh.

Séanann an tAthair McVeigh aon fhreagracht. Dúirt sé gur leis an pharóiste an mhéaróg chuimhne a bhí aige, go raibh teacht ag daoine eile air agus nach bhfaca sé na híomhanna roimh ré.

Rinne na péas fiosrúchán ar an ábhar, gur dheimhnigh nach raibh an t-ábhar mídhleathach. Tá Deoise Ard Mhacha ag fiosrú an scéil ar fad.

Dúirt sagart paróiste i ndeoise eile gur cheart don Athair McVeigh seasamh siar.

"Bhí sé de dhualgas air an trealamh a sheiceáil sula ndearna sé an cur i láthair," arsa an sagart.

"Ní raibh an rud mídhleathach, ach bhí sé míchuí. Ba cheart dó seasamh siar go dtí go mbeidh an fiosrúchán thart."

Dar leis an sagart, níor láimhsigh an Cairdinéal Brady an chonspóid mar is ceart.

Níl an Deoise ag coinneáil phobal an pharóiste ar an eolas, an rud ba cheart a dhéanamh, dar leis.

Tá na péas anois ag fiosrú gada ríomhaire glúine ó theach an phobail i gCabhán an Chaorthainn idir an 8ú agus an 9ú Aibreáin.

Níorbh eol dóibh an é seo an ríomhaire glúine go raibh an tAthair McVeigh ag baint úsáide as.

700,000 duine in Éirinn ina gcónaí i mbochtanas

Ar lean ó leathanach a haon

Tá an eagraíocht ag iarraidh go n-ardódh an rialtas caighdeán infreastruchtúir agus seirbhísí sóisialta na hÉireann. Deirtear gur thosaíodar ag cur feabhais orthu in 2008 ach de bharr ciorruithe sa bhuiséad, tháinig deireadh leis sin.

Chreid rialtas na hÉireann le linn an Tíogair Cheiltigh go raibh sé níos fearr airgid na ndaoine a thabhairt ar ais dóibh i bhfoirm cánach níos lú in ionad seirbhísí agus infreastruchtúr na tíre a fheabhsú. Seo an fáth, de réir na tuairisce, go bhfuil caighdeán íseal sna seirbhísí seo in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip.

Tá eisimirce na tíre i ndiaidh ardú faoi thrí ó 2008. D'fhág thart ar 27,000 duine an tír idir mí Aibreán 2009 agus 2010.

Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí chun €20.5 billiún a chaitheamh ar thacaíochtaí ioncaim agus seirbhísí do pháistí, do phinsinéirí agus do dhaoine atá ag obair in 2012.

Tuairisc ar anailís na bhfadhbanna eacnamaíochta in Éirinn é seo faoin ainm 'Shaping Ireland's Future'. Breathnaíonn sé ar thionchar na bpolasaithe rialtais ar mhuintir na tíre.

"Ní féidir linn an ghéarchéim seo a fheabhsú ar bhealach cothrom má dhéantar an-chuid ciorruithe i gcaiteachais ionas gur féidir linn ár gcáin a chóiméad íseal i measc thíortha eile san Eoraip," a deir stiúrthóir na heagraíochta, an tAthair Seán Healy.

FIFA agus an Bhrasaíl in adharca a chéile

Alex Hijmans, Salvador, An Bhrasaíl



Staid á thógáil sa Bhrasaíl [PIC : GETTY IMAGES]

INNIU, Dé Céadaoin, bhí Jerôme Valcke, Ard-Rúnaí chumann idirnáisiúnta an tsacair (FIFA) le cuairt a thabhairt ar an mBrasaíl - áit a n-eagrófar an chéad Chorn Domhanda eile, in 2014 - ach ní bheidh aon fháilte roimhe.

Bhí Valcke chun bualadh le coimisiún parlaiminte, ach chuir an coimisiún sin an cruinniú ar ceal nuair a thuigeadar gurb é Valcke a bhí le theacht, agus ní uachtarán FIFA, Joseph Blatter.

Ó dúirt Valcke, an mhí seo caite, go raibh 'cic sa tóin' ag teastáil ón mBrasaíl, tá sé ina chogadh fuar idir an tír sin agus FIFA. D'fhógair rialtas na Brasaíle nach mbeadh aon bhaint acu le Valcke a thuilleadh. Thug Joseph Blatter cuairt ar uachtarán na Brasaíle, Dilma Rousseff, in iarracht an taighneas a réiteach, ach is léir anois nár leor é sin. Idir an dá linn, tá scamaill dhorcha ag bailiú os cionn Chorn Dhomhanda 2014. Mar a dúirt an t-iar-imreoir sacair Brasaíleach, Romário: "Ní raibh pioc múineadh ar Jerôme Valcke, ach bhí an ceart ar fad aige. Níl - agus ní bheidh - infrastruchtúr cheann ar bith den 12 chathair ina n-imreofar cluichí 2014 réidh in am."

Ní hí an mhoilleadóireacht le tógáil staideanna sacair nua, línte fobhealaigh, óstán nua is araile, is mó atá ag cur imní ar FIFA, áfach, ach ceist reachtaíochta. Faoi dhlí na Brasaíle, tá cosc ar dhíolachán deochanna alcólacha sna staideanna sacair. Gheall rialtas na Brasaíle do FIFA, nuair a roghnaíodh an tír chun Corn 2014 a eagrú, go réiteofaí an cheist sin, ach go dtí seo níl sé sin déanta.

An tseachtain seo caite, cheadaigh parlaimint na Brasaíle Dlí Ginearálta Chorn an Domhain, píosa reachtaíochta a shocraíonn an chuid is mó de na ceisteanna dlí a bhí le réiteach roimh an gCorn - ach amháin ceist an dí. Go deimhin, baineadh an pár a bhain leis an gcosc ar dhíol alcóil amach as téacs an dlí sular vótáil an pharlaimint uirthi, ar eagla go vótáilfí ina coinne.

Fágann sin nach bhfuil a fhios go fóill an mbeidh beoir ar fáil le linn na gcluichí - agus sin fadhb ollmhór do FIFA, a bhfuil conradh urraíochta luachmhar agus fadtréimhseach acu leis an mbranda beorach Budweiser. Tá an chosúlacht ar an scéal anois go mbeidh ar FIFA dul i mbun taidhleoireachta le rialtais áitiúla an 12 stát ina n-imreofar na cluichí, in iarracht leis an cheist a réiteach ag an leibhéal sin.

Fanacht fada fá eolas faoin Acht Teanga

Anton Mac Cába

TÁ Oifig Thuaiscirt Éireann ag glacadh síneadh 20 lá oibre sa bhreis de réir eolais a fuarthas trí iarratas saorála faisnéise ó Gaelscéal.

Baineann an t-éileamh le comhfhreagras nó meamram nó doiciméid eile a bhaineann le dréachtú Bille Gaeilge nó reachtaíocht ar bith eile a bhaineann leis an Ghaeilge.

Is thar tréimhse ama ón 13 Deireadh Fómhair 2006 go dtí an lá inniu a théann an t-iarratas.

Ní fios an gcuirfear an t-eolas ar fáil, de bharr théarmaí na hAchta Um Shaoráil Faisnéise.

Dúirt ionadaí thar cheann Oifige Tuaiscirt Éireann i ríomhphost: "Tig liom a dheimhniú go bhfuil an t-eolas a d'iarr tú ag an roinn, agus gur féidir go bhfuil sé curtha faoi dhíolúine coinníollach."

Luadh trí rud a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar díolúine faoin Acht: An baol go ndéanfadh sé dochar don chaidreamh sa Ríocht Aontaithe, nach mbeadh sé ar leas an phobail, agus gur le "foirmliú agus forbairt polasaí an rialtais a bhain."

Gheall Rialtas na Breataine go rithfí Acht Gaeilge mar chuid de Chomhaontú Chill Rimín in 2006. Ghlac an Páirtí Aontachtach Daonlathach le prionsabal an Achta tríd an gComhaontú a shíniú. Níl iomrá ar Acht ó shin.

Easpa seirbhísí teiripe urlabhra ag cruthú fhadhbanna do theaghlaigh Gaeilge

Anton Mac Cába

AINNEOIN méadú thar 50% a bheith ar an líon páistí atá ag fáil Gaelscolaíochta ó thuaidh, níl seirbhís chuimsitheach teiripe urlabhra ann don 2,000 páiste seo.

Caithfidh siad déileáil leis na seirbhísí trí mheán an Bhéarla. Deimhníodh seo i bhfreagra a thug an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí ar iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ó Gaelscéal.

Níl easpa iomlán acmhainní ann: tá Paca Feasachta Fóineolach ann do Ghaelscoileanna. Sin an t-aon áis atá ar eolas ag an Roinn.

Den chuid is mó, níor luaigh na doiciméid a fuaireamar ón Roinn an Ghaeilge. Cuireadh lucht na Gaeilge isteach faoi 'linguistic minorities'. Sna doiciméid, aithníodh go raibh 'unmet needs' ann.

Níor tugadh faisnéis faoi phleananna ar bith atá á bplé leis na 'unmet needs' seo a shásamh.

Beart spéisiúil a tháinig leis an bhfreagra ná a laghad freastail atá á dhéanamh sa Phoblacht chomh maith. Tháinig doiciméad amháin isteach ó Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Labhair sin faoin "easpa acmhainní tacaíochta don teiripeoir atá ag obair le páistí le Gaeilge."

Dúirt Risteard Mac Dáibhéid, múinteoir Gaelscoile, gur chothaigh an t-easpa seirbhíse Gaeilge cuid mhór fadhbanna do theaghlaigh a bhí ag tógáil clainne le Gaeilge.

"Ar a laghad, ba cheart go mbeadh rogha ag na tuismitheoirí," ar seisean.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Éire ag déanamh beart de réir briathair in Háití

NUAIR a tharlaíonn tubaist mhór sa tríú domhan geallann rialtais timpeall na cruinne airgead don tír atá thíos leis. Mar shampla, maraíodh os cionn 200,000 duine in Háití in Eanáir 2010 nuair a bhuail crith talún an tír bhocht sin.

Gheall rialtais $4.5 billiún don tarrtháil agus don atógáil ag comhdháil mhór i Nua-Eabhrac i Márta na bliana sin , ach thug an tAire Gnóthaí Eachtracha le fios sa Dáil le déanaí nár thug siad ach €2.38 billiún go dtí seo.

Eamon Gilmore

Ag freagairt ceiste ó Theachta Fhine Gael do Thuaisceart Chill Dara, Bernard Durkan, dúirt an tAire Eamon Gilmore, áfach, go raibh €11.5 milliún as an €13 milliún a gheall Éire ag an gcomhdháil dáilithe ag Cúnamh Éireann in Háití agus go raibh sé i gceist an chuid eile a dháileadh sna míonna beaga amach romhainn.

Dúirt sé freisin gur mhol an rialtas do thíortha eile beart a dhéanamh de réir briathair agus an t-airgead a gheall siad do Háití a thabhairt.

Is í Háití an tír is boichte sa leathsféar thiar, mar shampla, agus de réir an Bainc Dhomhanda tá muintir Iamáice seacht n-uaire níos saibhre ná muintir Háití.

Ní mór moladh a thabhairt don rialtas nach bhfuil an béal bán le cloisteáil uathu ar an gceist seo murab ionann agus rialtais eile.

Luaigh an tAire Gilmore tuairisc de chuid an OECD a dúirt go raibh bearna $21 billiún idir an méid cúnaimh airgeadaíochta a gheall rialtais agus méid a thug siad le cúig bhliana anuas.

Dúirt an tuairisc go raibh tionchar láidir ag an ngéarchéim airgeadais ar an mbearna úd.

Sin níos lú ná an méid atá íoctha ag muintir na hÉireann amháin le sealbhóirí bannaí Bhanc Angla Éireannach.

Tacaíocht d'fheachtas NATO in Libia

THUG an tAire Gnóthaí Eachtracha le fios sa Dáil chomh maith gur thug Éire "lántacaíocht" d'fheachtas míleata NATO in éadan réimeas Muammar Gaddafy in Libia. Dúirt sé an méid seo agus é ag freagairt ceiste ó Clare Daly ón bPáirtí Sóisialach.

Luaigh an Teachta do Bhaile Átha Cliath Thuaidh tuairisc de chuid an Coimisiún Idirnáisiúnta ar Libia, eagraíocht a bhunaigh Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, a dúirt le déanaí nár tháinig siad ar fhianaise faoi chinedhíothú ná sléachtaí in éadan sibhialach le linn an éirí amach sa tír Afracach.

D'iarr sí ar an Aire, mar sin, an raibh Rún 1973 na Náisiún Aontaithe a thug cead do NATO ionsaithe a dhéanamh ar fhórsaí Gaddafy bunaithe ar eolas bréagach. Shéan Gilmore líomhainn Daly, áfach, ag rá go ndúirt an tuairisc a luaigh sí go ndearna fórsaí an deachtóra coireanna cogaidh agus coireanna in éadan na daonnachta le linn an éirí amach agus roimhe. Luaigh sé ráiteas a rinne Gaddafy nach mbeadh "trua ná trócaire" aige do mhuintir Benghazi, an chathair in oirthear na tíre inar thosaigh an t-éirí amach agus áit a bhí timpeallaithe ag Arm na Libia agus Rún 1973 á rith. Dá bhrí sin, ní raibh údar ar bith ann amhras a chaitheamh ar na cúiseanna don rún de réir Gilmore.

Tá cuid mhór bladair cloiste againn ó dhaoine a thacaigh le feachtas NATO agus daoine a bhí ina choinne. Mar shampla, chualathas caint ó Uachtarán na Fraince, Nicholas Sarkosy, faoi dhaonlathas agus cearta daonna i Libia, ach tá a fhios againn go bhfuil sé in éadan na rudaí céanna sa Sahára Thiar agus go bhfuil an Fhrainc cairdiúil le rialtais neamhdhaonlathach eile san Afraic. Ní raibh fadhb ag rialtais na hEorpa gnó a dhéanamh le Gaddafy le blianta beaga anuas mar sin tá a fhios againn nach raibh deacracht mhorálta acu leis.

Cén fáth ar athraigh an port mar sin?

Seo mo léamh ar chúrsaí go raibh an baol ann go mbeadh sléacht in Benghazi macasamhail an ceann i Srebrenica. Dá dtarlódh a leithead ní bheadh rialtais ná comhlachtaí ola na hEorpa in ann gnó a dhéanamh le Gaddafy, fiú dá dteastódh uathu é sin a dhéanamh - ní ghlacadh pobal na hEorpa le sin.

Is cosúil gur thóg siad cinneadh nach raibh an dara rogha acu ach tacú leis na ceannaircigh, in ainneoin go raibh roinnt acu bainteach le Al Qaeda, namhaid dearg an Iarthair. É sin nó bheadh an Libia dúnta do chomhlachtaí Eorpacha ar feadh na mblianta. Sin an realpolitik mar a déarfá. An cheist dóibh siúd a cháin feachtas NATO, áfach, ná an raibh siad sásta dul sa seans go mbeadh Srebrenica eile gan Rún 1973?



Iar-dheactóir na Libia, Muammar Gaddaf.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Iarrtar iarratais ar na poist seo a leanas:

Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

- **Ollamh Pearsanta le Cuntasaíocht**
  Spriocdháta: Déardaoin, 10 Bealtaine 2012
- **Léachtóir (Os cionn/Faoi bhun an Bhaic) le Cearta Daonna**
  Spriocdháta: Déardaoin, 10 Bealtaine 2012
- **Léachtóir (Téarma Socraithe) le Cearta Daonna**
  Spriocdháta: Déardaoin, 26 Aibreán 2012

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh

- **Léachtóir (Faoi bhun an Bhaic) le Stair**
- **Léachtóir (Faoi bhun an Bhaic) le Tíreolaíocht**
- **Léachtóir (Faoi bhun an Bhaic) le Béarla**

Is é an spriocdháta do na poist thuas i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh: Déardaoin, 10 Bealtaine 2012

Coláiste an Leighis, an Altranais & na nEolaíochtaí Sláinte

- **Léachtóir (Tearma Socraithe - 3 bliana – Leatham) le hEitic Mhíochaine**
  Spriocdháta: Déardaoin, 26 Aibreán 2012
- **Léachtóir (Téarma Socraithe, Leatham) le hAsaoideolaíocht & Gínéiceolaíocht, Caisleán an Bharraigh**
  Spriocdháta: Déardaoin, 26 Aibreán 2012
- **Léachtóir (Téarma Socraithe, Leatham) le Cógaseolaíocht Chliniciúil & Teiripic, Caisleán an Bharraigh**
  Spriocdháta: Déardaoin, 26 Aibreán 2012
- **Léachtóir (Téarma Socraithe) le Baictéareolaíocht (Bithfhaisnéisíocht)**
  Spriocdháta: Déardaoin, 26 Aibreán 2012
- **Léachtóir Sinsearach le hAltranas & Cnáimhseachas**
  Spriocdháta: Déardaoin, 10 Bealtaine 2012
- **Léachtóir (Os cionn an Bhaic) le hAltranas**
  Spriocdháta: Déardaoin, 10 Bealtaine 2012
- **Léachtóir (Téarma Socraithe, Leatham) le Staidéar Cardashoithíoch, Acadamh Leighis Shligigh**
  Spriocdháta: Déardaoin, 26 Aibreán 2012
- **Léachtóir (Téarma Socraithe, Leatham) le Péidiatraic, Acadamh Leighis Shligigh**
  Spriocdháta: Déardaoin, 26 Aibreán 2012
- **Léachtóir (Os cionn an Bhaic) le Cúram Príomhúil**
  Spriocdháta: Déardaoin, 10 Bealtaine 2012
- **Léachtóir (Os cionn an Bhaic, Leatham) le Cúram Príomhúil**
  Spriocdháta: Déardaoin, 10 Bealtaine 2012

Coláiste na hEolaíochta

- **Léachtóir (Faoi bhun an Bhaic) le Ceimic**
  Spriocdháta: Déardaoin, 10 Bealtaine 2012
- **Múinteoir Ollscoile (Téarma Socraithe, Páirtaimseartha: 0.5) le Ceimic**
  Spriocdháta: Déardaoin, 26 Aibreán 2012

Sonraí/nós imeachta Iarratais:
Chun eolas breise a fháil agus chun iarratas a dhéanamh ar phost thuas téigh chuig www.publicjobs.ie

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

www.oegaillimh.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Aibreán, 2012

Mílte ar shráideanna na Fraince ar son chearta teanga

Tuairisc le Róisín Ní Dhúshláine in Roazhon / Rennes na Briotáine

'BREZHONEG, Brezhoneg, yiez ofisiel !'(Briotáinis, Briotáinis, teanga oifigiúil) an chantaireacht a bhí a bhí le cloisteáil ar shráideanna Quimper na Fraince, ar an 31 Márta, le linn lá náisiúnta léirsithe na mionteangacha sa Fhrainc.

Le linn léirsithe den chineál céanna i dToulouse, Bayonne, Perpignan, Poitiers, Strasbourg, Annecy, Metz, Lille agus Ajaccio, bhí tuairim is 50,000 duine ag éileamh ar rialtas na Fraince a dteangacha a aithint ag leibhéal oifigiúil.

Is tráthúil an t-am a roghnaigh siad chun léirsithe agus toghchán na huachtarántachta ar na bacáin. Bhí Eva Joly (Europe Ecologie les Verts) le feiceáil ar shráideanna Toulouse agus bhí François Hollande an Pháirtí Shóisialaigh ag geallúint na gréine is na gealaí go ndéanfaí an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a dhaingniú dá dtoghfaí é - rud nach bhfuil déanta ag an Fhrainc go fóill.

Lucht na Briotáinise ar na sráideanna ag agóidíocht ar son chearta teanga sa tír.

Nuair a bunaíodh Poblacht na Fraince, ag deireadh na hochtú haois déag, socraíodh go n-aontódh agus go neartódh aon teanga amháin, an Fhraincis, an République úrnua. Chonacthas dóibh gur bhagairt don unité française aon teanga eile a bheith sa tír. Dar leo gur ionann an focal seo République agus féiniúlacht aontaithe Francach, dogma polaitiúil atá ann leis na céadta bliain.

Ach is é 'an rud poiblí' nó an intérêt general is ciall le res publicae na Laidine agus ba ríshoiléir ó na léirsithe nach bhfuil grúpaí mionlaigh na Fraince sásta go mbeidh trí bhunchloch ídéalacha an République céanna á gcomhlíonadh.

Maidir le cás na Briotáinise féin, is beag an tacaíocht a fhaigheann sí ó aicme polaitiúil Phárais. Tá seasamh docht daingean ag Sarkozy in aghaidh stádas oifigiúil na dteangacha réigiúnacha.

Faoi láthair, sa Bhriotáin, tá 48 scoil Diwan (scoil dátheangach) agus ina measc níl ach lycée amháin (4ú - 6ú bliain). I Rennes, príomhchathair na Briotáine, tá scoil Diwan amháin ann agus díograiseoirí teanga ar a seacht ndícheall ag lorg maoinithe agus cead an dara scoil a bhunú.

Murab ionann agus córas na hÉireann, ní íoctar na múinteoirí ar fad sna scoileanna seo ó chiste oideachais an stáit rud a chuireann brú ollmhór ar an eagraíocht dheonach, Diwan Breizh, a bunaíodh sa bhliain 1977.

Ó thaobh na meán de, tá uair go leith craoltóireachta ag an mBriotáinis ar an stáisiún réigiúnach France 3 i gceantar Rennes agus é seo ar siúl maidin Dhomhnaigh!

Bíodh is go n-aithníonn bunreacht na Fraince, ón mbliain 2008, gur cuid den oidhreacht náisiúnta an Bhriotáinis, níl aon stádas oifigiúil aici agus cearta teanga ceilte ar níos mó ná 200,000 duine dá dheasca. - Cá bhfuil an liberté, égalité, fraternité ansin ?

Tá díograiseoirí na Briotáinise agus na dteangacha réigiúnacha eile sa Fhrainc ag tapú na deise faoi láthair brú a chur ar an rialtas agus ar iarrthóirí an toghcháin iad a aithint. Ar ndóigh beidh le feiceáil cad a tharlóidh tar éis an premier tour ar an 22 Aibreán.

Fiú ina dhiaidh sin, beidh bóthar fada rompu- meileann muilte Dé go mall ach meileann muilte na Fraince níos moille fós!

AN CLÁR CAIPITIL SPÓIRT 2012 AG TACÚ LE SPÓRT AGUS LE HACLAÍOCHT ÁINEASA AR FUD POBAL

Is mór leis an Aire Turasóireachta agus Spóirt, Michael Ring T.D., a fhógairt go bhfuil tús á chur le deontais 2012 don Chlár Caipitil Spóirt.

Tá iarratais á lorg anois ó eagraíochtaí spóirt, clubanna, grúpaí pobail, scoileanna, Coistí Gairmoideachais, Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt agus ó údaráis áitiúla ar fhorbairt áiseanna spóirt agus/nó ar cheannach trealamh spóirt. Tabharfar tús áite faoi leith d'fhorbairt áiseanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Tá foirmeacha iarratais agus treoir ar iarratas a dhéanamh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag http://www.dttas.ie/sport/unit1.aspx, nó trí ghlaoch a chur ar (064) 6627353 nó ó:

IARRATAIS AR AN GCLÁR CAIPITIL SPÓIRT 2012,
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt,
An Bóthar Nua, Cill Airne,
Co. Chiarraí.

Is é an dáta deiridh d'iarratais chomhlánaithe ar pháipéar a bheith faighte ná 5pm, Dé hAoine, an 11 Bealtaine 2012.

Tá síneadh ar an spriocdháta seo go dtí 5pm, Dé hAoine, an 1 Meitheamh 2012, d'iarratais ar líne agus d'iarratais i nGaeilge.

An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

Seans ag Sarkozy go sea

Amharcann **Ciarán Mac Aonghusa** ar thoghchán na Fraince

AR an 22ú lá den mhí seo reáchtáilfear an chéad bhabhta de thoghchán uachtaránachta na Fraince.

I measc na n-ionadaithe beidh Nicolas Sarkozy a bhfuil cúig bliana caite aige sa Phálás Élysées.

Ag tús na bliana seo, ceapadh go dteipfeadh glan ar Sarkozy sa toghchán, ach de réir mar a dhruidimid leis an toghchán, tá sé ag teacht chun solais sna suirbhéanna vótála go mbeadh sé ina throid cheart sa deireadh.

Ag an phointe seo, is dóiche go n-éireoidh le Sarkozy dul ar aghaidh chuig an dara babhta ach go bhfaighidh ionadaí Pháirtí na Sóisialaithe, François Hollande, an lámh in uachtar air.

Nuair a toghadh Sarkozy sa bhliain 2007 ba léir go raibh pairilis ar an Fhrainc. Ní dheachaigh an Fhrainc chun cinn mar ba cheart le linn an bhorrtha idirnáisiúnta a bhí ar bun ó lár na nóchaidí.

Bhí ráta dífhostaíochta 10% ann agus bhí an tír ag cailleadh post tionsclaíoch a bhí a n-aistriú go dtí an Áis agus chuig oirthear na hEorpa. Bhraith daoine nach raibh an tír ag feidhmiú mar ba cheart, bhí leasuithe móra de díth ar an chóras pholaitiúil agus ar innealra an stáit go ginearálta, agus ba léir go raibh athruithe móra de dhíth ar an gheilleagar.

Nicolas Sarkozy : Fear crua pholaitíocht na Fraince?

Bhí an cháil ar Sarkozy gur fear crua fuinniúil a raibh diongbháilteacht agus righneas ann. Chuir sé a fhís in iúl don tír - go mbeadh athruithe ag teacht ach go mbainfeadh sé an tír as an tsuain. Toghadh é siocair gur chreid daoine go raibh athruithe deacra de dhíth ar an tír agus gurbh é Sarkozy an fear ceart lena gcur i bhfeidhm.

Gheall Sarkozy go n-athródh sé an margadh fostaíochta, na rialacha a bhaineann le scor, na hollscoileanna, agus cúrsaí cánach. D'athleasódh sé an státsheirbhís agus chuirfeadh sé cosc dian ar inimirce.

Ní raibh ach tús curtha leis an tionscnamh seo ar fad, áfach, nuair a chlis ar an chóras dhomhanda airgeadais ag deireadh na bliana 2008. D'fhéadfá a rá gur chuir an ghéarchéim sin deireadh le tionscnamh Sarkozy. Ó sin i leith, bhí air a aird a dhíriú ar an ghéarchéim féin agus ar chosaint na Fraince uaithi.

I dtús ama, ba léir go raibh ag éirí le Sarkozy an Fhrainc a chosaint ón chrith talún airgeadais. Sa bhliain i ndiaidh an imchliste níor thit OTI na Fraince ach 2.6% tráth ar thit OTI na Gearmáine 4.7%. Ní raibh ann ach seachmall. Tá rialtas lárnach na Fraince níos láidre na rialtas na Gearmáine agus bhí sé in ann an geilleagar a spreagadh go measartha gasta, ach bhí na buntosca as a riocht.

Anois, agus an chuid is measa den suaitheadh eacnamaíoch thart, is léir go bhfuil geilleagar na Gearmáine níos láidre, níos solúbtha, agus níos iomaíche ná geilleagar na Fraince. Tá na cúiseanna leis sin soiléir fosta. Fad is a bhí an Fhrainc ag titim i bpairilís idir 2000 agus 2007 bhí athleasuithe móra á gcur i bhfeidhm sa Ghearmáin. D'athleasaigh rialtas Schroder na margaí fostaíochta, an aois scoir agus cúrsaí cánach. Ba mhó go mór iad na hathruithe a rinne an Ghearmáin sna blianta sin le taobh an mhéid a rinne an Fhrainc in aimsir Sarkozy.

Is cosúil gur tháinig éirí na Gearmáine aniar aduaidh ar cheannairí na Fraince. Deich mbliana ó shin ba bheag duine a cheap go bhfásfadh cumhacht na Gearmáine chomh gasta agus a d'fhás.

Tá barúil ag Sarkozy gur chóir go mbeadh an Ghearmáin ina heiseamláir ag an Fhrainc. Le tamall anuas tá sé a rá nach mór don Fhrainc dul bealach na Gearmáine ó thaobh cúrsaí geilleagair agus sóisialta de. Más maith leis an Fhrainc, dar leis, smacht éigin a choinneáil ar a todhchaí féin, ní mór di comhoibriú níos dlúithe leis an Ghearmáin. Is é sin an bealach a thabharfadh sé an Fhrainc ach é a bheith atofa. Tabharfaidh na Francaigh a bhfreagra gan mórán moille.

TRÁCHTAIREACHT

Caimiléireacht pholaitiúil i Meiriceá agus bus an phríosúin

Máirtín Ó Catháin

SEO scéal faoi chumhacht, faoi chaimiléireacht agus faoin gcine daonna. Tá eireaball Gaeltachta ar an scéal freisin...i bhfad siar. Taispeánann sé nach sa tír seo againn féin amháin a théann lucht na polaitíochta agus na cumhacht thar teorainn scaití. Anonn linn go Massachusetts.

Ag bordáil ar 7 milliún duine atá i Stát Mhassachusetts i Meiriceá. Tá Parlaimint Stáit dá gcuid féin acu mar atá i chuile Stát i Meiriceá. Tá 60 Feisire Parlaiminte agus 40 Seanadóir ann. Stát saibhir go maith é Massachusetts.

Tá cúlra Éireannach láidir ann; is de bhunú na hÉireann tuairim 25% de mhuintir cheantar na príomhchathrach, Boston. Tá cúlra Iodálach ag go leor de mhuintir an Stáit freisin. Bhíodh greim ag sliocht mhuintir an dá thír sin ar an gcumhacht pholaitiúil i Massachusetts le 100 bliain agus tuilleadh.

Tháinig Salvatore DiMasi isteach mar Chathaoirleach - nó Speaker - i bParlaimint an Stáit in 2004. Mar is léir ón ainm, is de bhunú na hIodáile é DiMasi. Tá go leor cumhachta ag an 'Speaker' i bParlaimintí Stáit i Meiriceá agus tá stádas mór ag baint leis an bpost. Mar a thárla sé, ba cairde móra iad Salvatore DiMasi agus fear d'arbh ainm Richard M. McDonough - nó Dickie McDonough - mar ab fhearr aithne ag go leor air. Agus bhí aithne ag go leor daoine ar Dickie McDonough. Gníomhaire - nó 'Lobbyist' - a bhí ann.

Bíonn go leor acu i Meiriceá agus tá aitheantas oifigiúil acu sna dualgais sin. Mar is léir, bíonn siad ag gníomhú ar mhaithe le comhlachtaí, lucht gnó, srl., le súil agus go bhfaigheadh siad deontais nó buntáiste éicínt as cistí an Stáit. Ar bhonn lánaimseartha a bhíonn formhór na 'lobbyists' ag obair; castar duit neart acu thart ar cheanncheathrú na Parlaiminte Stáit ar Beacon Hill i mBoston.

Ceangal leis an nGaeltacht thiar

Ba as Inis Mór in Árainn do mháthair mhór Richard M (Dickie) McDonough agus ba as Carna i gConamara dá athair mór. Cé nach polaiteoir tofa a bhí ann, bhí mianach na polaitíochta i Dickie McDonough, rud a chuidíonn go mór le gníomhaire. Ba mhór é cáiliú a athar, Sonny McDonough, san aimsir a caitheadh. Bhí seisean sa bpolaitíocht i mBoston agus an cháil air go raibh sé in ann bleid a bhualadh ar chuid de na daoine ba chumhachtaí i Meiriceá; bhí sé cairdiúil le Harry Truman, Bing Crosby agus go leor eile. Fear gnó cumasach a bhí ann freisin agus chuir sé carnán mór airgid i dtoll a chéile i gcaitheamh a shaoil. Bhásaigh sé in 1980. D'fhág sé mar oidhreacht ag a mhac Dickie tuiscint ar an gcóras Stáit agus ar bhealaí an tsaoil sa bpolaitíocht. De réir dealraimh bhí Dickie ábalta ar an gceird. Ach chuaigh cúrsaí an tsaoil in aimhréidh 3 bliana ó shin.

Thosaigh caint go raibh fábhar tugtha do chomhlacht amháin i gcomórtas le seirbhís a chur ar fáil do rialtas an Stáit. D'éirigh an chaint níos tréine agus tosaíodh ag cuir feola ar na ráflaí. De réir scéil, bhí cathaoirleach na Parlaiminte Stáit, Salvatore DiMasi, agus an gníomhaire Richard M. (Dickie) McDonough théis oibriú as lámh a chéile le conradh luachmhar a thabhairt do chomhlacht d'arbh ainm Cognos ULC le seirbhís ríomhaireachta a chur ar fáil don Stát; bhí praghas $17.5m i gceist.

Chuaigh an FBI i mbun fiosrúcháin agus cuireadh DiMasi agus McDonough - agus cúpla duine eile - ar a dtriail in 2011. Cuireadh mí-úsáid cumhachta, caimiléireacht agus glacadh le breabanna ina leith. Tháinig eolas chun cinn go bhfuair McDonough os cionn $300,000 go mídhleathach agus go bhfuair DiMasi $60,000; bhíodar ag obair ar an gcúlsráid lena chinntiú go bhfaigheadh an comhlacht seo an conradh - agus go bhfaigheadh siadsan an 'kickback'. D'íocadar go daor as.

7 mbliana príosúin do chaimiléireacht - Richard McDonough, fear de bhunadh Árann agus Iorras Aithneach

[PIC : ARAM BOGHOSIAN / THE BOSTON GLOBE]

Salvatore DiMasi

Téarmaí fada príosúin

Cuireadh 8 mbliana príosúin ar DiMasi agus 7 mbliana príosúin ar McDonough. Téarmaí troma a bhí iontu: tá DiMasi 65 agus tá McDonough 66. Lena chois sin, baineadh pinsean ó áisíneacht Stáit de McDonough - dúradh nach raibh sé saothraithe go dlisteanach aige - agus tá iarracht ar bun faoi láthair le pinsean a bhaint ó DiMasi.

Ar bhun daonna tá an cás truamhéileach. Uair amháin a rinne mé féin beagán cainte le McDonough agus mé ag iarraidh roinnt eolais faoina athair - fear suáilceach gealgháireach. I bpríosún i Fort Dix i New Jersey atá sé anois; 73 bliain d'aois a bheidh sé nuair a bheidh a théarma istigh aige.

Thíos in Arizona, os cionn 1,000 ó bhaile, atá DiMasi i bpríosún anois. Bhí alt míthrócaireach go maith ag an gcolúnaí cáiliúil Howie Carr san 'Boston Herald' le gairid agus é ag fáil sásaimh - de réir cosúlachta - as turas a cuireadh ar DiMasi ar ais go Massachusetts le fianaise a thabhairt i gcás cúirte eile. Bhí sé ag taisteal i mbus an phríosúin a thugann coirpigh... agus bacanna ar a gcuid rostaí ... ó háit go háit ar fud Mheiriceá.

Tá mí-ádh éicínt ar Mhassachusetts agus na Cathaoirligh - Speakers - atá acu sa bParlaimint. Tá DiMasi i bpríosún ach b'éigean don bheirt a bhí ann roimhe éirí as an bpost freisin de bharr mírialtachta ina gcuid dualgas; b'shin iad Charles Flaherty agus Thomas Finneran. Ach níor cuireadh príosún orthu siúd

Taispeánann na heachtraí seo nach in Éirinn amháin a théann lucht na cumhachta agus na polaitíochta amú. Ach tarraingíonn cás seo Mhassachusetts aird a cheist eile: ar cheart go ngabhfaí chomh géar céanna orthu siúd a théann amú in Éirinn má thaispeántar go bhfuil an dlí sáraithe acu?

Folúntas

THE HONORABLE SOCIETY OF KING'S INNS

DEISEANNA OIBRE DEN SCOTH LEIS AN AONTAS EORPACH DO CHÉIMITHE LE GAEILGE

- **Ard-Dioplóma sa Dlítheangeolaíocht agus san Aistriúchán Dlíthiúil**
- **Ard-Dioplóma san Aistriúchán Dlíthiúil**

Earcaíonn an tAontas Eorpach aistritheoirí agus dlítheangeolaithe go tráth rialta. Tá ganntanas ar an AE faoi láthair maidir le haistritheoirí dlíthiúla agus dlítheangeolaithe[1] le Gaeilge.

Deireadh Fómhair 2012 - Bealtaine 2013 tairgfidh Óstaí an Rí cúrsaí páirtaimseartha ardleibhéil chun rannpháirtithe a chumasú le cur isteach ar fholúntais mar aistritheoirí dlíthiúla le Gaeilge agus dlítheangeolaithe le Gaeilge le hInstitiúidí an AE.

Seasfaidh na cáilíochtaí seo freisin don té ar suim leis fostaíocht taobh amuigh d'Institiúidí an AE. Tá maitheamh táillí ar fáil do dhaoine a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu. Ní gá cáilíocht sa Dlí don chúrsa san Aistriúchán Dlíthiúil.

Foirmeacha iarratais & tuilleadh eolais ar fáil ag
www.kingsinns.ie/gaeilge.htm
agus ó : daithi.maccarthaigh@kingsinns.ie 087-2368364.

Cuireann an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta tacaíocht ar fáil don dá chúrsa seo.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

[1] Daoine, a bhfuil cáilíocht ghairmiúil sa dlí nó céim sa dlí acu, a dheimhníonn go bhfuil leaganacha éagsúla de achtachán i dteangacha éagsúla ag teacht lena chéile.

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

Dúramáin ró-íoctha RTÉ

TÁ RTÉ faoi bhrú i láthair na huaire de bharr na gconspóidí a lean an t-eagrán clúmhillteach de Primetime Investigates mar gheall ar an Athair Kevin Reynolds agus an méid a thit amach le linn na díospóireachta ar The Frontline roimh thoghchán na hUachtarántachta.

Am cinniúnach é seo don chraoltóireacht sheirbhís phoiblí ar an oileán seo. Agus ní miste san. Ba cheart go mbeadh craoltóireacht sheirbhís phoiblí freagrach don phobal - agus ní gá gur ionann sin agus, abair, Údarás Craoltóireachta na hÉireann, eagraíocht neamhthofa neamhrialtasach a bhfuil iar-Ard-Stiurthóir RTÉ, Bob Collins, ina chathaoirleach air dála an scéil.

Ní bhaineann mo ghearán inniu le ceachtar den dá scéal thuasluaite, cé go bhfuil an oiread céanna míshuaimhnis orm faoin gcliseadh caighdeáin ag an gcraoltóir náisiúnta sa dhá chás sin agus a bheadh ar aon duine réasúnach.

Dá mhéid fiosrúcháin atá déanta agus atá á dhéanamh faoi na ceisteanna a eascraíonn, is amhlaidh nach bhfuilimid aon phioc níos giorra d'iomlán na fírinne na do fhreagracht cheart anois ná mar a bhíomar roimh na bhfiosrúchán.

Dá mbeadh botún déanta agamsa le mo linn agus é an deichiú chuid chomh costasach do chlú agus do chiste m'fhostóra, bheadh bata agus bóthar faighte agam seachas uaireadóir órga nó post eile ar chúl na líne catha nó ón bhuaic-am féachana.

Baineann ábhar mo bhuartha le ceist a chuir an chraoltóir Pat Kenny, an craoltóir is costasaí sa tír, le linn dó a bheith ag cur an Aire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, faoi agallamh ar a chlár raidió le déanaí.

"*Does the teaching of Irish in primary schools interfere with the teaching of other languages?*" d'iarr Pat go neafaiseach.

An focal sin "*interfere*" a chuireann as dom. Is focal é atá trom le bagáiste. Rinne sagairt 'interferáil' le páistí óga agus a leithéid, mar shampla.

An bhfuil aon fhianaise ann gur chuir múineadh na Gaeilge isteach ar mhúineadh aon teanga eile inár scoileanna náisiúnta seachas tuairim leathbhácáilte frith-eolaíoch dhá dhúramán ró-íoctha agus é craolta ar na haerthonnta?

Níl aon argóint faoi ró-íoc; ach dúramáin? An bhfuilim róchrua ar Phat agus ar Ruairí? Caolseans.

Pat Kenny

Tá an tír seo á rialú ó bunaíodh an Stat ag dúramáin, bídís i Rialtas nó sna meáin, agus ní gá ach féachaint ar na teipeanna a d'fhag siad féin agus a leithéid ina ndiaidh le beagnach céad bliain anuas leis an argóint sin a chosaint.

An mó uair atá an bhréag sin - go gcuireann múineadh na Gaeilge sna bunscoileanna bac ar fhoghlaim theangacha eile - cloiste againn ó dhaoine údarásacha?

Leithéidí Ed Walsh, a chreideann, is cosúil, má fhoghlaimíonn tú an Ghaeilge go bhfuil níos lú spáis i d'inchinn chun teangacha eile úsáideacha, ar nós Sínis nó Gearmáinis, a fhoghlaim.

Bhí seisean ina Uachtarán Ollscoile, é freagrach as oideachas a chur ar na glúnta de dhaoine óga agus iad a sheoladh i bhfarraige mhór an tsaoil. Is in Éirinn freisin a tógadh an Titanic....

Deintear neamhiontas den fhianaise ó eolaithe agus ó lucht taighde ar an taobh eile, go gcuidíonn sé leis an bpáiste má shealbhaíonn sé nó sí teanga go hóg chun teangacha eile a fhoghlaim ina dhiaidh sin.

Gan amhras tá na sceana amuigh faoi láthair agus iarrachtaí á dhéanamh ciorruithe a dhéanamh don Troika agus a gcuid airgid a choimeád ar bord.

Tá sin tábhachtach, nó gan an Troika ní bheadh aon airgead ann chun pinsin a íoc le polaiteoirí agus iad fós i gcumhacht nó pacáistí dochreidte a thairiscint do stát-sheirbhísigh agus iad ag eirí as, in ainneoin gurb iad a thiomáin sinn ar na carraigeacha.

Mar dhlaoi mhullaigh air sin, tá siad ag moladh anois gan an pinsean a íoc le dhaoine a éirionn as ag 65 go dtí trí bliain ina dhiaidh sin. Idir an dhá linn beidh siad 'dífhostaithe'. Bheadh sé ina údar mhagaidh ach go bhfuil sé chomh tragóideach.

Is cinnte go mbeidh tráchtairí ag plé le Pat agus lena chairde faoin 'réasúnaíocht' ata leis an moladh sin, áfach, moladh atá againn mar oidhreacht ó Fhianna Fáil ach nár chuir a gcomharbaí ar leataobh, iad ag caint go glórach faoina híobairtí ba mhaith leo an cosmhuintir a dhéanamh cé nach bhfuil siad féin sásta a macasamhail a dhéanamh ar chor ar bith.

Tacaímis le hagóideoirí Chonamara

NÍ haon iontas go bhfuil fonn réabhlóide ar dhaoine. Fuaireas bileog le déanaí ó Sheosamh Ó Cuaig, craoltóir agus ceannródaí, fear a d'éirigh as a chúramaí le Raidió na Gaeltachta le déanaí ach nár lig a mhaidí le sruth. Tá sé féin agus Pádhraic an Táilliúra Ó Conghaile, gníomhaí grod eile ó Chonamara, ag eagrú agóide ag Comhdháil an Lucht Oibre a bheidh ar siúl i nGaillimh ag an deireadh seachtaine. Tá liosta na gcúiseanna ar eolas agaibh - an muirir teaghlaigh, bagairt ar na scoileanna beaga agus a leithéid - ach is fiú tacú leis an agóid fiú is nach bhfuilim cinnte go dtugtar aon chluas d'agóidí níos mó. Táimíd sáite i dtromluí nach féidir a chur ar ceal nó táimíd inár ndúiseacht. Dá mhéid a dheinimid ar son na tíre a thabhairt slán ón dtubaist seo is mó fós a iarrtar orainn a dhéanamh.

Chuala sé a dhóthain is dócha! An tAire Oideachais Ruairi Quinn ag St Benedict's National School, Ongar, Baile Átha Cliath an mhí seo caite ag iarraidh labhairt le gasúr óg darb ainm Dylan Fitzsimons [PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Cuireann sé an scannán úd, Network, i gcuimhne dhom. Tar éis dó na blianta a chaitheamh ag cur na nuachta i láthair go réasúnta agus go fuarchúiseach, titeann an lug ar an lag don phríomhcharachtar agus é i mbun a chraoladh dheireannach tar éis dó an scéal a fháil díreach roimhe sin go raibh sé le cur chun bealaigh de bharr aoise.

Mhol sé dá lucht féachana dul chun na fuinneoige agus scairteadh amach in ard a ngutha:

"Táim ar deargbhuile agus nílim chun glacadh leis seo a thuilleadh!"

B'fhéidir go bhfuil sé in am dúinn inar slí ciúin féin an teachtaireacht seo a chur in iúl do Ruairi Quinn agus a chomhleacaithe Rialtais i slí nach mbeidh aon dul as aige ach cluas a thabhairt dúinn!

Duine éifeachtach ceaptha mar Oifigeach Gaeilge Shinn Féin!

LE déanaí fuaireas teachtaireacht ó sheanchara liom ag maíomh gur beag nár thachtaigh sé ar a chalóga arbhair am bricfeasta agus é ag léamh moladh uaim do Shinn Féin in eagrán na seachtaine sin. (Gael na nGael a léann Gaelscéal am bricfeasta ar lá a éisithe agus an Gael is Gaelaí ar fad a léann an colún seo! - sin díograis duit agus goile láidir!)

Ba mhaith liom fainic a chur ar an bhfear céanna anois, ná léigh a thuilleadh go mbeidh do chalóga ite agat

Tá moladh ag dul do Shinn Féin as Oifigeach Náisiúnta Gaeilge a cheapadh. Is moladh é seo a bheadh á dhéanamh agam ar aon nós fiú mura mbeadh aithne mhaith agam ar an té atá ceaptha, Liadh Ní Riada ó Chúil Aodha. Duine éifeachtach stuama agus samhlaíoch atá ceaptha ag Sinn Féin chun dul i mbun na hoibre is tábhachtaí dar liom. Níl a leithéid in aon pháirtí eile agus tá obair dhúshlánach roimpi agus í go maith ábalta do! Leanfar leis an ghnathsceanairt sa cholún seo an chéad uair eile!

Aire an Achta Teanga ag blagáil – as Béarla!!

TÁ an t-iar-Aire Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, tar éis blag nua a thosnú, ocuiv.blogspot.com. Is maith an rud é go mbeadh a thuairimí, cé acu an aontaíonn tú leo nó nach n-aontaíonn, amuigh os comhair an tsaoil. Go dtí seo, áfach, is i mBéarla amháin atá an fear a thug dúinn Acht na dTeangacha Oifigiúla Uaidh ag blagáil, seachas 'Dia Dhaoibh' ag tús a chéad bhlag.

Beatha duine thoil dá mba sé ag gabhail a thóin sa loch, ach feictear domsa gur vóta mímhuiníne iomlán ina reachtaíocht féin a bheith ag tabhairt uaidh anois I mBéarla ar fad.

Vóta mímhuiníne eile sa nóisean go nGaelaítear an tír agus an náisiún Éireannach domhanda le linn Fhéile Phádraig, an fhéile a tháinig mar thoradh ar fheachtas Chonradh na Gaeilge ag tús an chéid seo chaite.

Seo é Enda Kenny, ár dTaoiseach, ag caint faoin Éireannachas ina theachtaireacht fhéiltiúil ar uTube - agus é ar fad i mBéarla go dtagann sé chuig an cúpla focal Gaeilge ag an deireadh.

Go deimhin ní luann sé saibhreas na teanga ar chor ar bith agus é a tracht ar ár seoda cultúrtha.

Vótaí mímhuiníne ó chinnirí ár linne. Lá éigean beidh an bhróg ar an gcos eile.....

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Éirí Amach na Cásca 1916 - Laochra dar leis an chuid is mó

LE 40 bhliain anuas, rinne 'athbhreithniúchóirí' gach iarracht a bheag a dhéanamh de cheannairí Éirí Amach na Cásca 1916 agus de na daoine a throid faoina gceannas.

Rinneadh gach iarracht ceannairí 1916 a mhaslú agus dlisteanacht an Éirí Amach a ionsaí. Is féidir seasamh láidir a ghlacadh i gcoinne an fhoréigin agus tá an ceart sin ag daoine.

Comh maith leis sin, tá sé sláintiúil go mbeadh an ceart daonlathach ag gach duine gach rud a cheistiú agus tá sé sláintiúil go mbeadh daoine in ann fiú laochra na tíre a chur faoi scrúdú.

Tá an ceart sin acu mar gheall ar an daonlathas a bhain Cogadh na Saoirse amach dóibh, cogadh a bhí mar thoradh díreach ar Éirí Amach 1916.

Ní raibh aon daonlathas ar fáil do mhuintir na hÉireann ag an am sin. Diúltaíodh dó.

Dé Domhnaigh, bhí an Taoiseach, An tUachtarán, na Fórsaí Cosanta in éineacht le sluaite de ghnáthdhaoine na hÉireann os comhair an GPO chun ómós a thabhairt do cheannairí 1916.

Mar sin de, is féidir linn a rá le muinín, gur theip ar na hiarrachtaí seo chun meas ar Éirí Amach 1916 a laghdú i measc na ndaoine.

Is léir go measann tromlach de mhuintir na hÉireann gur laochra iad ceannairí 1916 go dtí an lá atá inniu ann agus go bhfuil siad buíoch as an saoirse - fiú má rinneadh go leor botúin leis an saoirse sin, b'fhearr sin ná gan an tsaoirse sin a bheith ann in aon chor.

Cé go bhfuil Éire críochdheighilte le 90 bliain, b'fhiú cuimhneamh nach ar son neamhspleáchais an chuid is mó d'Éirinn a throid fir agus mná 1916, ach ar son neamhspleáchas na tíre ar fad.

Is fiú cuimhneamh ar an bhéim a leag ceannairí 1916 ar chearta sóisialta, ar an daonlathas, ar chearta na mban, ar chearta creidimh agus ar ndóigh ar an Ghaeilge.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Le Donncha Ó hEallaithe

Mac Aonghusa agus Mac Ádhaimh

Scór bliain ó shin, sa nuachtán seachtainiúil Gaeilge ANOIS, a bhí á fhoilsiú ag Gael Linn ag an am, d'iarr an colúnaí Proinnsias Mac Aonghusa ar dhaoine i mBéal Feirste vóta a thabhairt do Gerry Adams (Sinn Féin) seachas Joe Hendron (SDLP) i dtoghchán Westminister 1992.

Thuig Proinnsias Mac Aonghusa go raibh an tús curtha le comhráití faoi shíocháin idir Adams ó Shinn Féin, Hume ón SDLP agus rialtas Haughey. Leis an bpróiseas síochána a choinneáil ar na ráillí, cheap go leor daoine go raibh sé tábhachtach nach gcaillfeadh Adams an suíochán i Westminister, suíochán a bhí aige ó 1983, ní le bá do Shinn Féin ach ar mhaithe le Sinn Féin agus an IRA a mhealladh ón bhfeachtas marfach míleata, a bhí ar bun le os cionn scór bliain ag an bpointe sin.

Mar go raibh Proinnsias Mac Aonghusa ina chathaoirleach ar Bhord na Gaeilge ag an am, tharraing a thacaíocht d'Adams caint. D'ardaigh an Fine Gaelach ó Chontae Lú, Brendan McGahon, TD, ceist sa Dáil faoi cé chomh hoiriúnach is a bhí sé go mbeadh cathaoirleach ar Bhord Stáit ag iarraidh ar dhaoine vóta a chaitheamh d'iarrthóir Shinn Féin.

Ina fhreagra ar an gceist ó McGahon, dúirt an tAire Stáit i Roinn na Gaeltachta, Pat the Cope Ó Gallchóir TD, nárbh é seo an chéad uair a bhí air a mhíniú don Dáil nach raibh aon fhreagracht ar an Rialtas as rudaí a déarfadh Mac Aonghusa agus gurb é polasaí an Rialtais go mba chóir lántacaíocht a thabhairt do na náisiúnaithe bunreachtúla i dTuaisceart Éireann.

Mar a tharla, chaill Gerry Adams a shuíochán do Bhéal Feirste Thiar i bParlaimint na Breataine le 589 vóta sa toghchán sin. Ceaptar gur vótáil thart ar 2,500 dílseoir ó Bhóthair na Seanchille go beartach d'iarrthóir an SDLP, Joe Hendron, mar straitéis toghchánaíochta a bhí eagraithe ag an UDA leis an suíochán a bhaint d'Adams.

ANOIS, 4/5 Aibreán, 1992

9 Aibreán: 'dáta tábhachtach i stair na tíre seo'

Proinnsias Mac Aonghusa

"Feisirí ar fónamh iad John Hume agus Séamas Mallon. Ní ghá do dhuine aontú le gach a ndeir siad nó lena mbealach labhartha lena ceapadh gur dona an rud é dá gcaillfidís a suíochán....

Maidir le Eddie McGrady, níl eolas chomh fairsing air is atá faoin mbeirt eile ach, de réir mar a thuigim, is feisire é a dhéanann a chuid oibre go beacht. Tá vóta na náisiúnaithe tuillte aige...

Buille eile d'Éirinn a bheadh ann, dar liomsa, dá mbuailfí Gerry Adams i mBéal Feirste Thiar. Ar fud na hEorpa agus i Meiriceá agus in áiteanna eile sa domhan, measaimse go bhféachtar ar Gerry Adams mar chranntaca ar leith shaoirse Thuaisceart Éireann ó sheilbh agus riail Shasana. Dar liomsa, tá neart a bheadh ag vótáil don SDLP ar fud na Sé Chontae Déardaoin seo chugainn a thabharfadh a vóta do Gerry Adams dá mba i mBéal Feirste Thiar a bheidís.

Ar ndóigh, ní rachaidh sé go Westminister. Ar ndóigh, ní ghlacfaidh sé móid dílseachta don Bhanríon Eilís. Ar ndóigh, is beag an mhaith é don té ina thoghlach atá ag iarraidh rud éigin ar an státchóras. Ach ní hin (sic) atá i gceist i mBéal Feirste Thiar.

Dar liomsa is faoi éileamh na hÉireann a saoirse a bheith aici an toghchán sa cheantar stairiúil sin. Dá mbuailtí Gerry Adams, bheadh lúchair ar go leor nach maith iad, dar liom, in Éirinn agus sa Bhreatain. Bua d'impiriúlachas Shasana a bheadh i mbualadh Gerry Adams. Má tá lucht Sinn Féin leis an gceart a dhéanamh sa Dún agus seasamh le Eddie Mc Grady, tá sí de dhualgas, dar liomsa, ar gach duine measúil náisiúnta i mBéal Feirste Thiar tacaíocht a thabhairt do Gerry Adams ar an Déardaoin seo chugainn. Agus ní hionann vóta dó agus vóta don IRA.'

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Glór na Tuaithe

Ar fud na tíre ar fad--sna cathracha , sna bailte móra agus faoin tuaith—tá na daoine ag fógairt ar an rialtas "Éirí As". Ach an oiread leis an dream a chuaigh rompu níl an rialtas seo ag éisteacht. Is mó an aird ar fad atá ag Fine Gael agus ag an Lucht Oibre ar an mBruiséil agus ar Bheirlín. Tabharfaidh siad aire do bhancanna na Gearmáine agus do bhancanna eachtrannacha eile agus fágfaidh siad fúinne, pobal tuaithe na tíre, agus faoinár mbráithre sna bailte, an téiléireacht a íoc.

Ar an 14ú lá d'Aibreán beidh deis againn iallach a chur ar an Lucht Oibre éisteacht le Glór na Tuaithe. Tá muid ag impí ar an bpobal agóid a dhéanamh i nGaillimh an lá sin taobh amuigh de Chomhdháil Pháirtí an Lucht Oibre a bheas ar bun san Ollscoil. Baileoidh muid le chéile ar an bhFaiche Mhór ag 2.p.m.

Tá neart údair chasaoide againn:

1. 600 scoil bheag i gcontúirt agus airgead gearrtha ar na scoileanna ar fad.
2. An córas sláinte ina phraiseach agus an cruatan is mó ar na daoine atá i bhfad ó na bailte móra.
3. Stop curtha ag an rialtas le tógáil tithe Comhairle Contae.
4. Praiseach déanta ag Phil Hogan de chás na ndabhchanna séarachais.
5. Cáin curtha ar na tithe le súil is go n-íocfaidh daoine groíúla ionraice na tíre seo fiacha cearrbhachais na mbocanna móra.
6. Oifigí poist á ndúnadh.
7. Stáisiúin Gardaí á ndúnadh agus laghdú déanta ar an méid carranna patróil atá ag dul amach.
8. Fiach an mhada rua curtha ag Joan Burton ar dhaoine atá ag braith ar chúnamh leasa shóisialaigh agus aire na gloine tugtha don dream a rinne ciseach den tír.
9. Scéal bhaint na móna le réiteach fós.
10. An mhianadóireacht ar a dtugtar "fracking" á spreagadh agus cosc á chur ar bhaint na móna.
11. Pat Rabitte ag tabhairt ár n-acmhainní nádúrtha ar láimh do chomhlachtaí eachtrannacha agus gan brabach ar bith i ndán do mhuintir na hÉireann.
12. Gan meas mada ag RuairÍ Quinn ar an nGaeilge.
13. Céim síos tugtha d'Údarás na Gaeltachta agus Brendan Howlin breá sásta go bhfuil.
14. Buille mór tugtha do na Scéimeanna Fostaíochta Pobail.

Bígí ann
Is muide, le meas,
Pádraic an Táilliúra Ó Conghaola 087-7682933
An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig 095-33428 nó 087-2194247

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Aibreán, 2012

Ní tharlódh sé ar sheirbhísí eile RTÉ!

Eoghan Ó Néill

Gearóid Ó Cairealláin, am éigin ag tús na 1980í, ina theach in Haypark Avenue, ag caint le craoltóir Raidió na Gaeltachta, (Timlín Ó Cearnaigh sílim) agus é ag tabhairt tuairisc ar líon na ndaoine a maraíodh sa Tuaisceart an oíche roimhe sin.

Na héisteoirí ab fearr éisteachta amháin a bhraith an macalla sa chúlra, mar a bheadh cnag ar dhoras, monabhar agus ansin glór Ghearóid ag fógairt, "A Thimlín, caithfidh mé imeacht. Tá ball den RUC in aice liom anseo agus tá sé do mo ghabháil as gan fíneál a íoc."

Tost nár mhair i bhfad agus ansin Gearóid arís, "Breast, críochnóidh mé an tuairisc seo ar dtús. Ní thuigeann mo dhuine focal agus go tigh 'diabhail leis, beidh air fanacht!"

Agus chríochnaigh sé a thuairisc sular cartadh ar shiúil go príosún é as gan fíneál a íoc cionn is nach raibh an páipéarachas ar fáil i nGaeilge.

Ba é Raidió na Gaeltachta fuaimrian na réabhlóide Gaeilge a bhí ar bun ag ár macasamhail sa Tuaisceart le 20, 30, 40 bliain anuas.

Ba é Raidió na Gaeltachta a thug ardán dúinn, a chuir muid ag caint le Gaeil ar fud na tíre, a chuir muid ag éisteacht le Gaeil a bhí ag déanamh an rud céanna, a thug misneach dúinn in am an lagmhisnigh.

Agus cén t-iontas go raibh an ról sin ag stáisiún raidió a bunaíodh mar gheall ar réabhlóid sa Ghaeltacht féin tuairim is 40 bliain ó shin.

An t-am sin, chuaigh pobal na Gaeltachta amach gur bhunaigh siad Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta agus d'éiligh siad rudaí áirithe.

Agus nuair nach bhfuair siad sásamh chuaigh siad i mbun feachtais toghchánaíochta agus agóidíochta agus stocaireachta.

I gcás an raidió, seachas fanacht ar an stocaireacht agus ar an phléadáil, chuaigh lucht na Gaeltachta amach gur chuir siad a stáisiún féin ar bun, Saor Raidió Chonamara.

Agus is as na fréamhacha réabhlóideacha sin a tháinig ann do Raidió na Gaeltachta, gur thosaigh sé ag craoladh Domhnach Cásca 1972.

Tá scéal a bhunaithe ina lóchrann do phobail ar fud na tíre agus cló gorm é a d'úsáid muid féin, Gaeil Bhéal Feirste, go mion is go minic ó shin.

Agus tá ann do Raidió Fáilte inniu díreach cionn is gur leanamar múnla Raidió na Gaeltachta.

Ó chéad chuir mé suim sa Ghaeilge agus mé i mó dhéagóir bhí Raidió na Gaeltachta ar an ghléas is suntasaí do mo chuidiú agus do mo spreagadh.

Cúigear den chéad seachtar craoltóirí a thosaigh le Raidió na Gaeltachta nuair a cuireadh tús leis an stáisiún siar in 1972, 40 bhliain ó shin an tseachtain seo caite. Ó chlé tá Breandán Feiritéar, Maidhc P. Ó Conaola, Meaití Jó Shéamuis, Timlín Ó Cearnaigh agus Seán Ó Tuairisg. [PIC : ANDREW DOWNES]

Ar dtús ba ghléas foghlamtha agam é, ag foghlaim ní amháin Gaeilge na Gaeltachta - agus leag Raidió na Gaeltachta síos ardchaighdeán ó thaobh caighdeán urlabhraíochta na gcraoltóirí ar fad acu - ach lig sé domsa agus do gach duine eile sa tír aithne a chur ar canúintí uile na Gaeilge.

Ba foinse iontach téarmaíochta é R na G agus chruthaigh sé, ar bhonn laethúil, go raibh an Ghaeilge beo agus in ann plé le cúrsaí reatha a bhí úr agus te bruite.

Thaitin sé riamh liom faoi Raidió na Gaeltachta gur thuig siadsan, thar aon chraoltóir eile sa tír, tábhacht agus pléisiúr an cheoil traidisiúnta.

Bhíodh ardán ann don cheoltóir ba lú iomrá go dtí an duine b'iomráití.

Agus is cartlann gan sárú an chartlann ceoil atá ag Raidió na Gaeltachta.

Am toghcháin is údar bróid dúinn a fheabhas is a bhíonn Raidió na Gaeltachta.

Fágann siad a gcomhchraoltóirí Béarla in áit na leathphingine.

Agus ó mo thaithí féin, tá a fhios agam a thallannaí is atá / a bhí craoltóirí an stáisiúin.

Máirín Ní Ghadhra, Seosamh Ó Cuaig, Seán Bán Breathnach, Seán Ó Tuairisc, Norita Ní Chartúir, Áine Ní Churráin, Timlín Ó Cearnaigh, Áine Ní Dhíoraí, Conall Ó Dubhthaigh, Máirtín Mac Donnchadha, Máirtín Tom Sheáinín, Seamas Mac gCéidigh, Seán Ó hÉanaigh, Gormfhlaith Ní Thuairisc, Rónán Mac Aodha Bhuí, Eoin Ó Murchú, Seán Ó hÉanaí, Póilín Ní Chiaráin, agus Tomás Mac an Iomaire, gan ach dornán a lua.

Thug cláir Raidió na Gaeltachta ardán do chraoltóirí den scoth, do cheoltóirí den scoth agus do phobal na Gaeilge in iomlán a n-éagsúlachta.

Ar a chláir cainte agus a chláir scairte isteach, ina ndíospóireachtaí stiúideo agus ina 'vox pop.' Ar Admhaidin agus Barrscéalta agus Iris Aniar agus fiche ceann eile, ardán ní amháin na Gaeil sa bhaile ach na Gaeil i gcéin. Cé chomh minic ar éirigh le Raidió na Gaeltachta Gael a fháil sa Rúis nó in Siria, i Ruanda nó sa Nigéir nuair a bhí scéal mór á tuairisciú i gcéin?

Agus ag cloí lena thraidisiún ceannairceach, dar liom gur lú díograise a bhain le cur i gcrích Alt 31 i Raidió na Gaeltachta ná in aon chuid eile de na meáin ó dheas.

Thug Raidió na Gaeltachtaí réaltaí raidió dúinn.

Thug sé Gaeilge líofa nádúrtha na Gaeltachta dúinn 24 uair sa lá sa seomra suí nó ar an ionad tógála nó sa charr. Agus cé go raibh bunú TG4 iontach suntasach, fosta níl an formhór againn fós ag iompar teilifíseáin thar timpeall linn 24 uair sa lá.

Gan Raidió na Gaeltachta againn le 40 bliain anuas bheadh an teanga níos boichte agus muidne níos boichte chomh maith.

Is fiú €200 milliúin an t-alt seo!

Conall Ó Móráin

Tá comhghleacaí agam a d'fhreastal ar chúrsa eacnamaíochta d'iriseoirí an tseachtain seo caite, cúrsa a d'athraigh a dearcadh ar an domhan ar bhonn cuíosach bunúsach. Ní ghlacfaidh sí a thuille le figiúirí loma i bpreasráitis mar gur fhoghlaim sí cé chomh cam is féidir a bheith le huimhreacha.

De bharr aoise agus cleachtaidh, b'fhéidir, ní minic a ghlacaim féin le focal i bpreasráiteas. Thaispeáin na blianta a chaith mé ag stocbhróicéireacht gach cleas airgeadais a bhí ann ag an am dom, rud arís a mhúin dom nach féidir a bheith cinnte faoi inspreagacht fhíor daoine riamh. Ní hé amháin go gcaithfear breathnú taobh thiar d'aon scéal ach ansin is cóir breathnú taobh thiar dóibh siúd atá taobh thiar den scéal.

Féach ar chás an Chrannchuir Náisiúnta. Tá mé tar éis na scéalta ar fad sna meáin a léamh faoin fhonn atá ar an Rialtas ceadúnas 20 bliain chun an crannchur a rith a dhíol. Níl aon deacracht agamsa leis an mhéid seo mar ní gnó aon rialtais é crannchuir a rith, an fhad go gcoimeádann rialtóir an Rialtais an Mafia agus a leithéid amach uaidh agus go bhfaigheann muidne, saoránaigh na tíre, na buntáistí airgid as an cháin a chuireann muid ar ár ndúracht féin nuair a cheannaíonn muid ticéad (mise ina measc!).

Seo roinnt don tráchtaireacht faoin bpróiseas díolachán. 'Is chun díol as ospidéal nua do pháistí a dhíolfar é' (faoi láthair tá na pleananna chun an t-ospidéal seo a thógáil ina smidiríní dá bhrí sin ní fios cé mhéad a chosnóidh sé). Tá €200m, €400m nó €600m ag teastáil chun an t-ospidéal a thógáil de réir na dtuairiscí difriúla.

Seo an píosa is fearr liom. De bharr go mb'fhéidir go gcosnóidh an t-ospidéal €600 milliúin, sin an praghas a chaithfidh an rialtas a fháil ón margadh chun ceadúnas an chrannchuir a dhíol. Tá an ráiteas sin chomh hamaideach liomsa a rá le heagarthóir Ghaelscéál go bhfuil carr nua uaim agus dá bharr go bhfuil mé ag lorg €20,000 ar an alt ionas go mbeinn in ann carr a cheannach. Ní mar sin a oibríonn an saol, faraor.

Is gnó é an crannchur. Tá comhlachtaí ar fud an domhain a cheannódh an ceadúnas. Tá fios gnó na gcrannchur ag na comhlachtaí céanna, comhlachtaí cosúil le Camelot a bhfuil aithne ag muintir na tíre seo air de bharr na fógraíochta a dhéanann siad ar chláir theilifíse Sasana, áit a ritheann siad an crannchur Breatnach.

Is le ciste pinsin mhúinteoirí Cheanada Camelot agus tá siad tar éis nod láidir a thabhairt go bhfuil fonn orthu iarratas ceannaithe a chur isteach ar ár gceadúnas. Ach breathnóidh comhlacht Camelot go simplí ar an mhargadh ar bhonn an mhéid airgid is féidir leo siúd a dhéanamh as dá gcuid scairshealbhóir, sin iad na múinteoirí a bhfuil a bpinsin sa chiste pinsin.

Tá sé do dhualgas orthu, mar fhoireann bhainistíochta, an méid sin a dhéanamh. Ná ceap go bhfuil siad chun €600 milliúin a thabhairt don rialtas díreach mar gurb shin an mhéid atá de dhíth ar an rialtas chun ospidéal a thógáil! Agus seo laige na dtráchtaireachtaí sna meáin go dtí seo. Nuair a deir Michael O'Leary go raibh 80% de shuíocháin Ryanair lán, níl ansin ach trí cheathrú cuid don scéal mar go ndéanann Ryanair roinnt mhaith den bhrabach bhliantúil atá acu as na bealaí eile atá acu chun airgead a bhaint dúinn, idir cead a bheith againn málaí a ghlacadh linn nó chun ceapaire a

An fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste?

Páidí Ó Lionáird

"Tá fáilte romhat," a cheapas a bhí cloiste agam. Ní haon ábhar iontais é sin i'm ghnáthshaol, mé i'm chónaí sa Ghaeltacht áit a mbeannaíonn daoine dá chéile i nGaeilge lá i ndiaidh lae, gach lá. Ach bhí sé seo difriúil agus ansin cheapas gur chuala "go raibh maith agat" ón fhoinse céanna.

D'fhéachas suas i dtreo láthair na gcomhráití go bhfeicfinn cé a bheadh ag labhairt Ghaeilge ag an stáisiún breosla i gCrosaire Uí Ruairc, ar an N20 idir Ráth Luirc, Brú na nDéise agus Béal Átha Grean. Fear óg gealgháireach le craiceann de dhath coimhthíoch iasachta laistigh den chuntar a bhí ag freastal ar an scuaine custaiméirí a bhí bailithe i láthair.

Ba leor san le meabhrú dom go gcaithfeadh gur ón raidió a bhí an Ghaeilge ag teacht.

É sin go dtí gur shroicheas féin an cuntar. Bhí buidéal uisce le ceannach agam móide luach líonta tainc díosal.

"Is that the lot?" a d'iarr an freastalaí orm. "Diesel from no. 3 as well," arsa mise leis agus shíneas mo chárta creidmheasa chuige. B'ansin a d'fhéadfá mé a leagadh le cleite mar go ndúirt sé "Go raibh maith agat" liom agus i ndiaidh dó é a chur sa mheaisín ríomhaireachta, d'iarr sé "cuir isteach d'uimhir más é do toil é."

Bíodh is go rabhas i laige, dúrt leis go gcuirfinn.

"Tá Gaeilge agat?" a dúirt mé.

"Tá beagán Gaeilge agam. Tá Gaeilge agat féin?" ar sé.

"Tá," arsa mise, "Gaeilge ó dhúchas."

Faoin tráth seo, bhíos tagtha chugam féin agus mé tar éis an láthair tíreolaíochta ina rabhas móide dath craicinn mo dhuine a chur ar chúl mo chinn.

Sula gceapann éinne a mhalairt, ní le teann ciníochais a bhí an t-amhras seo orm. A mhalairt ar fad. Ach nuair a bhíonn tú i gcleachtadh na Gaeilge a chloisteáil i ngnáthchomhrá de bharr na láthrach tíreolaíochta, baintear barra thuisle díot nuair a tharlaíonn a mhalairt.

T-léine cruthaithe ag 'iorarua'

"Cár fhoghlaim tú do chuid Gaeilge?" a d'iarras air. "I mBrú Rí," a d'fhreagair sé, urú agus uile i gceart aige. "Bíonn ranganna gach seachtain ann," a lean sé. "Cad is ainm agus cad as duit?" a d'iarras air. "Waqas as an bPacastáin," a dúirt sé agus litrigh sé a ainm dom.

Cinnte bímid ag súil le Gaeilge a chloisteáil ag Oireachtas na Samhna nó Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge ach ní bhímid ag súil le Gaeilge a chloisteáil lasmuigh de na láithreacha dioscúrsa coitianta dúinn.

Ar ais ag mo scéal. "Cár fhoghlaim tú do chuid Gaeilge?" a d'iarras air. "I mBrú Rí," a d'fhreagair sé, urú agus uile i gceart aige.

"Bíonn ranganna gach seachtain ann," a lean sé.

"Cad is ainm agus cad as duit?" a d'iarras air.

"Waqas as an bPacastáin," a dúirt sé agus litrigh sé a ainm dom. Chreathamar lámha agus bheannaíomar dá chéile arís sular éirigh an scuaine taobh thiar (a bhí go hiomlán trína chéile faoina láithriú féin anois freisin) mífhoighneach.

Cá bhfuil mo thriail leis an scéal seo? Bhuel, le bliain anuas tá cuireadh tugtha dom labhairt ag dhá ócáid anéagsúil faoi ábhair ghaolta, cosúil ach difriúil.

Thug an Dr. Regina Uí Chollatáin cuireadh dom anuraidh labhairt ag 'Seimineár lae ar thodhchaí na meáin chlóite i nGaeilge.' Cúpla seachtain ó shin, d'iarr Julian De Spáinn orm labhairt ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge ar ábhar 'Comhstraitéis Ghníomhach Uile-Éireann don Ghaeilge - a chuimseoidh an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ó dheas 2010-2030, Straitéis Ghaeilge ó thuaidh & aon samhail nua mhaoinithe ag Foras na Gaeilge'.

Bhí malairt tuairime san iomlán á nochtadh agam sa dhá chaint. Bhí agus cúiseanna an-mhaithe leo, dar liom. Ó thaobh na hiriseoireachta dhe, agus ní haon údar nó guru mise i dtaobh na Gaeilge dhe, bhí mo chuid cainte an-diúltach. Ní fhéadfainn a rá go lom agus go fírinneach gur chonac todhchaí na hiriseoireachta Ghaeilge slán amach anseo ceal iriseoirí le Gaeilge maith go leor len í a scríobh go foirfe - go cruinn ar a laghad. Níl siad flúirseach.

Ó thaobh thodhchaí na Gaeilge labhartha de - an stráitéis fiche bliain, Foras na Gaeilge, an tsamhail nua mhaoinithe agus mar sin de, bhí malairt tuairime ar fad agam. Bímíd, lucht na Gaeilge ag súil lena bhfad Éirinn an iomarca, sílim. Tá Foras na Gaeilge ann ceart go leor, eagras uileoileáin faoi stiúir na Comhaireachta Thuaidh Theas (CATT). Mar sin, tá dhá mháistir ag an eagras - múnla bainistíochta nár oibrigh go maith riamh i stair an domhain.

De réir dealraimh, tá duine éigin ceaptha (a hainm ar m'eolas dom fiú) le bheith i gceannas na stráitéise 20 bliain don nGaeilge 2010-2030 ach tá 10% den achar ama sin caite, gan faic déanta agus fós, d'ainneoin seo ar fad, tá an Ghaeilge ag dul i dtreis.

Bun agus barr an scéil, ní éireoidh linn an Ghaeilge a shlánú más ag brath ar rialtas, roinn, eagras stát, eagras dhá-stát nó ar an aimsir a bhíonn muid.

Tá Gaeilge le clos anois in áiteanna nach bhféadfaí a shamhlú go mbeadh sí cheana - ó Chluain Meala go Cluain Dolcáin. B'fhéidir nach bhfuil litriú nó scríobh nó léamh na Gaeilge chomh maith agus a bhí, nó mar ar mhaith linn go mbeadh, ach más sprioc dúinn gur beatha teanga í a labhairt, tá ag eirí linn.

---

cheannach ar bord.

Gan an píosa eolais bhreise seo, ní féidir tuiscint cheart a bheith againn ar an ghnó agus dá bharr ar luach an ghnó. Chuala mé an t-eacnamaí Jim Power ar chlár raidió ar Newstalk an lá cheana ag tabhairt a thuairimí faoi luach an Chrannchuir agus gan ach cnámh an scéil a thabhairt, dúirt sé go mbeadh €400 milliúin go maith ach go mbeadh €600 milliúin níos fearr. Níor pléadh mionsonraí an ghnó in aon chor mar gur dóigh nach bhfuil siad ar eolas ag Jim. Cur amú ama an sórt sin 'anailíse'.

Ar son mo chuid peacaí, inar rugadh mé, chuala mise plé faoi chrannchuir mar gur trí chrannchur Ghael Linn (sin an linn i Linn) a rinne an t-eagras a bhunaigh m'athar agus a chomhghleacaithe maoiniú air féin. De bharr an phlé seo, d'fhéadfadh gur ionann an leibhéal eolais atá agam ar chrannchuir agus atá ag Meiriceánaigh de bhunaidh Iodálach 'ar leo casinos i Las Vegas. Capiche?

Sula nochtaim cén fáth ar fiú, ar a laghad, €200 milliúin an t-alt seo, lig dom caveat amháin a chur isteach anseo. Má chaitheann muid breis airgid ar an gcrannchur náisiúnta caithfidh an t-airgead sin a theacht as áit éigin.

Is trua é, ach ní chruthaítear airgead as neamhní. Má théann caiteachas mhuintir na tíre ar an gcrannchur náisiúnta in airde go mór, mar a thaispeánfaidh mé díobh a d'fhéadfadh tarlú, beidh níos lú airgid ag daoine le caitheamh ar airí eile.

Cáin indíreach orainn atá sa chrannchur. Ní dhéanann an crannchur táirgeadh ar an aon earra. Ní chuireann sé leis an saibhreas náisiúnta. A mhalairt, seachas an duine a bhuann an duais mhór, bíonn formhór againn níos boichte de bharr an chrannchuir d'imirt. Cuir ceist orthu siúd a thuigeann síceolaíocht na gcrannchur faoi céard a chuireann an dúil ionainn breis ticéad a cheannach. Déarfaidh siad leat go bhfanann díolaíocht ticéad comhréidh thar achar ama (mar atá tarlaithe leis an gCrannchur Náisiúnta) go dtí go n-ardaítear líon na nduaiseanna.

Cuir ceist orthu siúd a thuigeann síceolaíocht na gcrannchur faoi céard a chuireann an dúil ionainn breis ticéad a cheannach. Déarfaidh siad leat go bhfanann díolaíocht ticéad comhréidh thar achar ama (mar atá tarlaithe leis an gCrannchur Náisiúnta) go dtí go n-ardaítear líon na nduaiseanna.

Ach tá sé mar sprioc ag an rialtas go ndíolfadh an Crannchur Náisiúnta thart ar 30% dá gcuid ioncam amach arís ar san na gcúiseanna carthanachta. Sin 'dea-scéal' an chrannchuir nach stopann siad ag cur i gcuimhne dúinn faoi sna fógraí acu.

Taispeánann an mhéid sin nach dtuigeann an tAire Howlin, agus a chomhairleoirí, dada faoi chrannchuir - rud nach gcuireann ionadh orm ach gur trua an rud é má tá an tír ag iarraidh an méid is mó airgid is féidir a ghnóthú as an gconradh a dhíol. Má tá breis airgid le fáil as an gconradh is trí na rialacha atá forchurtha again orainn féin a bhriseadh is féidir sin a dhéanamh.

Mar a deir mé, tá díolaíocht a gcuid ticéad comhréidh, a bheag nó a mhór, leis na blianta. Níor chuir muintir an Chrannchuir mórán stró orthu féin maidir le margaíocht chliste leis na blianta agus taispeánann a dtorthaí an t-easpa nuálaíochta sin.

Díreach sa bhreis ar €200 milliúin a thugann siad do na cúiseanna carthanachta sin, gach bliain. Ach, dá gceadódh an rialtas do chibé comhlacht a bhuann an 'crannchur don chrannchur', méid na nduaiseanna a ardú, ó ghar le 70% go dtí thart ar 80% tá sé taispeáinte gur féidir díolachán na dticéad a dhúbailt nó fiú a mhéadú faoi thrí. Má tá ioncam os cionn €700 milliúin ag an Chrannchur Náisiúnta faoi láthair d'fhéadfadh sé sin ardú go dtí os cionn €2 bhilliún agus chiallódh sin go mbeadh os cionn €400 milliúin in aghaidh na bliana ar fáil do chúiseanna carthanachta. Sin €200 milliúin sa bhreis ar an mhéid atá á íoc amach faoi láthair. QED mar a dheireadh mo sheanmhúinteoir matamaitice

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Eagraíodh céiriú choise urraithe i dTigh Hughes sa Spidéal le déanaí chun airgead a bhailiú do Traidphicnic, féile a thabharfaidh blaiseadh den Ghaeltacht do chuairteoirí le linn Rás Farraige Volvo i mí Iúil. Ghlac 12 páirt sa chéiriú a litrigh 'Traidphicnic' ar chosa na rannpháirtithe. Thuas tá Padraig Ó Dubhgaill, Eddie Loughlin, Ruairí Mac Con Iomaire, Bridget Barker, Andy Bleasdale, Colm Devaney, Seán De Paor agus Tony Mc Sherry.

Tom Magill ó Bhunscoil an Iúir a bheas ag déanamh ionadaíochta ar son na scoile nuair a thagann an Tóirse Oilimpeach go dtí an baile an samhradh seo. Ag tréaslú leis tá Oisín Murphy, iarscoláire na Gaelscoile a bhuaigh Craobh Peile Uile Éireann le Méanscoil Naomh Póil an tseachtain seo caite.

Baill de Siúil, grúpa siúlóide do Ghaeilgeoirí i gContae Ard Mhacha agus i gContae Thír Eoghain, a thug cuairt ar Thobar Phádraig agus ar Chathaoir Phádraig taobh leis an Chlochar i gContae Thír Eoghain le déanaí.

Roinnt den slua a bhí i láthair ag seisiún ceoil, amhránaíochta, filíochta is eile, san Arch Bar, Baile Locha Riach, Gaillimh, oíche Dé hAoine seo caite mar chuid d'Fhéile Raifteirí 2012.

Baill de Chumann Craic Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a bhuaigh 'Duais an Fhéinics' don chumann is mó feabhais ag Gradam na gCumann an tseachtain seo caite. Bhuaigh an Cumann Sóisialta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua an duais don fhoilsiúchán beag is fearr freisin.

Tá Leo Ó Braonáin as Gaoth Dobhair tar éis éirí as i ndiaidh 40 bliain mar orgánaí i Séipéal Naomh Pádraig, Mín Uí Bhaoill, Gaoth Dobhair. Rinne Sagarat Paróiste Ghaoth Dobhair, An Dr. Oirmh. Pádraig Ó Baoighill agus Citi Nic Gairbheith, ball den chór, bronnadh ar Leo le linn aifreann Dhomhnach Casca. Sa phictiúr tá Leo agus a bhean céile, Baba agus a dteaghlach chomh maith leis an Dr. Oirmh Ó Baoighill. Grianghraf: Tomás Ó Cuireáin.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ag cur an Óráin Mhóir soir – seans ag Healy-Eames taobh thall?

Máirtín Ó Catháin

FÁGFAR roinnt polaiteoirí ar charraig má cuirtear deireadh le Seanad Éireann agus d'fhéadfadh an Seanadóir Fidelma Healy-Eames a bheith ar dhuine acu. Ó socraíodh go gcaithfeadh polaiteoirí Oireachtais a gcuid suíocháin a fhágáil ar Chomhairlí Contae agus Cathrach tá stádas sách corrach ag go leor acu. Mar shampla, ba mhór an éacht a rinne leithéide Paddy McHugh in 2002 nuair a thug sé leis suíochán Dála mar neamhspleách i nGaillimh Thoir. Ach chiallaigh sin gurbh éigean dó a shuíochán Comhairle Contae - a bhí aige le fada - a fhágáil. D'athraigh an saol agus chaill Paddy McHugh an suíochán Dála in 2007. Tá sé ar an trá fholamh sa bpolaitíocht ó shin agus gan mórán seans aige filleadh ar an gComhairle Contae anois -gan trácht ar an Dáil.

Bhí Fidelma Healy-Eames (FG) andóchasach go bhfaigheadh sí féin suíochán Dála i nGaillimh Thiar cúpla geábh, ach ba é a cloch nirt an Seanad a bhaint amach. Bhí sí ina Comhairleoir Contae do thoghcheantar áitiúil an Óráin Mhóir ar Chomhairle Contae na Gaillimhe roimhe sin.

An Seanadóir Fidelma Healy-Eames

[PIC: PHOTO: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Níl aon amhras ach go bhfuil croí an tSeanadóra Healy-Eames leagtha ar shuíochán Dála i gcónaí. Ach tá beirt Theachtaí Dála ag Fine Gael i nGaillimh Thiar anois - Brian Walsh agus Seán Kyne - agus bheadh sé andeacair ag an Seanadóir ceachtar acu a chuir as a mbróga. Má thugann sí iarraidh eile faoi i nGaillimh Thiar - agus mura n-éiríonn léi - ní cosúil go mbeidh Seanad ar bith ann di an chéad uair eile. Ar ndóigh, d'fhéadfadh sí féachaint le filleadh ar an bpolaitíocht Comhairle Contae amach anseo ach sin rud a bheadh deacair aice a dhéanamh - ar bhealaí go leor.

Tá an tuairimíocht ag neartú anois go mbeadh suim ag an Seanadóir Healy-Eames iarraidh a thabhairt faoin Dáil i nGaillimh Thoir. As Maigh Locha i gcroílár Ghaillimh Thoir í an Seanadóir Healy-Eames ó dhúchas agus tá cónaí uirthi i Meáraí in aice leis an Órán Mór. Bheadh sé rí-dheacair an bheirt atá ag Fine Gael ar an taobh thoir, Paul Connaughton agus Ciarán Cannon, a chuir as a mbróga, ach b'fhéidir go mbeadh seans ag Fine Gael ar an triú suíochán thoir.

Tá go leor ag braith freisin ar athruithe a dhéanfaí ar na teorainneacha toghcheantair amach anseo. Tá Meáraí agus Órán Mór ar imeall Ghaillimh Thiar agus tá tuairimíocht ann go gcuirfear an taobh sin tíre isteach le Gaillimh Thoir amach anseo.

Tá Coimisiún na dToghcheantair ag scrúdú moltaí agus aighneachtaí agus ceaptar - ach an oiread le go leor áiteacha eile - go bhfuil moltaí éagsúla faoin taobh tíre taobh thoir de chathair na Gaillimhe faoina mbráid. Dá n-athrófaí cuid den limistéar sin soir d'fhágfadh sé bunáit i nGaillimh Thoir ag an Seanadóir Healy-Eames. Ar an taobh eile den scéal, chaithfeadh sí vótaí atá saothraithe aice in áiteacha eile i nGaillimh Thiar a fhágáil ina diaidh.

Gaillimhe

Agóid mhór beartaithe do Chathair na Gaillimhe

Katie McGreal

BEIDH agóid mhór ar siúl i gCathair na Gaillimhe an Satharn seo, 14 Aibreán ag tosú ag Ardeaglais na Gaillimhe ag 1in.

Siúlfaidh Eagraíochta na Scoileanna Gaeltachta Teo (ESG), tuismitheoirí agus daltaí ó scoileanna beaga sa Ghaeltacht agus sa Ghalltacht, lucht feachtais na ndabhchanna séarachais, tuismitheoirí aonair, go háirithe lucht SPARK (Single Parents Acting for Rights of our Kids) agus lucht an fheachtais 'Save Our Small Schools' go dtí Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit ina mbeidh Ard-Fheis Pháirtí an Lucht Oibre ar siúl.

Tá ESG ag iarraidh míshástachta na scoileanna Gaeltachta a léiriú don rialtas faoi chiorraithe a chuireadh i bhfeidhm i mbuiséad 2012.

Tá siad ag iarraidh ar gach scoil Ghaeltachta sa tír páirt a ghlacadh san agóid agus meirgí (banners) móra i nGaeilge amháin a thabhairt leo ionas go mbeadh ainmneacha na scoileanna Gaeltachta le feiceáil go soiléir ann.

"Tá níos mó i gceist (leis an agóid seo) ná cúrsaí oideachais amháin," a deir Treasa Ní Mhainnín, príomhfheidhmeannach ESG, "tá cúrsaí teanga i gceist leis freisin."

Tá tuismitheoirí aonair ag iarraidh a léiriú go bhfuil a bpáistí ag fulaingt de barr na gciorraithe a chur an rialtas i bhfeidhm.

"Tá lucht feachtais na ndabhchanna séarachais ag iarraidh é seo a stopadh," a deir Pádraig Ó Conghaola ón bhfeachtas. "Tá na scoileanna ag cailliúint múinteoirí agus tá siad ag iarraidh scoileanna a thabhairt lena chéile agus tá oifigí an phoist ag dúnadh síos," A dúirt sé.

Tá an lucht agóide ag iarraidh fadhbanna mhuintir na tuaithe uilig de bharr ciorraithe Buiséad 2012 a léiriú, go háirithe na bhfadhbanna a bhaineann leis na dabhchanna séarachais.

Tá chuile dhuine ag siúl le slua ollmhór ag an agóid seo agus tá fáilte roimh chách.

Buaiteoirí an ghradaim 'An Cumann Nua is Fearr', John Kiely ó Chathair Chorcaí, Nathan Cantwell, Michael Joyce agus Michelle Rock ó Chathair na Gaillimhe, Mary Dooley ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), Thor McVeigh ó Shligeach, Robin Allen ó Phort Láirge agus an Dochtúir Pat Morgan, leasuachtarán Student Experience in OÉG ag bronnadh Duaiseanna na gCumann in OÉG 2012 in Óstán Radisson Blu i nGaillimh le déanaí.

Cruinniú Poiblí do thuismitheoirí aonair

Katie McGreal

BEIDH cruinniú eolais ar an ngrúpa SPARK (*Single Parents Acting for the Rights of their Kids*) ar siúl in Oifig Chomharchumann Mhic Dara ar an gCeathrú Rua amárach, Déardaoin 12 Aibreán ag a 8 in. Déanfaidh an grúpa cur i láthair faoin obair agus faoin bhfeachtas atá ar bun acu agus beidh Joe Ó Curraoin agus Trevor Ó Clochartaigh i láthair chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt dóibh sin a thiocfaidh ag an gcruinniú.

"Tá Páirtí an Lucht Oibre ag cur tuilleadh brú ar dhaoine atá cheana féin ar an ngannchuid. Ceapann siad nach bhfaighidh muid tacaíocht na ndaoine," a deir máthair amháin, Bríd Ní Chualáin. "Tá ioncam na dtuismitheoirí aonair gearrtha 50%," a dúirt sí

Is grúpa de thuismitheoirí aonair atá sa bhfeachtas SPARK a tháinig le chéile tar éis na cáinaisnéise is deireanaí. Beidh tuismitheoirí aonair Chonamara agus Árann ag an agóid taobh amuigh d'Ard-Fheis Pháirtí an Lucht Oibre ar an Satharn beag seo, 14 Aibreán, ag tosú ag Ardeaglais na Gaillimhe ag 1in.

Maigh Eo

Seachtain Chultúrtha Maigh Eo don Titanic

Katie McGreal

THOSAIGH seachtain chomórtha agus chultúrtha i Leathardán i mBéal an Átha, Maigh Eo ar Dhomhnach Cásca don long ollmhór, Titanic, a chuaigh síos 100 bliain ó shin.. Críochnóidh an ócáid ar an Domhnach seo chugainn, 15 Aibreán.

Cuirfidh muintir Both Faonáin an dráma, 'American Wake' ar siúl in ionad pobail an cheantair le linn na

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Aibreán, 2012

seachtaine. Insíonn sé sin scéal 14 dhuine ó Eadargúil a chuaigh ar bord an Titanic.

Beidh oíche amhránaíocht agus filíocht ar siúl ar an Déardaoin agus cuirfear an 'Mayo Titanic Ball' ar siúl in Óstán Pontoon Bridge ar an Satharn, áit a mbeidh an banna ceoil, Brose Walsh ag seinm an cheoil.

Beidh an searmanas bliantúil ina mbuailtear clog an tséipéil in ómós na ndaoine a báthadh ar siúl ag 2.20rn ar an Domhnach. Beidh Aifreann speisialta mar comóradh ar na daoine a fuair bás sa Titanic ar siúl an mhaidin dár gcionn. I ndiaidh sin, cuirfear taisceadán Titanic Maigh Eo faoi thalamh agus osclófar Páirc Chuimhneacháin an Titanic in Eadargúil go hoifigiúil.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar suíomh Fáilte Ireland www.discoverireland.ie faoi 'Mayo Titanic Cultural Week'.

Ealaíontóirí, ceardaithe agus tairgeoirí beaga ag teastáil!

Katie McGreal

TÁ Comhar na nOileán Teo ag lorg ceardaithe, ealaíontóirí agus tairgeoirí beaga ó Oileáin na Gaillimhe agus Mhaigh Eo atá ag iarraidh freastal ar cheardlann traenála ar an Aoine, 20 Aibreán, sa Station House sa Chlochán. Táthar ag iarraidh scileanna gnó a mhúineadh dóibh ionas gur féidir leo fás, má tá siad ag iarraidh. Beidh deis acu a gcuid earraí a chur ar taispeántas freisin agus bualadh le ceardaithe agus ealaíontóirí eile chun teagmhálacha a dhaingniú.

Cuirfear seisiún mheantóireachta ar siúl sa mhaidin agus beidh eolas ar fáil acu mar gheall ar mhargaíocht agus cúrsaí cánacha. Labhróidh an potadóir, Judy Greene ag 1in agus labhróidh Brigitte Brew faoi eilimintí riachtanacha d'fhorbairt do bhranda agus labhróidh Joe Ó Curraoin faoi impleachtaí cúrsaí leasa shóisialaigh do thaighdeoirí beaga.

Tosóidh an cheardlann ag 10rn agus críochnóidh sí ag 4.15in. Má tá suim ag éinne páirt a ghlacadh sna himeachtaí seo caithfear sin a chur in iúl ag oifig Chomhar na nOileán ar 099 75096 nó marie@oileain.ie roimh 13 Aibreán mar tá teora le spas.

'Traidphicnic' an Spidéil

Katie McGreal

TÁ muintir an Spidéal agus Chonamara ag bailiú airgid faoi láthair do Traidphicnic, féile a chuirfear ar siúl sa Spidéal ar an 6 agus 7 Iúil chun fáilte a chur roimh chuairteoirí sa bhaile.

Táthar ag lorg daoine aitheanta a bheidh sásta urraíocht a fháil, dath gréine bréige a chur orthu féin agus pósanna (poses) áirithe a dhéanamh os comhair breithiúna agus slua mór. Rachaidh an t-airgead uilig chuig Traidphicnic. Má tá suim ag éinne san ócáid, seol ríomhphost chuig traidphicnic@gmail.com.

Táthar ag iarraidh ceoil, damhsa agus siamsaíochta na Gaeltachta a thaispeáint do chúirteoirí an bhaile le Traidphicnic agus deis a thabhairt dóibh scileanna ceoil agus damhsa a thabhairt abhaile leo.

Cuirfear ceardlanna bodhrán, spúnóg agus neart eile ar siúl dóibh saor in aisce.

Beidh ceardlanna ceoil eile ar siúl do dhaoine áitiúla nó daoine a bhfuil taithí acu sa réimse ceoil sin. Beidh neart seisiúin cheoil ar siúl i dtithe tábhairne an bhaile freisin, chomh maith le seisiúin bhuscála agus ceolchoirmeacha saor in aisce.

Mar chuid de na himeachtaí bailithe airgid, chuir coiste Traidphicnic Oíche Waxála Cos ar siúl in Tigh Hughes sa Spidéal. Rinne Norita Ní Chearra an waxáil ar an oíche agus d'éirigh leo thart ar €1000 a bhailiú.

Bhailigh siad €103.96 ag an bhFéile Ealaíne agus Ceardaíochta in Óstán Conamara Coast ar an Domhnach, 1 Aibreán freisin. Chuir Andrea Rossi, duine de bhaill Choiste Traidphicnic, ceardlann cheardaíochta do ghasúir ar siúl ina stiúideo ealaíne agus dhíol siad na táirgí a rinne na gasúir san óstán. Bhí seisiún ceoil acu freisin i bhforhalla an óstán.

Tá leathanach Facebook ag Traidphicnic chun breis eolais a thabhairt.

An cairdíneoir ón Spidéal, Steve Sweeney agus Norita Ní Chearra ag glacadh páirte sa Oíche Waxáil Cois ar son Traidphicnic sa Spidéal le déanaí.

Buaiteoirí 'An Flóta is Fearr i Maigh Eo' fógartha

Katie McGreal

D'FHÓGAIR Gnó Mhaigh Eo buaiteoirí áitiúla an chomórtais 'An Flóta is Fearr i Maigh Eo' a bhí ar siúl acu le linn Lá Fhéile Pádraig.

I mBéal an Átha, bhí an bua ag Scoil Náisiúnta Bhréachmhaigh. Bhuaigh Club Rugbaí Iorrais i mBéal an Mhuirthead agus bhuaigh siopa Chumann Ailse na hÉireann i gCaisleán an Bharraigh.

Bhí an bua ag Scoil Náisiúnta Naomh Attracta i mBaile Chathail agus ag Gaelscoil Uileog de Búrca i gClár Chlainne Mhuiris.

Bhuaigh Scoil Náisiúnta Bhoth Chomhla i gCollte Mach agus Scoil Náisiúnta Culmore i mBéal Átha na Muice agus d'éirigh leis an gCros Dhearg, Baile Uí Fhiachánan bua a fháil i gCathair na Mart.

Bhuaigh na heagraíochtaí sin €250 agus rachaidh siad ar aghaidh go dtí 'Comórtas an Chontae don Fhlóta is Fearr i Maigh Eo'. Gheobhaidh an eagraíocht bhuacach sa chomórtas sin phacáiste fógraíochta ar Mid West Radio ar fiú €500 e.

Is comhoibriú é an comórtas 'An Flóta is Fearr' idir Gnó Mhaigh Eo agus na Cumainn Lucht Tráchtála a dtéann in urraíocht don fhlóta is dátheangaí i ngach paráid ar Lá Fhéile Pádraig sna hocht mbaile a bhíonn rannpháirteach ann sa Chontae.

Triúr lúthchleasaithe ó cheantar Chois Fharraige a ghlac páirt an deireadh seachtaine seo caite i gComórtas Crostíre na Gaillimhe, a reáchtáileadh i dTuam, ó chlé Éanna Ó Cualáin (Cor na Rón, Indreabhán) a tháinig sa darna háit faoi 13; Becky Ní Éallaithe (Na hAille, Indreabhán) agus Eoghan Scott (Na Doireadha, Baile na hAbhann). Fuaire Éanna bonn airgid an chontae agus roghnaíodh é ar fhoireann crostíre na Gaillimhe, le páirt a ghlacadh sa gcomórtas náisiúnta ag deireadh Bhealtaine.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Uibh Fháilí

Iarratas pleanála do chrann gaoithe

Colm Ó Broin

TÁ iarratas pleanála déanta ag comhlacht chun crann a thógail chun luas na gaoithe a mheas sa Chlochán, Contae Uíbh Fhailí. Is é seo an chéad chéim den phlean atá ag Galetech feirm ghaoithe a thógail sa cheantar.

Tá an comhlacht ó Chontae an Chabháin ag iarraidh crann 100 meadar ar airde a thógáil a dhéanfaidh taifead ar luas na gaoithe thar thréimhse cúig bliana.

Tá an fhorbairt sa Chlochán mar chuid de phlean infheistíochta €740 milliún atá ag an comhlacht i gContae Muineacháin, Ros Comáin, an Iarmhí, an Mhí, Sligeach, Laois, Longfort, an Cabhán agus Uíbh Fhailí. Dar le Galetech, cruthóidh an infheistíocht 1,500 post tógála agus 150 post buan.

D'fhógair an comhlacht an plean in 2009 ach tá clamhsán déanta ag áitritheoirí i roinnt de na ceantracha a bhí beartaithe do na feirmeacha gaoithe.

Vótáil Comhairle Contae Ros Comáin ar son togra i nDíseart i ndeisceart an chontae, i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Tógfar 16 thuirbín atá 135 meadar in airde ar an láthair.

Rinne grúpa áitiúil achomharc leis an mBord Pleanála agus táthar ag súil le cinneadh an tseachtain seo.

Theip ar Galetech ceadúnas a fháil ó Chomhairle Contae na hIarmhí in 2010 d' fheirm ghaoithe i gceantar Bhaile Réamainn tar éis gearáin ó dhaoine áitiúla.

De réir na Comhairle, tháinig plean Galetech salach ar rialacháin na Roinne Comhshaoil i dtaobh forbairtí gaoithe.

Táthar ag súil le cinneadh faoin gcrann sa Chlochán an mhí seo chugainn.

Loch Garman

Bóthar faoisimh do Loch Garman

Colm Ó Broin

TÁTHAR ag súil gcuirfear tús le tógáil bóthair fhaoisimh i Loch Garman roimh dheireadh na míosa.

Déanfaidh an bóthair nasc idir an Baile Nua agus Carcur. D'fhaobhaigh an chomhairle Ordú Ceannaigh Éigeantaigh don bhóthair in 2010 agus críochnaíodh an próiseas tairisceana i mí Lúnasa seo caite. Beidh an bóthar nua 500 méadar ar fhad agus cosnóidh sé ar a laghad €1.3 milliún.

De réir na Comhairle, beidh tiománaithe in ann Sráid an Chnoic agus Sráid Eoin a sheachaint nuair a bheidh an bhóthair nua críochnaithe faoi shamhradh na bliana seo chugainn.

Iomáint le tosú ag na Gaeil Óga

Colm Ó Broin

BEIDH na Gaeil Óga ag cur tús le traenáil iomána den chéad uair seachtain ó amárach. Tá dhá fhoireann peile na bhfear agus foireann peile na mban amháin ag an gcumann lánGhaeilge seo ach tá sé beartaithe acu foireann iomána a eagrú anois. Beidh Colm Mac Séalaigh i bhfeidhil ar an traenáil a bheas ar siúl i bPáirc an Fhionnuisce ag 6.15in.

"Ba é Colm ceann de na daoine ba lárnaí in athbheochan na hiomána i mBaile Átha Cliath agus tá sé go iontach go bhfuil duine leis an stádas sin againn," arsa Aodán Ó Ceallaigh ón gcumann.

"Beidh sé níos deacra foireann iomána a eagrú ná foireann peile ach tá súil againn gur féidir linn go leor imreoirí a mhealladh.

"Beidh muid ag traenáil ar feadh tamaill agus tá súil againn cúpla cluiche dúshláin a imirt i mbliana. Má éiríonn linn, tá súil againn foireann a chur isteach i gcomórtais an bhliain seo chugainn," arsa Ó Ceallaigh.

Tá na Gaeil Óga ag súil go mbeidh foireann iomána an chumainn ag imirt i gcomórtais an bhliain seo chugainn.

Tá fáilte roimh dhaoine gan mórán taithí san iomáint dul ag traenáil leis na Gaeil Óga, ar seisean. "Tógfaidh sé tamall ar dhaoine dul i dtaithí ar an gcluiche mura bhfuil sé imeartha acu cheana, ach beidh go leor ama againn chun na scileanna atá ag teastáil a fhorbairt."

"Cé go bhfuil caighdeán na hiomána sna sraitheanna uachtaracha i mBaile Átha Cliath anard, níl sé chomh hard sin ag an leibhéal a mbeadh muide ag tosú amach."

"Tá i bhfad níos mó i gceist leis na Gaeil Óga ná peil nó iomáint, áfach, gluaiseacht atá ann," arsa Ó Ceallaigh.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin bhfoireann ar 087 9351287. Idir an dá linn beidh na Gaeil Óga ag eagrú Comórtas an Chailín Ghaelaigh ar an Aoine 20ú Aibreáin. Beidh an buaiteoir ag déanamh ionadaíochta ar son an chumainn ag Comórtas Peile na Gaeltachta i nGaoth Dobhair i mí an Mheithimh.

An tUachtarán Michael D. Higgins ar Shráid Uí Chonaill Dé Domhnaigh ag an 96ú searmanas cuimhneacháin d'Éirí Amach na Cásca 1916
[PIC : LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND]

Tá Galetech ag beartú infheistíocht €740 milliún a dhéanamh i bhfeirmeacha gaoithe. GRIANGHRAF: EAMONN FARRELL/PHOTOCALL IRELAND.

Bewley's @ 6!

Beidh Caitlín Nic Gabhann ag seinnt in éineacht le Ciarán Ó Maonaigh ag Bewley's@6 ar 17 Aibreáin.

Katie McGreal

BEIDH Bewley's @ 6! le Gael Linn ar siúl ar an Máirt seo, 17 Aibreán sa chaife Bewley's ar Shráid Grafton i mBaile Átha Cliath ag 6in.

Beidh na ceoltóirí, Ciarán Ó Maonaigh agus Caitlín Nic Gabhann ag seinm ar an oíche. Is as clann cheolmhar i dTír Chonaill é Ciarán. D'fhoghlaim sé an fhidil óna athair, Francie Mooney agus bhí tionchar mór ag a aintín, Mairéad Ní Mhaonaigh agus a uncail, Frankie Kennedy ón ngrúpa 'Altan' air. Seinneann sé leis an mbanna ceoil 'Fidil' anois agus déanann sé léiriúchán, láithreoireacht agus stiúrthóireacht ar chláir theilifíse ceoil do RTÉ agus TG4.

Is as Cill Dhéagláin i gContae na Mí í Caitlín Nic Gabhann. Seinneann sí an consairtín agus bhuaigh sí Fleadh Cheoil na hÉireann faoi thrí. Seinneann sí i gceolchoirmeacha san Áis, san Aifric Theas, san Astráil agus i Meiriceá Thuaidh go rialta.

Cosnaíonn ticéad €15 an ceann agus ní mór d'áit a chur in áirithe trí theagmháil a dhéanamh le Niamh ar 087 2547574 nó ar niamh@gael-linn.ie.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Aibreán, 2012

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Stair Chaide na Gaeltachta le scríobh

Breandán Mac Gearailt

TRÁTHNÓNA Dé Sathairn tháinig grúpa le chéile ar an mBuailtín le stair Chumann Caide/Peile na Gaeltachta a scríobh.

Bhí mórán cur agus cúitimh acu agus scata scéalta grinn a bhain le caid. Bhí agus leo siúd a bhíonn i mbun bainistíochta, oiliúna nó ag meas ábaltacht agus éirim na n-imreoirí.

Aontaíodh ar dtúis an stair ghinearálta a roinnt i gceithre chantam agus nuair a bheadh an méid sin curtha i gcrích, tabhairt fé nithe eile mar peil/caid fé aois, imreoirí ón gceantar a d'imir do chontaetha eile in Éirinn agus thar lear, srl.

Is iad an ceathrar ancairí ná, Seán Mac an tSíthigh, scoláire, scríbhneoir, agus fear nuachta le Tg4.

Is ó Bhaile Eaglaise do Sheán agus b'ardpheileadóir é chomh maith. Fear eile atá ar an bhfoireann na Liam Ó Rócáin a bhfuil éacht thar na bearta déanta aige ag eagrú foirne fé aois, mar mionúir agus ógánaigh fé 16 bliain, 14, 12, agus 10 mbliana.

Duine eile ná an craoltóir agus an sár-thráchtaire, Mícheál Ó Sé, ó Ard na Caithne, a bhuaigh dhá bhonn i gcraobh sinsir caide Éireann. An ceathrú hancaire ná Dara Ó Cinnéide, fear a thuill ard-mholadh le linn dó a bheith ina chaptaein ar fhoireann bhuacach Chiarraí as a ndúirt sé, tar éis dó glacadh le Corn Sam Maguidhur sa bhliain 2004.

Beidh daoine eile ag scríobh giotaí tánaisteacha.

Cuireadh in iúl ag an gcruinniú mar shampla go bhfuil cúigear déag ó Chumann na Gaeltachta a bhuaigh bonn/boinn i gcraobh sinsir uile-Éireann ag imirt i bPáirc an Chrócaigh. Tá gan amhras boinn ag imreoirí a bhí gortaithe nó a bhí ina bhfir ionaid.

Dúradh go gcaithfí gan dearmad a dhéanamh ar chúrsaí liathróid láimhe. Buailfidh na saineolaithe le chéile arís i dtús an Mheithimh.

Bheadh sé i gceist ar ball, nuair a bheidh an leabhar réitithe, láthair ina mbeadh taispeántais bhuana nó músaem a réiteacht le hómós dóibh siúd go léir a d'imir don gcumann ón gcéad lá.

Measadh go mbeadh cuid den eolas scáinteach agus gur dócha go mbeadh sé deacair teacht ar eolas cruinn i réimsí áirithe.

Ní raibh aon aitheantas go mb'fhiú trácht air, ar fáil do CLG os na meáin san am a bunaíodh an eagraíocht, dúradh. Guímid gach rath ar an obair.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Na céadta ar 'Turas Chnoc Bhréanainn'

THUG na céadta 'Turas Chnoc Bhréanainn' ar Aoine an Chéasta.'

'Aoine an Chéasta, is mór an peaca bainne d'ól'.

Tá stáisiúin na Croise ag síneadh ó bhun Chnoc Bhréanainn ón mBaile Breac go barr. Is i ngéire a éiríonn an turas go barr Chnoc Bhréanainn óir tá an 500 troigh deireanach dian go leor.

Nuair a thagann siad siúd a bhíonn ag déanamh Stáisiúin na Croise, den gcéad uair, measann siad go minic ná beidh aon seans acu dul go barr go bráth mar bíonn siad traochta trí ceathrú slí suas. Cé go bhfuil an chuid dheireanach géar, tá na Stáisiúin i bhfad níos gaire dá chéile ná mar atá i dtosach.

Bhí an lá fuar le leoithne nimhe ag séideadh anoir ar bharr an Chnoic, ach ba léir nár chuir san isteach ar fhormhór acu siúd a ghlac páirt. Bhí roinnt bheag daoine a bhain díobh a mbróga ag an mbarr agus dhein 'Turas Bhréanainn' timpeall ar an tséipéal bhig atá ann.

Cinnte bheadh lúidíní lucht an turais seo fuar go maith, ach ba léir go rabhadar á déanamh ar son a n-anama agus nár chuir fuacht, gaoth, ná feanaid isteach ná amach ortha. Bhíodar siúd ann a chuaigh go barr ar son na siúlóide ach mheasfá go mbeadh siúlóid níos fusa acu ná barr Chnoc Bhréanainn a thabhairt ortha féin.

Mheasfá gur dhócha gur 'pionós aimsire' fé cheilt a bhí á dhéanamh ag cuid acu siúd!

Féile na Cásca

BHÍ saothair bhreis agus céad ealaíontóir ar taispeáint ag Féile na Cásca a d'oscail an t-ealaíontóir/dealbhadóir, Clíodhna Cussen, ar an mBuailtín ar an nDomhnach seo caite. Bhí taispeántas na bliana seo i gcuimhne ar Sheán de hÓra [1908- 1989] an t-amhránaí ó Chlochar agus tá dán molta fé Sheán le Michael Davitt [1950- 2005] i dtosach leabhrán Chlár na Féile. Cinnte bhí/tá rogha breá acu agus mhol Clíodhna lucht eagair Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus na healaíontóirí. Mír an-taitneamhach ab ea cur i láthair a dhein na bunscoileanna áitiúla fé stiúir na hOidhreachta. Dúradar amhráin agus bhí ábhar gach amhráin léirithe le sár-líníocht ar chaipéis mhór. Ba dheacair aon cheann a mholadh thar a chéile eile mar bhíodar uile cliste, córach. 'An Saighdiúirín Singil' a bhí ag scoil Baile an Fheirtéaraigh, 'Oileán Dhún an Óir' a bhí ag Scoil an Ghleanna, 'Deoraíocht' ag Scoil Cheann Trá, 'Aonach Bhaile an Chláir' ag Scoil Dhún Chaoin, 'Dá bhFaighinn mo rogha de Thriúr' ag Scoil Chill Maoilchéadair, 'An Baile atá Láimh léi Siúd' ag Scoil Naomh Eirc. 'An Spealadóir' ag Scoil Lios Póil, 'Bacach Buí na Léige' ag scoil an Chlocháin, 'An Seanduine' ag Bunscoil na Toirbhirte sa Daingean, 'Ó dhera, a Sheanduine' ag Bunscoil na mBráthar agus 'Beir mo Dhúracht' ag Scoil Chill Mhic an Domhnaigh.

Bhí mar a dúrt, suas le dhá chéad saothar atá sa taispeántas agus iad ar díol ó €70 Euro le CP Nails, colláis magaidh fé bhaile áirithe, go dtí €2,750, le Liam ó Néill agus €4.000 ag Tomás Ó Cíobháin agus Seán Mac Suibhne ar a gcuid. In ainneoin an scanradh fé easpa airgid, bhí go leor á gceannach. Cinnte is fiú bualadh isteach.



Larry O'Donovan ó AIB, Fiachra Ó Ceilleachair, Údarás na Gaeltachta, John agus A.J. Finn, stiúrthóirí Fonta Teo, Micheál Ó Scanaill agus Eamonn Ó Neachtain, Bainisteoir Réigiúnacha Údarás na Gaeltachta ag an ócáid sa Seanphobal nuair a d'fhógair Fónta Teo go raibh siad chun an comhlacht a fhorbairt i gceantar Gaeltacht na nDéise le déanaí. PIC: SEAN BYRNE//DEISE MEDIA

Cathair Chorcaí

Peileadóirí le Gaeilge ag teastáil!

Katie McGreal

TÁ Gael-Taca i gCorcaigh ag lorg

Féile na Bealtaine, Corca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

BEIDH Féile na Bealtaine na bliana seo ar bhun ón 3ú go dtí an seachtú lá Bealtaine. Bhí cruinniú ag an gcoiste ar an nDéardaoin seo caite agus aontaíodh an seoladh a bheith sa tábhairne, '*An South Pole Inn*', a bhí uair ag an dtaiscéalaí Tom Crean in Abhainn anScáil.

Dúradh leis go mbeadh Clár na Féile ullamh ar an Satharn agus go seolfadh an t-Aire Rialtais, an TD Jimmy Deenihan, an clár ar a ceathair a chlog, rud a dhein.

Nuair a shroicheas an láthair bhí an ghrian ag scalladh go gléineach agus tharla go raibh dhá bus lán de mhá óga ann a bhí ar 'Chóisir Circe', agus is iad a bhí ag baint sásaimh as an dturas. Chuireadar cluas ortha féin nuair a labhair an t-Aire. Mhol an t-Aire an Coiste agus an tsár-ainm atá ag Féile na Bealtaine atá, dar leis, aitheanta go hidirnáisiúnta.

Labhair an t-Aire Deenihan fé láthair dos na healaíona a bheith sa Daingean, rud a bhí idir chamáin ag an Dr Mícheál Ó Fionnáin, nuair a scuab an bás é. Ba léir go bhfuil suim ag fear Chiarraí Thuaidh tógaint ar an obair úd.

Labhair an t-Aire go hiomlán i mBéarla, seachas trí fhocal, 'Féile na Bealtaine'. Ba é Cathaoirleach na Féile, an Dr Peadar Ó Fionnáin, a chuir cúrsaí sa tsiúl agus a chuir an tAire in aithne.

Labhair sé go dátheangach, le béim níos mó ar an nGaolainn. Gan amhras ní Gaeltacht í Abhainn ana Scáil fós, ach bheadh Gaolainn ag formhór acu siúd ón gceantar a bhí i láthair.

I mbliana tá 90 ócáid nó mír, le bheith á léiriú ag an bhFéile. Beidh fóram polaitíochta ann ag plé, 'An bhfuil an cumas ionainn teacht as an bhfadhb fiacha airgid'.

Orthu siúd atá luaite a bheidh ag plé an ábhair tá an fear a saolaíodh go háitiúil, an TD Joe Higgins, ó Bhaile an Fhaoitigh, Harry McGee, iriseoir ón nuachtán an Irish Times, David Hall agus Elaine Byrne, a scrígh leabhar fé chamastaíl.

Beidh An chéad Chiarraíoch a ghnóthaigh gradam Réalt caide, Donie Ó Súilleabháin, fear an chic fhada, ag cur síos ar stair CLG.

Measaim gur sa Ghaillimh a bhí sé, nuair a sheol sé speach amach ón mbáire agus thar an dtrasnán ar an dtaobh eile, cé go raibh cóir ghaoithe aige.

An tAire an Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan TD

peileadóirí Gaelacha a bhfuil Gaeilge acu ionas gur féidir leo cur isteach ar an gcomórtas do chomhlachtaí, Inter-Firm. Táthar ag lorg mná agus fir sna ficheadaí agus tríochaidí a mbeadh suim acu peil Ghealach a imirt mar bhall d'fhoireann Ghael-Taca.

Caithfidh tú a bheith i bhall de Ghael-Taca sular féidir leat imirt ach ní gá ach glaoch a chur ar oifig Ghael-Taca agus socróidh siad é sin duit.

Tosóidh traenáil i Meitheamh agus beidh an comórtas ar siúl le linn an tsamhraidh.

Tá lucht Ghael-Taca ag iarraidh an eagraíocht a chur chun cinn agus táthar ag súil go n-éiríodh leo foireann lánGhaelach a chur isteach ar an gcomórtas seo, an chéad fhoireann lánGhaelach a bheadh sa chomórtas riamh.

Má tá suim ag éinne a bheith ar an bhfoireann seo, cuir glaoch ar 021 431 0841.

Na Déise

Féile Bia Phort Láirge

Katie McGreal

TOSÓIDH Féile Bia Phort Láirge amárach, 12 Aibreán agus críochnóidh sé ar an Domhnach seo, 15 Aibreán. Beidh neart imeachtaí ar siúl i nDún Garbhán, Iarthar Phort Láirge agus i nGaeltacht na nDéise le linn na féile.

Taispeánfaidh Club Scannán Dhún Garbhán an scannán 'Salt of Life' le Gianni Di Gregorio ar an Aoine agus ar an Satharn ag 7in in Ionad Ealaíne Market House. Scannán grinn Iodáilise atá sa scannán seo faoi mháthair Di Gregorio atá cineál as a meabhair agus a bhfuil dúil ar leith aici sa seaimpéin. Beidh blaisín fíona ar fáil ar an dá oíche freisin.

Rachaidh an Bus Bia dátheangach 'Beoir 's Bia Mara' timpeall Ghaeltacht na nDéise le deis a thabhairt do dhaoine bia in áiteanna áirithe i nGaeltacht na nDéise a bhlaiseadh ar an Satharn. Tabharfar cuairt ar Ghrúdlann Dhún Garbhán agus ar Fheirm Oisrí na Rinne, áit ina mbeidh taispeántas cócaireachta agus blaiseadh oisrí agus éisc Heilbhic leis an gcócaire, Naoise Ó Cathasaigh. Rachaidh siad go dtí neart áiteanna eile freisin. Beidh costas €12.50 ar na ticéid agus ní mór do thicéad a chur in áirithe.

Ar an oíche chéanna, beidh teacht le chéile neamhfhoirmeálta do lucht scoir i dTigh an Cheoil sa Rinn le roinnt rince Céilí agus Válsa a dhéanamh. Beidh an ócáid sin saor in aisce é.

Beidh ceardlanna dátheangacha, 'Cócaireacht le Chéile' ar siúl ar an Satharn freisin i gColáiste Cathail Naofa i nDún Garbhán, chun deis a thabhairt do thuismitheoirí agus do pháistí a bheith ag cócaireacht lena chéile trí Ghaeilge. Beidh ceann ar siúl ag 10rn agus ceann eile ag 3in.

Beidh neart imeachtaí eile ar siúl le linn na féile agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.waterfordfestivaloffood.com nó 086 0262017.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Litreacha bronnta ag POBAL faoin tSamhail

BHRONN an scátheagras, POBAL 832, litir thacaíochta don eagraíocht maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe ar Aire Cultúir an Tuaiscirt, Carál Ní Chuilín, an tseachtain seo caite.

"Tá muid buíoch don Aire as bualadh linn inniu leis na litreacha seo a fháil uainn," arsa Janet Muller, Príomhfheidhmeannach POBAL.

Dúirt sí go raibh na heagrais bhunmhaoinithe go léir "dubh in éadan" na moltaí atá déanta ag Foras na Gaeilge maidir le maoiniú, "mar go gcreideann muid go ndéanfaidh siad dochar buan don teanga ar an oileán ar fad.

"Bheadh na moltaí tubaisteach don teanga ó thuaidh. Scriosfadh siad infreastruchtúr na Gaeilge, chaillfí seirbhísí agus maoiniú agus bheadh 50% de na heagraíochtaí bunmhaoinithe atá lonnaithe ó thuaidh dícháilithe as maoiniú ar bith eile a lorg ó Fhoras na Gaeilge," ar sise.

De réir Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, cuireadh isteach breis agus 2,100 aighneacht i gcoinne na Samhla Nua Maoinithe in iomlán.

Tír Chonaill

€8,000 ceadaithe do Bhaile na Finne

Katie McGreal

D'FHÓGAIR Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, an tseachtain seo caite go bhfuil €8,000 ceadaithe do Choiste Sheáin Bháin, Baile na Finne i nDún na nGall chun leabharcheangal a dhéanamh ar bhailiúchán de leabhair luachmhara Gaeilge.

"Tá luachair orm a bheith in ann cuidiú leis an togra seo," a deir an tAire. "Is togra fíorphraiticiúil é seo a bheidh chun leas na Gaeilge i measc mhuintir na Gaeltachta Láir agus go deimhin lasmuigh di."

Tír Eoghain

Díon Dhún Uladh faoi Phainéil gréine

Anton Mac Cába

TÁ ionad acmhainní don chultúr Gaelach le ciorrú 50% a dhéanamh ar bhillí fuinnimh trí phainéil gréine a chur ar an díon.

Tá Dún Uladh, lámh leis an Ómaigh, ina lárionad acmhainní réigiúnda ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann. Bíonn cuid mhór imeachtaí Gaelacha ann, ina measc ranganna Gaeilge. Freisin, thug Dún Uladh dídean do Naíscoil na gCrann nuair a bhí sin ag toiseacht.

Dúirt Brendan McAleer, an Reachtaire, gur de bharr iniúchta fuinnimh a chuir siad isteach ar chead pleanála do na painéil. "£8,000 sa bhliain an bille leictreachais atá againn," ar seisean. "Déanfaidh seo ciorrú 50% ar an fhuinneamh. Fágfaidh sin go mbeidh an lárionad níos inmharthana."

Doire

Daltaí Scoil Mhuire buachach ag Abair 2012

Colm Ó Broin

D'ÉIRIGH go geal le daltaí ó Scoil Mhuire, Machaire Fíolta, Contae Dhoire, ar na mallaibh sa chomórtas Abair. Comórtas Cainte Poiblí é sin atá dírithe ar scoileanna dara leibhéal i gCúige Uladh. Bíonn an comórtas seo a reáchtáil ag Gael Linn gach bliain agus é mar aidhm aige taithí i labhairt na teanga a thabhairt do scoláirí.

I gCraobh an chomórtais i bPáirc Lúthchleasaíocht Uí Mhuireagáin in Ard Mhaca, bronnadh an chéad áit ag Leibhéal A ar Roibeárd Mac Pharthaláin agus é ag caint ar ábhar na hUltaise.

Bhí beirt eile ón scoil, Séamas Óg Ó Bheart agus Eibhlín Nic an tSaoir, sa chéad agus sa dara háit faoi seach, ag leibhéal an GCSE.

"Tá deis iontach ag gach iarrthóir labhairt ar ábhar suimiúil agus reatha agus bronntar marcanna ar thuairimíocht, teacht i láthair agus líofacht," arsa urlabhraí Ghael Linn.

"Is deis ar dóigh í do na scoláirí atá ag iarraidh páirt a ghlacadh i gcomórtas cainte poiblí trí mheán na Gaeilge. Is taithí fíorluachmhar í do

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Aibreán, 2012

na rannpháirtí uilig agus tugann sé muinín dóibh chomh maith lena gcuid scileanna teangeolaíochta a fhorbairt. Is léir go n-osclaíonn sé go leor doirse dóibh fosta amach anseo," a dúirt an t-urlabhraí.

Béal Feirste

Ceolchoirmeacha le Cór Ollscoil Uladh

Katie McGreal

CUIRFIDH Cór Ollscoil Uladh an cheolchoirm 'Songs of Solace' i láthair ag Mainistir Clonard i mBéal Feirste ar an Máirt, 17 Aibreán ag 8in agus ag Ardeaglais Naomh Eugene i nDoire ar an Déardaoin, 19 Aibreán ag 8.15in.

Beidh an Dochtúir Shaun Ryan ina stiúrthóir ar an gcór. Is léachtóir sa cheol é Ryan. Beidh Gail Evans ar an bpianó don amhrán, Morten Lauridsen's sumptuous Lux aeterna. Casfar ceol le Howard Goodall agus Eric Whitacre le linn na gceolchoirmeacha freisin.

Beidh na ceolchoirmeacha sin saor in aisce agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó 028 7167 5456.

AN BHFUIL SCÉILÍN AGAT?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Tír Chonaill

Ostán Chlainne Blaney Druidte

Anton Mac Cába

DRUIDEADH an Milford Inn, ceann de na hóstáin is aitheanta i dtuaisceart Dhún na nGall, Déardaoin seo caite. Tá creidiúnaithe an óstáin chun buaileadh lena chéile Dé Mairt seo chugainn in óstán an Silver Tassie, idir Leitir Ceanainn agus Ráth Mealtain. Tá Banc Aontas Éireann le glacadóir a cheapadh.

Bhí cáil mhaith ar an óstán, nó bhí naonúr as 10 léirmheas ar Tripadvisor dearfach faoin áit. Mar sin féin, dúirt léirmheastóir fabhrach: "It's a big hotel, and it had almost no guests (admittedly, mid December is not exactly peak season!)."

The Milford Inn

Ba bhuille é do shaol an cheantair. Dúirt John McAteer, iriseoir sa cheantar, go raibh trí bhainis le bheith ann an tseachtain seo. Tá go leoir bainiseacha curtha in áirithe san óstán agus fiú gur cuireadh cúpla ceann in áirithe an seachtain seo caite féin. Ní fios cad a tharlóidh maidir leo seo agus ní fios, ach an oiread, an líon post a chaillfear dá bharr. Ba bhuille do chlann Blaney é, an dream ar leo an Milford Inn le 42 bliain. Ba do 2006 a comhdaíodh na cuntais ba dheireannaí leis an Oifig Um Chlárú Cuideachtaí. Is iad stiúrthóirí na comhlachta ná Éamonn (Teddy), Ciarán, Neil, Michael agus John Blaney. Tá seoltaí acu uilig nó fá Leitir Ceanainn nó fá Bhaile na nGallóglach.

Diomaite de thréimhse18 mí sna 90idí, bhí duine de chlann Blaney san Oireachtas ó toghadh Neal Blaney (athair Éamoinn) i 1927 go dtí an bhliain seo caite. Tá Teddy ina dheartháir ag Neil Blaney, a bhí ina Aire Rialtais agus ina Theachta Dála le 47 bliain, ag Harry Blaney, a bhí ina Theachta Dála ina dhiaidh sin agus ina uncail ag Niall Blaney, an t-iarTheachta Dála.

D'éirigh Niall Blaney as an Dáil i ndiaidh dó téarma amháin a chaitheamh mar Theachta. Tá gnóanna eile ag an teaghlach, ach ba é an Milford Inn an tseoid a bhí acu.

Príomhfheidhmeannach Ghael Linn, Antoine Ó Coileán, in éineacht leis na daltaí Leibhéal A a ghlac páirt i gcomórtas Abair ar na mallaibh.

Béal Feirste

Banc na hÉireann, Baile Andarsan ar son na Gaeilge

Katie McGreal

THOSAIGH Banc na hÉireann, Baile Andarsan in Iarthar Béal Feirste an fheachtas 'Fáilte Fridays' ar an 30 Márta ar feadh 3 seachtainí mar chuid den iarrachta atá ar siúl ag Bród Club Bhernard Dunne. Críochnóidh an feachtas ar an Aoine, 20 Aibreán le Lá na Gaeilge.

Táthar ag iarraidh ar chustaiméirí an bhainc cibé 'cúpla focal' atá acu a úsáid agus gan a bheith buartha faoi bhotúin a dhéanamh.

Beidh seastáin ó eagraíochtaí Gaeilge sa bhanc an lá sin agus cuirfear fáilte roimh fhoghlaimeoirí agus Gaeilgeoirí líofa a theacht isteach agus a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Beidh deis ag daoine óga a gcéad chuntas bainc a oscailte trí Ghaeilge freisin.

"Is beag deise atá ag tromlach na ndaoine le húsáid a bhaint as an chúpla focal, agus is bealach iontach é seo le tacaíocht a thabhairt do thionscadal a spreagann muid le Gaeilge," a deir Bainisteoir na Craoibhe i mBaile Andarsan, Michael Pucci. "Beimid sásta an cúpla focal a labhairt le custaiméir ar bith ar lá ar bith sa todhchaí, agus muid fós ag tabhairt tacaíochta gníomhaí don Bhród Club."

Táthar ag reáchtáil Lá na Gaeilge i gcomhar le hEagraíocht Forbartha na Gaeilge sa Cheathrú Gaeltachta, Forbairt Feirste.

Tá Gaeilge ag Margaret Edwards agus Olive Benson, beirt oibrithe i mBanc na hÉireann, Baile Andarsan agus tá seirbhís Ghaeilge ar fáil sa bhanc leis na blianta. Tá Coirnéal Gaelach acu ansin freisin.

Feargal Mac Ionnrachtaigh ó Fhorbairt Feirste agus Olive Benson ó Bhanc na hÉireann ag poibliú 'Fáilte Fridays'

GNÉ-ALT NUACHTA

An Huscaí: Oiriúnach mar pheata tí?

Colm Ó Broin

Gortaíodh buachaill óg go dona i Luimneach Dé Céadaoin seo caite tar éis do huscaí ionsaí a dhéanamh air. Beidh an clann buíoch nár maraíodh Reece O'Leary (2) agus gur éirigh le comharsa béal dorais dó, Jonathan Curtin, é a shábháil ón madra.

Bhí ar Curtin an huscaí a bhualadh le sluasaid sular scaoil sé a ghreim ar an mbuachaill.

Gortaíodh an buachaill ó Pháirc Carew sa Chnoc Theas sa cheann, sa droim, ar a lámha agus a chosa. Scriosadh an madra tar éis an eachtra.

Ní raibh tarrtháil in ann do pháistí thar lear a d'ionsaigh huscaithe le blianta beaga anuas, áfach, ina measc páistí óga a maraíodh in Alberta agus Quebec i gCeanada agus in Pennsylvania i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

De réir Chumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe (ISPCA) tá méadú mór tagtha ar líon na huscaithe in Éirinn le blianta beaga anuas, go príomha de bharr an méid acu a thógtar i bhfeirmeacha coileáin.

Dar le Cumann Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhithe (DSPCA), tógtar níos mó huscaithe chucu chun vacsaínithe a fháil faoi láthair ann ná aon saghas madra eile.

Téarma ginearálta is ea 'huscaí' do mhadraí oibre a úsáidtear chun carranna sleamhnáin a tharraingt i dtuaisceart Mheiriceá agus sa tSibéir.

Deirtear gur eascair an t-ainm ó 'eskie' - leasainm do phobal dúchais an cheantair. Sa lá atá inniu ann tá roinnt madraí 'ionphóir' áirithe mar huscaithe, an Huscaí Sibéarach agus an Malamute Alascach mar shampla.

An rud atá i gcoitinn acu ar fad ná gur póradh iad chun earraí a tharraingt thar achair fhada i gceantracha fíorfhuara, fíor-dheacra.

Sin an nádúr atá acu go smior, mar sin an bhfuil sé oiriúnach go mbeadh madraí mar seo ina gcónaí i mbruachbhailte in Éirinn?

Dar leis an ISPCA, níl na madraí seo oiriúnach do "naonúr as deichniúr."

"Dá n-iarrfadh duine orm cén saghas madra ba cheart dó a fháil, bheadh an huscaí gar do bhun an liosta," arsa Noel Griffin, urlabhraí na heagraíochta.

"Don ghnáthdhuine atá ag lorg gnáthmhadra, ní mholfainn huscaí ar chor ar bith. Tá an t-uafás oibre le déanamh leo, tá siad an-aclaí agus an-chliste agus tá sé an-deacair iad a thraenáil. Ní aimseadóir buí a bheas ag suí ag do chosa atá iontu seo. Tá sé sa nádúr acu a bheith ag rith agus ag tarraingt rudaí, agus is aoibhinn leo é sin a dhéanamh.

"Caithfidh tú iad a thabhairt amach chuile lá, agus nílim ag caint faoi shiúlóid sa pháirc, caithfidh tú rith leo nó dul amach ar an rothair leo nó rud éigin eile a chuirfidh tuirse orthu; tá aithne agam ar dhuine amháin, mar shampla, a thógann amach iad le carr sleamhnáin ar an bhféar.

"Mar aon leis an aclaíocht, tá gairdín mór le ballaí arda ag teastáil don mhadra seo óir is féidir leo léim go han-ard agus tá sé de nós acu imeacht ar seachrán.

"Mura dtugtar aire dóibh mar is ceart rachaidh siad ar mire."

Dúirt Griffin, áfach, nach n-éiríonn huscaithe fíochmhar de ghnáth má thugtar aire cheart dóibh.

"Nuair a thagann daoine chugainn le huscaithe nach bhfuil uathu a thuilleadh, deireann siad go bhfuil siad tar éis poill a thochailt sa ghairdín, an tolg a scriosadh nó na cuirtíní a tharraing anuas.

"Tá nós acu chomh maith dul sa tóir ar ainmhithe beaga ar nós cait nó coiníní, mar sin caithfidh tú a bheith ar an airdeall má tá na hainmhithe seo agat sa bhaile.

Tá méadú tagtha ar líon na huscaithe in Éirinn le blianta beaga anuas.
GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND.

"É sin ráite, má thugtar aire dóibh is ainmhithe iontacha iad agus bíonn siad mar dhlúthchuid den teaghlach.

"Ó thaobh ionsaithe ar pháistí, ní dhéarfainn go bhfuil huscaithe níos dainséaraí ná an gnáthmhadra ach bíonn baol áirithe ag baint le gach madra."

Tá méadú tagtha ar an tóir ar na madraí sa tír le blianta beaga anuas, mar shampla, bunaíodh an All Ireland Siberian Husky Club in 2009.

Dar leis an ISPCA, níl na madraí seo oiriúnach do "naonúr as deichniúr." "Dá n-iarrfadh duine orm cén saghas madra ba cheart dó a fháil, bheadh an huscaí gar do bhun an liosta," arsa Noel Griffin, urlabhraí na heagraíochta.

Tá borradh faoi eagraíocht eile, Tails 'n' Trails, a eagraíonn imeachtaí agus comórtais tarraingthe do mhadraí ar nós an huscaí.

Mar a tharlaíonn sé, bhí cúis buíochais ag bean as Luimneach anuraidh, Mairead Guerin, don mhadra nuair a tharrtháil ceann acu í tar éis di titim isteach i ndraen a bhí seacht dtroigh ar domhain.

D'éirigh leis an mbean greim a fháil ar iall an mhadra, agus tharraing sé í as an bpoll. Chonacthas toradh eile ar an éileamh ar huscaithe - an eagraíocht Irish Sled Dog Welfare, a bunaíodh in 2010 chun cúnamh a thabhairt do "Siberian Huskies, Alaskan Malamutes and crosses of those breeds that seemed to be appearing in Irish pounds and other rescues in ever increasing numbers."

"Tá os cionn 250 madra tógtha isteach againn, idir huscaithe Sibéireacha agus an malamute Alascach," arsa Karen O'Connor, a bhunaigh an eagraíocht.

"Faigheann muid an chuid is mó acu ó phónaí madraí, nó ní bhíonn daoine in ann aire a thabhairt dóibh, nó bíonn daoine eile ag dul ar imirce agus tá roinnt madraí again a d'éalaigh óna mbailte toisc nach raibh balla ard go leor sa ghairdín."

"Ar bhealach is trua go bhfuil an méid sin de thóir orthu faoi láthair. Ní rud ardnósach é sin, ach ní thuigeann daoine a fhaigheann iad an méid oibre atá ag baint leo nó mar shampla, go ndéanann siad glamaíl seachas tafann, rud a chuireann isteach ar na comharsana ar ndóigh."

Dar le Noel Griffin agus Karen O'Connor, níl aon fhadhb le teocht na tíre, ach ní aontaíonn Máire Ní Cheirnín ón DSPCA leis an dearcadh seo.

"Ainneoin go bhfuil an tír seo fuar agus fliuch, tá sé fós ró-the do huscaithe. Fiú nuair a bhí an teocht -10C anuraidh bhí sé ró-the," ar sise.

Tá siad uilig ar aon fhocal, áfach, gur madraí maithe iad má thugtar an aire cheart dóibh.

TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

"An féidir liom mo charr a phugáil isteach?"

Amharcann **Diarmuid Ó Muirgheasa** ar na forbairtí ó thaobh carranna leitreacha de

Tá stair fhada ag an ngluaisteán leictreach, i bhfad níos faide ná mar a cheapann daoine, cinnte. Siar chomh fada leis an 19ú aois bhí gluaisteáin leictreacha ann, sular éirigh leis an inneall dó inmheánaigh forlámhas a bhaint amach.

Bhí na buntáistí céanna ag na gluaisteáin sin agus atá ag gluaisteáin leictreacha an lae inniu, ach ar ndóigh na míbhuntáistí céanna chomh maith.

Ó thaobh na mbuntáistí de, tá gluaisteán leictreach i bhfad níos simplí ná mar atá gluaisteán a ritheann ar pheitreal nó díosal, mar go bhfuil sé casta go maith cumhacht a threorú ó na hinnill sin chuig na rothaí ar an bhóthair.

Cé go bhfuil an teicneolaíocht cuibheasach aibí anois, fós tá an tras-seoladh i ngluaisteán peitril, a dhéanann an treorú fuinnimh sin, mór, amscaí, costasach, agus mí-éifeachtach chomh maith.

Tá gluaisteáin leictreacha níos saoire le rith, cé go gciallaíonn costas na gcadhnraí ollmhóra atá de dhíth go bhfuil costas ceannaithe níos airde ag baint leo.

Más suim leat cúrsaí timpeallachta, tá gluaisteáin leictreacha níos glaine chomh maith.

D'ainneoin na mbuntáistí seo ar fad, áfach, tá fadhb mhór amháin a bhaineann le gluaisteáin leictreach, agus is é sin an próiseas athluchtaithe.

Ní hamháin go bhfuil ganntanas ann ó thaobh áiteanna ar féidir athluchtú a dhéanamh, ach go ginearálta glacann athluchtú iomlán cúpla uair an chloig.

Ó thaobh an líon suíomh athluchtaithe atá ann, tá sé sin ag feabhsú i gcónaí - breathnaigh ar shuíomh idirlín Bhord Sholáthair an Leictreachais agus tá liosta fada ann de shuíomhanna mórthimpeall na tíre, chomh maith le suíomhanna atá le críochnú go luath.

Ní théann sé sin i ngleic leis an bhfadhb eile, áfach, is é sin go bhfuil sé iomlán míphraiticiúil dul ar thuras fada i ngluaisteán a ghlacann chomh fada sin athluchtú. Ach tá réiteach ar an bhfadhb seo.

An gluaisteán hibrideach!

Anois, tá gluaisteáin hibrideach linn le blianta fada, chomh fada siar leis an ngluaisteán leictreach, nach mór. Agus cosúil leis an ngluaisteán leictreach (nó níos mó fiú, b'fhéidir), le blianta beaga anuas tá déantóirí na bhfeithicilí seo ag baint tairbhe as athbheochan láidir.

Is í an Toyota Prius is mó a bhfuil sé seo fíor fúithi, ar ndóigh, agus le cúpla bliain anois is beag aisteoir nó polaiteoir mór le rá nach bhfuil Prius breá glas in áit éigin acu.

Ach cé go bhfuil inneall leictreach san Prius, tá an tras-seoladh úd fós ann, agus ní féidir Prius traidisiúnta a luchtú ón gcóras leictreach.

Ach tá rogha eile ann, gluaisteán atá hibrideach ar bhealach eile ar fad. Is rogha é atá, ar an-chuid slite, i bhfad níos ciallmhara. Bain amach an tras-seoladh, agus mórán den innealtóireacht chasta eile sin, agus bain úsáid as an inneall díreach le leictreachas a ghiniúint. Athluchtaigh ó fhoinsí leictreachas seachtrach má tá siad ar fáil, murab ionann agus an Prius. Tá liosta de bhuntáistí ollmhóra leis an saghas seo córais, agus chuile bhuntáiste a bhaineann le gluaisteáin leictreach áirithe leo chomh maith.

D'ainneoin na mbuntáistí seo ar fad, áfach, tá fadhb mhór amháin a bhaineann le gluaisteáin leictreach, agus is é sin an próiseas athluchtaithe. Ní hamháin go bhfuil ganntanas ann ó thaobh áiteanna ar féidir athluchtú a dhéanamh, ach go ginearálta glacann athluchtú iomlán cúpla uair an chloig.

Tá na feithiclí ciúin, simplí agus ní úsáideann siad mórán ó thaobh breoslaí de. Os rud é gur féidir iad a athluchtú ó chóras leictreachais an tí, tá gach seans ann nach mbeidh an t-inneall peitril de dhíth ach amháin ar thurais fhada.

Agus maidir leis an inneall féin, os rud é nach bhfuil sé ag cur cumhachta díreach chuig na rothaí ar an mbóthar, ní gá dó a bheith chomh solúbtha le hinneall i ngluaisteán traidisiúnta. Is féidir le hinneall i ngluaisteán den chineál hibrideach seo feidhmiú ag luas réamhshocraithe ar leith, agus a bheith i bhfad níos éifeachtúla dá bharr.

Deir foinsí áirithe go bhféadfaidís a bheith suas le 70% níos éifeachtúla ná inneall i ngluaisteán traidisiúnta, agus is é sin cuid den chúis go bhfuil figiúirí "MPG equivalent" chomh hard le 100 á maíomh ag déantóirí, agus figiúirí teoiriciúla chomh hard le 150 don chéad ghlúin eile den teicneolaíocht seo.

Agus cathain a fheicfear gluaisteáin mar seo ar an margadh? Sna Stáit Aontaithe, tá siad ar fáil cheana féin, i bhfoirm an Chevrolet Volt agus an Fisker Karma.

Ó thaobh cé acu is mó a dhíolfar, is cinnte go mbeidh níos mó Volt ar na bóithre.

Ó thaobh an chinn acu is mó a mbeidh daoine ag iarraidh é a cheannach, sin scéal eile ar fad atá ann. Luasghéaraíonn an Karma ó 0-60 míle/uair i níos lú ná 6 soicind, ach níos tábhachtaí ná sin, b'fhéidir, breathnaigh cé chomh deas is atá an gluaisteán seo.

Roghnaigh láithreoir *Top Gear*, James May, an Karma mar ghluaisteán na bliana 2011, agus níl ansin ach ceann de na duaiseanna atá gnóthaithe ag an ngluaisteán.

Roimh dheireadh na bliana ba chóir go mbeadh an Volt ar fáil in Éirinn faoin ainm "Opel Ampera", agus praghas timpeall €40,000 uirthi. Tá an Fisker Karma ag dul ar díol mórthimpeall an domhan de réir a chéile, ar phraghsanna atá gar don $100,000 atá ar an ngluaisteán sna Stáit Aontaithe. Níl aon fhocal ar cathain a fheicfear in Éirinn í.

Fisker Karma

Toyota Prius

Chevrolet Volt

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaelsceal.ie

Síntiúis do scoileanna ar phraghas speisialta!

Glac síntiúis leis an nuachtán anois do scoilbhliain 2012/2013 agus faigh:

- an chuid eile den scoilbhliain seo saor in aisce.
- Tá tairscint speisialta againn do mhúinteoirí a chuireann isteach 3 shíntiús ar a laghad, dearbhán €20 le caitheamh ar ábhar Chló Iar-Chonnacht.
- Freisin, is féidir le múinteoir a chuireann isteach ordú mór don rang cóip saor in aisce a fháil dóibh féin.

Íoslódáil foirm shíntiúis ag www.oideachas.gaelsceal.ie
nó téigh i dteagmháil linn chun do shíntiúis a ordú
091 897766/ scoil@gaelsceal.ie

CÚRSAÍ SAOIL

Samhail déanta ag ealaíontóir den Virgin Enterprise sa spás

An Spás: Áit nach raibh aon Éireannach cheana

Labhraíonn **Michael Madden** go hEISIACH le **Treasa Bhreathnach** faoina thicéad spásthaistil le Virgin Galactic

D'fhás Michael Madden suas i dTuaisceart Thiobraid Árann, i mbaile beag darb ainm An Port Rua, agus tá sé anois ar an liosta feithimh chun a bheith mar dhuine den chéad 200 duine sa spás le Virgin Galactic. Cén fáth mar sin ar shínigh sé suas chun páirt a ghlacadh sa turas seo?

"Bhí mé i gcónaí uaillmhianach, fiontraíoch agus fiosrach mar dhuine agus chreid mé i gcónaí gurbh fhéidir liom aon rud a bhí uaim a bhaint amach. Is é sin an chaoi ar fhás mé mo ghnó, agus is é sin an chaoi a mhairim gach lá de mo shaol. Bhí sé d'acmhainn agam íoc as an ticéid agus ba é sin an méid a bhí leis. Shínigh mé suas don turas seo mar gheall go raibh mé in ann."

Tá praghas €200,000 ar thicéad chun a bheith mar phaisinéir ar thuras Virgin Galactic chun taisteal go dtí an spás, cé go nglacann siad le héarlais de €20,000. Tá praghas an ticéid iomláin íoctha ag Michael Madden ó a bhí 2008 ann, agus dá bharr níl aon cheist ann dó ach go bhfuil sé ag dul chuig an spás. Go dtí seo tá 500 duine ar fud an domhain tar éis a n-ainmneacha a chur leis na turais spástaistil agus ar an éarlais de €20,000 a laghad íoctha acu chun a bheith ar an liosta feithimh. Go dtí seo tá os cionn €45 milliún ($60 milliún) tógtha ag Virgin Galactic ón 500 duine atá ar an liosta feithimh.

Tá deichniúir Éireannach (thuaidh agus theas) ar an liosta sin, an fear gnó PJ King an chéad duine Éireannach atá ar an liosta, chomh maith leis sin tá Bill Cullen ón seó teilifíse 'The Apprentice' san áireamh agus Tom Higgins ó 'Irish Pysics Live'.

Tá roinnt Éireannach eile nach bhfuil poiblí faoina n-ainmneacha ar an liosta ach tá an-éagsúlacht aoisghrúpaí i gceist, ó 40 bliain d'aois go dtí 80 bliain d'aois! Is é an duine is déanaí atá tar éis a ainm a chur leis an liosta domhanda ná an t-aisteoir Ashton Kutcher i Meiriceá.

Níl ach 500 duine ar an liosta feithimh dhomhanda go fóill ach ní bhreathnaíonn Michael air go bhfuil aon éacht déanta aige chun a bheith ar dhuine díobh siúd atá ar an liosta.

"Níl ann ach go bhfuilim san áit cheart ó thaobh airgeadais de gur féidir liom é seo a dhéanamh," a deir sé. "Ní hé go bhfuil sé cosúil le bheith ag traenáil do Cluiche Ceannais Iomána na tíre nó aon rud dá leithid," a deir sé. "Táim tar éis roinnt maratón a dhéanamh le déanaí, mar shampla maratón Chathair Londain in 2010, chun airgead a bhailiú do Virgin Unite agus chríochnaigh mé an leathmharatón i Nua Eabhrac

An 'VSS Enterprise' nó 'SpaceShip II' san aer in Mojave, California. Tá sé ceangailte leis an mhathar-spáslong 'WhiteKnight II' [PIC : VIRGIN GALACTIC]

coicís ó shin.

Thug sé an oiread ardú meanman domsa ag dul thar an líne deireadh sna maratóin sin mar gheall go raibh a fhios agam go raibh an obair déanta agam dóibh. Ní hionann iad sin agus é seo, níl i gceist anseo ach go bhfuil mé ag ceannach ticéid. Ach, tá mé ar bís faoi agus ag súil leis go mór. Déanann Virgin turas iontach as, fiú sula dtéann muid sa spéir, agus tá sé sin ar fad mar chuid den turas."

Is é Michael Madden an príomhfheidhmeannach atá ar an gcomhlacht rathúil airgeadais RONOC a dhéanann gnó ar fud an domhain, agus san Eoráis ach go háirithe. Chaith sé ocht mbliana ag obair sa Rúis ag am, a deir sé, nach raibh an oiread sin tóir uirthi mar thír. Síleann sé go bhfuil spástaisteal insroichte agus indéanta ag gach éinne, más é sin atá uathu.

Tá dhá chineál feithicil spáis forbartha ag Vigin Galctic faoi láthair, an SpaceShipTwo agus WhiteKnightTwo a bheas mar fheithicil iompair (carrier aircraft) do SpaceShipTow. Is féidir le SpaceShipTwo beirt phiólótaí agus seisear paisinéirí a thógáil.

Tá sé d'aidhm ag Virgin Galactic 500 paisinéir a thabhairt chun an spáis sa chéad bhliain chomh luath agus atá siad feidhmiúil agus 30,000 duine taobh istigh de dheich mbliana.

Tá lárionad spástaistil á thógáil faoi láthair i bhfásach Mojave i Meicsiceo, agus d'fhógair Uachtarán Mheiriceá an tseachtain seo go bhfuil sé i gceist ag rialtas Mheiriceá infheistiú a dhéanamh san earnáil spástaistil. Thug Michael Madden cuairt ar an ionad chéanna i Meicsiceo.

"Thug mé cuairt ar Mojave in 2009 le timpeall cúigear eile agus bhí deis agam siúl tríd an ionad. Thug mé cuairt ar an máthair-árthach (mothership) agus bhí deis agam an spáslong a fheiceáil agus iad á tógáil. An dara huair ar thug mé cuairt ar an ionad, ba le haghaidh seoladh mór a bhí mé ann. Shuigh mé i mblaosc na spásloinge, áit a mbeidh an seisear paisinéirí agus an bheirt phíolótaí ag dul chuig an spás.

Bhí an t-ádh orm chomh maith a bheith san ionsamhlóir eitilte (flight simulator) leis an spásaire cáiliúil Brian Binnie. San ionsamhlóir ní féidir leat an mothúcháin spástaistil a shamhlú ach feiceann tú na radharcanna a bheas le feiceáil agat agus tú thuas. Ach, ba é an rud ab fhearr domsa faoi ná an tráchtaireacht a bhí ar fáil agam ó Brian Binnie!" (Bhí Briain Binnie ar dhuine de na píolótaí tástála do SpaceShipOne agus ar an 435ú duine a thaistil go dtí an spás.)

Is fear pósta é Michael Madden a bhfuil triúr páistí aige. Céard a cheap a bhean chéile nuair a dúirt sé léi go raibh sé i gceist aige dul sa spás, an raibh sí imníoch ar chor ar bith?

"Bhuel, an chéad rud a dúirt sí liom ná, 'Tá mise ag iarraidh dul freisin!', ach dúirt mé léi go raibh uirthi fanacht sa mbaile leis an triúir gasúr ar fhaitíos go dtarlóidh dada dom!," a deir sé le gáire mór. "Ach ag labhairt i ndáiríre faoi, ní dhéanaim é seo gan a bheith cinnte faoin tsábháilteacht agus triúr gasúr agam. Táim go hiomlán muinineach as Virgin Galactic, mar ní rás atá i gceist anseo, caithfidh siad a chinntiú go dtarlóidh sé agus nach dtarlóidh tubaiste ar bith.

Caithfidh siad na scrúdaithe sábháilteacht is deacra dá bhfuil ann a chur díobh. Táim tar éis casadh leis na hinnealtóirí agus tá an lucht oibre is oilte dá bhfuil ann ag obair air seo. Caithfidh siad a bheith. Tá an iomarca le cailliúint ag Virgin dá dtarlóidh dada."

Tá sé ráite ag Richard Branson gurb í an tsábháilteacht an rud is tábhachtaí dó faoin togra seo, mar go mbeidh sé féin agus a bheirt pháistí mar phaisinéirí ar an gcéad eitilt.

Mairfidh an turas go dtí an spás timpeall 2 uair an chloig agus beidh deis ag na paisinéirí ar fad a bheith gan meacháin (zero-gravity) ar feadh tamaill bhig.

Dar le Michael Madden, is é an rud is tábhachtaí faoi seo ná go dtuigeann daoine nach brionglóid atá i gceist anseo agus, "le himeacht ama beidh sé seo ar fáil do gach éinne agus insroichte ag gach aon duine. Ach, más mian leat tabhairt faoi anois, is féidir leat é a dhéanamh. Níl ann ach go gcaithfidh tú féin a chinntiú go dtarlóidh sé."

Níl aon dáta cinntithe do thuras spáis Michael Madden go fóill, ná d'éinne de na taistealaithe spáis go mbeidh na scrúdaithe sábháilteachta críochnaithe ag Virgin Galactic. Ansin beidh pas bordála á thabhairt amach ag Virgin Galactic don 500+ duine ar fud an domhain atá tar éis a dticéid órga a cheannach.

Michael Madden in éineacht lena mhac Conor ag lainseáil na Spásloinge Virgin in California in 2009

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Béarla, Béarla, Béarla!

Níl **Katie McGreal** sásta le 'Bernard Dunne's Bród Club'

NUAIR a chuala mé trácht ar an gclár seo den chéad uair, níor thuig mé é. Ní raibh a fhios agam conas a dhéanfadh siad clár as Bernard Dunne ag iarraidh 100,000 duine a mhealladh leis an 'cúpla focal' Gaeilge atá acu a chleachtadh agus a úsáid.

Ach is clár faoin bhfeachtas é seo. Insíonn sé dúinn conas atá Bernard ag spreagadh daoine agus cé hiad na daoine, seachas Bernard féin a bheith taobh thiar den fheachtas. Casaimid leis an bhfoireann uilig atá ag Bernard agus iad ag cruinnithe.

Leanann an ceamara Bernard agus é ag freastal ar imeachtaí agus ar ócáidí atá eagraithe ag an bhfeachtas ach le linn an chláir ar fad is Béarla a labhraíonn Bernard. Uaireanta, deir sé cúpla focal ag tús na habairte i nGaeilge agus díreach ina dhiaidh sin, aistríonn sé go Béarla é, mar sin, ní gá le héinne fiú éisteacht leis an nGaeilge toisc go bhfuil an Béarla ag teacht.

Deir sé an t-am ar fad go bhfuil sé ag iarraidh go mbeadh gach duine eile ag labhairt Ghaeilge, ach níl sé á dhéanamh. Deir sé le linn sa dara clár "níl mé líofa ach tá mé ag éirí níos fearr" ach ní féidir leis na lucht féachana é sin a fheiceáil. Béarla, Béarla, Béarla a chloisimid uaidh go leanúnach.

Nuair a thug sé cuairt ar an gcéad oíche ar an 'supper club', b'shin an t-aon am ar chualamar na mná ag labhairt Bhéarla le chéile agus i mBaile Mhistéala i gCorcaigh nuair a labhair sé leis an slua, labhair sé i mBéarla amháin.

Ardaíonn bainisteoir an fheachtais, Natasha Fennell é seo sa dara clár. Tá sí ag iarraidh ar Bhernard cabhair a thabhairt do na daoine ionas gur féidir leo an Ghaeilge a labhairt, in ionad Gaeilge a labhairt é féin an t-am ar fad.

Ní thugann sé mórán cabhrach di. Dúirt sé an rud céanna léi agus atá ráite aige féin na mílte uair le linn an chláir; "úsáid na cúpla focal atá agat. Don't be afraid to say 'cén caoi a bhfuil tú' or 'Dia dhuit'".



Bernard Dunne

Ní fhreagraíonn sé an cheist agus nuair a deir Natasha leis go bhfuil sé á rá é seo i mBéarla agus go bhfuil sé ina suigh ansin ag labhairt Bhéarla, seachnaíonn sé an rud is tábhachtaí - gur Béarla atá sé a labhairt!

Deir sé go bhfuil sé anbhródúil as an teanga agus go bhfuil sé ag iarraidh í a labhairt, ach níl sé sin le feiceáil.

Tá sé soiléir ón méid daoine atá cláraithe, os cionn 24,000 duine, agus an méid cainte atá ar siúl ar Facebook agus Twitter go bhfuil an-dúil ag daoine sa bhfeachtas.

Tá sé ag obair agus sílim gur feachtas agus smaoineamh iontach atá ann ach, caithfidh Bernard a Ghaeilge féin a léiriú dúinn freisin! Stop ag rá go gcaithfimid ár gcúpla focal a úsáid agus déan é tú féin, a Bhernard!

Déantar neart rudaí iontacha le linn an chláir agus an feachtais. Bhí an fógra le Mr Ireland, go han-mhaith, sin go gcaillfeadh sé ball dá chuid éadaigh nuair a chláródh x méid daoine, agus bhí an oíche shingil an-mhaith freisin.

Léirigh sé gur féidir leat an Ghaeilge a úsáid in aon suíomh agus ag aon am. Bhí an tobshlua (*flash mob*) a rinneadar i mBaile Átha Cliath leis an Dublin Gospel Choir iontach maith!

Deis eile a bhí ann a léiriú do dhaoine gur féidir an Ghaeilge a úsáid i ngach uile shuíomh. Léiríonn na ceoltóirí móra a bhíonn ag casadh ceoil le linn an chláir é seo freisin.

Tá sé suimiúil tuairimí daoine áirithe a fháil chomh maith.

"'*People worry too much I feel, about the image of the Irish language, immerse people in it so it's a part of their everyday life. The French don't necessarily think French is cool or funky, it doesn't have to be cool, it's the language. It's part of the country. It's part of the identity. There is no reason to not speak Irish*," a deir lucht an bhanna ceoil, Republic of Loose.

Bhí sé go deas eachtraí Bhernard Courtney sa Ghaeltacht a chloisteáil, "I woke up in the middle of the night and thought 'I'm blind! I'm blind'". I'd never slept somewhere without street lights before."

Tá sé iontach tuairimí daoine nach maith leo an Ghaeilge a chloisteáil freisin. Dúirt Kevin Myers gur fuath leis an nGaeilge agus sin sin. Feachtas agus smaoineamh iontach atá s an mBród Club ach caithfidh Bernard a léiriú go bhfuil sé féin ag úsáid a chuig Gaeilge freisin!

Féach ar

TG4: Sherpa
Tabharfaidh an Sherpa Búdaíoch, Ang Wong Chuu, cuairt ar na háiteanna is iargúlta i sléibhte Chiarraí. Cuirfidh sé na gnéithe spioradálta a bhaineann le traidisiún a cheantair féin i gcomparáid le traidisiún mainistreach na hÉireann. Dé Sathairn @ 8.55in.

RTÉ a haon: An Tost Fada - The Long Silence
Ar an gclár seo, labhróidh George Salter faoin oíche uafásach i mí Aibreán 1922 nuair a dúnmharaíodh 13 Phrotastúnach in Iarthar Corcaigh. Oíche a chur isteach go mór ar a chlann agus nach raibh sé in ann caint faoi roimhe seo. Dé Luain @ 7.30in.

BBC2 NI: Imeall Geal
Labhróidh Tomaí agus Gráinne le Ronan Mac Aodh Bhuí ó RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Seán Rogers le linn chlár na seachtaine seo. Cloisimid ón gceoltóir, Dominic Mac Giolla Bhríde freisin, chomh maith le Liam Carson. Dé Luain @ 10in.

Éist le

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Níl tú i d'Aonar
Tá fadhb ollmhór againn sa tír seo le daoine ag cur a lámh ina mbás fhéin, de réir na bhfigiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh. Pléifidh Bríd Ní Chualáin na bealaí ar féidir linn na figiúirí sin a laghdú le linn an chláir seo. Dé Luain @ 3in.

RTÉ Raidió a haon: Drama on One - The Sinking of the Titanic
Cloisimid aistriúchán Béarla den scéal Gearmánach, 'The Sinking of the Titanic' le Hans Magnus Enzensberger, an tseachtain seo. Beidh Fredericks, Conor Farrington, agus Barbara McCaughey ag aisteoireacht ann. Dé Domhnach @ 8in.

Newstalk: Splanc
Pléifear spórt, ceol, nuacht agus neart neart eile le linn an chláir seo a thugann deis d'éisteoirí Newstalk dhá uair an chloig in aghaidh na seachtaine a chaitheamh ag éisteacht le clár iomlán Gaeilge. Dé hAoine @ 9in.

NUACHT Litríochta

Nua-Fhilíocht na Gaeilge ar Strae

Caitheann **Gabriel Rosenstock** súil chriticiúil ar dhá leabhar fhilíochta

Chuir an dá leabhar seo andíomá orm sa mhéid is go gceapaim nach bhfuil iontu ach beirt fhilí agus iad ag smaoineamh os ard cuid mhaith den am agus nach ábhar spéise ach dóibh féin amháin go leor den mhachnamh nó den rámhaille sin acu.

Glantar boladh magairlí leamhan de sheanvardrús giúise....

Sin Louis duit agus é ag iarraidh a bheith greannmhar! Gheobhaimid léargas ar 'ghreann' an fhile eile ar ball ach meabhraíonn an dá leabhar seo dom rud a dúirt scríbhneoir próis as Conamara liom tamall de bhlianta ó shin: 'Tá filí na Gaeilge ag fáil away le bullshit!'

Leabhar an Bhreathnaigh, bhain sé duais Choistí Gairmoideachais na Mumhan agus na Gaeltachta anuraidh san Oireachtas. Is dócha gurb é seo an t-aitheantas is mó a thugtar do chnuasach filíochta Gaeilge ó bhliain go a chéile. Creidim go raibh tarraingt ar dhá scór cnuasach istigh ar an gcomórtas sin.

Fiú mura mbeadh ach leath an mhéid sin ag iomaíocht ar son na craoibhe, déarfá leat féin pé rud eile atá caillte ag Éirinn le cúpla bliain anuas, níl treibh na bhfilí i mbaol a ndíothaithe go fóill. Ach an bhfuil an nuafhilíocht ar strae? Ar briseadh an nasc beannaithe úd idir an fhírinne agus an áilleacht?

Is cnuasach tanaí é cnuasach an Bhreathnaigh ar go leor bealaí. Sa chéad áit, níl ach 45 leathanach ann. Bhí an cnuasach is déanaí ó Chathal Ó Searcaigh, An tAm Marfach ina Mairimid (Arlen House) istigh ar an gcomórtas céanna. Cnuasach tathagach is ea é sin i ngach slí, mórdhánta ann, mórthéamaí á n-ionramháil go maorga, an friotal is an stíl ag teacht go haoibhinn leis na téamaí ann agus ceol, a dhuine - ceol na teanga a mhúsclódh nó a shuaimhneodh an t-anam go máistriúil de réir a mhéine. Tá dánta ann a léifear go brách, fad is atá fíorfhilíocht á léamh.

Conas nár tugadh an chraobh dó mar sin? Níl a fhios agam. Tá ardfhilíocht ann. Níl ardfhilíocht i leabhar seo an Bhreathnaigh. Caithfidh go raibh slata tomhais dá gcuid féin ag na moltóirí. Ach cad iad féin? Éilítear follasacht anois i gcúrsaí gnó agus i gcúrsaí polaitíochta. Nach ceart go gcuirfeadh moltóirí an Oireachtais a gcuid nótaí ar láithreán Gréasáin an Oireachtais chun go mbeadh teacht ag cáiníocóirí macánta orthu?

Slata Tomhais na Foirfeachta is na hÁilleachta

Cad iad slata tomhais na foirfeachta is na háilleachta na laethanta seo nó an í an smairteáltacht atá i réim über alles? An dtuigeann éinne na slata tomhais atá againn chun an nuafhilíocht a mheas? Cá mbeadh fáil orthu má táid ann?

Nó an leor go mbeadh a thuairim féin ag gach éinne faoin rud is deafhilíocht ann? Tá leabhar nua an tSearcaigh chomh maith le leabhar ar bith eile a tháinig óna pheann. Mórleabhar.

Ní fhéadfadh éinne a rá go bhfuil leabhar seo an Bhreathnaigh chomh suimiúil, chomh tathagach, ná chomh tábhachtach leis na leabhair eile a tháinig uaidh, Scáthach agus An Fearann Breac, cuir i gcás, nó An Fear Marbh.

Tá téamaí móra iontu san agus iad láimhseáilte dá réir aige, le slacht, le cúram, le dínit is le sollúntacht. Tá substaint iontu agus saibhreas mothúchánach.

Níl sa leabhar seo ach mar a bheadh an file ag smaoineamh os ard agus ní fhéadfá smaointe breátha a thabhairt ar go leor acu ach smaointe fánacha neamhfhuaimintiúla.

Dánta sodhearmadta ócáidiúla is ea an chuid is mó dá bhfuil ann mar sin agus, ar ndóigh, tá dánta mar sin scríofa againn go léir ach ní bhronntar duaiseanna orainn dá dheasca sin, de ghnáth.

Sampla den chacamas atá sa leabhar seo:

Crann
Léas dán le hÓ Ríordáin
An oíche faoi dheireadh
Is is náir liom a admháil
I really didn't get it.
Is Ó Direáin,
Cad tá ann
Ach óige oileáin
Agus crann?
Ach pé ní a deirir
I dtaobh filí eile,
Davitt
Havitt.

Dá gcloisfinn i bpub é, b'fhéidir go ndéanfainn gáire ach ní tathagaí ná an cúr a bheadh ar mo phionta é. Féach, táim ar aon fhocal leis gur file mór é Davitt agus tá sé thar am é a chomóradh - ach ní mar seo. Ní cloch ar a charn é an dáinín sin. Seánra ar leith is ea an véarsaíocht éadrom ach ní mór í a chleachtadh go paiteanta.

An deacracht a bhaineann le leabhar nua seo an Bhreathnaigh, dar liomsa, ná seo: ní aithním a ghuth sainiúil ach anois is arís ann. An chuid is mó den am, aithníonn léitheoirí na filíochta (más tearc féin a líon) an guth atá ag caint leo nuair a léann siad dán maith le Michael Davitt, Cathal Ó Searcaigh, Nuala Ní Dhomhnaill, Biddy Jenkinson nó Gearóid Mac Lochlainn, cuir i gcás.

Bíonn a stampa féin buailte acu ar a gcuid dánta. Nílimse in ann an sainghuth sin a chloisteáil sa leabhar seo. An bhfuil a ghuth féin á bhá aige ar chúis éigin? Deinim amach go bhfuil. An bhfuil nuafhilíocht na Gaeilge ar strae? An bhfuil 'Frithfhilíocht' (soiscéal liteartha Nicanor Parra) i réim? An bhfuil an t-iar-nua-aoiseachas agus a chéile leapa, an claonadh féin-chomhfhiosach tar éis cac a dhéanamh den scéal ar fad?

Cad iad na slata tomhais atá agam féin? Tá trí dhuanaire curtha le chéile agam sa tsraith Guthanna



'Dánta' agus Dánta Eile
Colm Breathnach
(Coiscéim, 2012, €8, bog, 45 leathanach)



Rogha Dánta
Louis de Paor
(Coiscéim, 2012, €20, crua, 224 leathanach)

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Aibreán, 2012

Beannaithe an Domhain (Coiscéim) agus gheofá freagra soiléir ansin. Filíocht le dealramh, uaislíonn sí sinn chun léargas a fháil ar ar bhfíornádúr féin.

Níl sin déanta anseo ag Colm ná ag Louis anseo. Níl cothú spioradálta á thabhairt don phobal ag an-chuid den nuafhilíocht - ná ag an nua-ealaín trí chéile - agus sin an fáth a mbítear ag déanamh ceap magaidh di. An fhilíocht ar strae, an náisiún ar strae. An bhfuil baint ag an dá rud lena chéile? Tallafornia ar TV 3 agus Teamhair á réabadh.

Nuair a thugaimse taitneamh do dhán, léim arís is arís eile é. Bíonn sé á chur de ghlanmheabhair agam nach mór gan fhios dom. Is beag dán sna leabhair seo ag Louis agus Colm a léifinn arís. Ní gliceas ná cleas-aíocht atá uaim san fhiliocht ach paisean.

Fillimis ar na leabhair. Sa chéad áit, is dóigh liom go bhfuil teideal leabhar Choilm leibideach amach is amach. 'Dánta' agus dánta eile? An bhfuil sé ag iarraidh a bheith glic, iar-nua-aoiseach? Bhí gliceas éigin a chuaigh thar fóir, leis, sa leabhar eile uaidh, Con Trick an Bhalla Bháin, dar liom.

An rud seo ar a dtugtar 'originality' sa litríocht - bunúlacht, nó úrmhaireacht - ní féidir agus ní ceart dul sa tóir air, ná é a bhrú ná a fhás-cadh ná a ghairm chugat féin le cleasaíocht.

Bíonn sé ann go nádúrtha nó bíonn sé in easnamh. A luaithe is a thosaíonn duine ag saothrú na húrmhaireachta, imeoidh sí uaidh mar ní bua é is féidir a shaothrú.

Ar nós an dáin féin atá an úrmhaireacht: ní fios cad as a dta-gann sí, as duibheagán geal aineoil an chroí áit éigin. Nuair a chuireann Colm comharthaí singile athfhriotail timpeall ar an bhfocal 'Dánta' aige sa teideal, is dóigh liomsa go bhfuil sé ag tabhairt leide dúinn nach dánta in aon chor iad dáiríre ach rudaí a rad a ríomhaire linn - ach féach gur tugadh an chraobh dó mar sin féin san Oireachtas agus gur tugadh masla don fhíorfhilíocht. Níl aon mhíniú air ach gur dócha na criticeoirí a bheith ar strae i dteannta na bhfilí!

N'fheadar an bhfuil éinne againn nár thug faoin úrmhaireacht a lorg is a chleachtadh uair éigin agus nár thuigeamar in am nach bhfuil sé indéanta; tiocfaidh an úrmhaireacht mas áil léi, gan chuireadh gan iar-raidh. Sin í an fhírinne. Bé na filíochta, caithfidh sí a bheith i ngrá leat agus tusa i ngrá léithese nó is éigniú an toradh ar bhur gcomhri-achtain go léir.

Nuair a léimse dánta ar nós Crann (thuas) agus nuair a smaoiním ar na fíordhánta áille atá i leabhar an tSearcaigh, an dán iontach aige faoi Óivid, an sárdhán úd faoi phionnaí gruaige a mháthar, an t-ómós ion-tach a léiríonn sé don traidisiún in Ceathrúintí Thuathail Mhic Liag agus go leor leor eile ar cuid bhuan de throscán m'anama anois iad, tagann deora liom agus mé ag smaoineamh ar an éagóir mhór, dar liom, a dhein moltóirí an Oireachtais ar Mháistir Mór Mhín 'a Leá.

Ag caint ar éagóir, nach bhfuil éagóir ar an Direánach déanta ag Colm sa dán thuas? Dúrtsa uair amháin go gcaithfidh dánta grá a bheith i gcorpas mórfhile ar bith agus nach raibh a leithéid de dhánta, dar liom, ag an Direánach ná ag an Ríordánach; níl a fhios agam an sea-saim leis sin i gcónaí ach is cinnte go bhfuil níos mó i saothar na beirte sin ná mar atá tugtha le fios ag Colm ina dháinín.

Gabriel Rosenstock

An Ráiméigse in Uachtar

Tá dán eile aige dar teideal Múchaim Dán agus ba dhóigh leat in áiteanna gurb é sin atá ar siúl aige, ag tachtadh na filíochta ann féin. Ní maith liom a bheith á rá san. Go deimhin, ní mise amháin atá á rá. Féach anois ar an gcéad dán eile ina dtugann an file féin nod an-soiléir dúinn nach filiocht í seo a thuillfeadh duais Oireachtais!

Cad a Thabharfá . . .
Cad a thabharfá air seo?
comhrá
forrán
iarracht ar theacht slán
déantán
deasagán
amharc i scáthán
dordán
liodán
dán
Cad a thabharfaimid air
in aon chor?
Ráiméigse.

'Murder Machine' Nua

Bhí úire éigin neamhghnách sna dánta a chum Louis san Astráil mura mbeadh ann ach an tírdhreach agus an cultúr iontu a bheith difriúil. Is trua nár fhan sé ann, ar shlí!

Ar aon chuma, tá an rogha seo curtha le chéile aige féin, rogha a thugann deis dúinn a shaothar a mheas i gceart. Ar nós go leor leor filí sa domhan 'sibhialta' seo ina mair-imid, is in ollscoil a chaitheann Louis an chuid is mó den lá. Ní fhéadfá timpeallacht níos measa a shamhlú.

Teampall a tógadh in onóir don dia bréige sin, an Réasún, is ea an ollscoil, teampall a leagfadh an fíorfhile dá mbeadh deis aige. Beog-hearradh ar dhánta agus eile a bhíonn ar siúl i scoileanna agus ollscoileanna na hÉireann. Anailís aimrid.

Agus toisc nach léitear an fhilíocht ach go hannamh lasmuigh de na hinstitiúidí oideachais, cad a bhíonn ar siúl ag filí na laethanta seo ach iad ag scríobh dá chéile agus do lucht scríofa na dtráchtas. Tá an pobal tar éis iad a thréigean agus vice versa

Feicim go raibh Ciarán Mac Mur-chaidh, léachtóir, mar dhuine de mholtóirí an Oireachtais anuraidh agus is eisean a scríobh an Réamhrá don leabhar Annála le Gréagóir Ó Dúill (a chomh-mholtóir Oireachtais anuraidh); mar réamhrá tá sé breac leis an saghas sin cainte a bhíonn ar siúl in institiúidí dara agus tríú leib-héal, nótaí ar bhunábhar an dáin agus mar sin de, na nótaí sin a chuirtear de ghlanmheabhair, (seachas an dán), na nótaí atá ag marú na filíochta!

Agus, a dhalta, má tá siombailí uait, nach ait an obair é gur i gClub na Múinteoirí (sic) seachas in Áras na Scríbhneoirí trasna an bhóthair uaidh a sheol a chomh-Chorcaíoch, Theo Dorgan, leabhar nua seo Louis ar na mallaibh.

Tá filíocht á cur de ghlanmheab-hair leis na mílte bliain ach níl dán ar bith sna leabhair seo atá faoi chaibidil agam a chuirfinnse de ghlanmheabhair agus níl aithne agama ar éinne a chuirfeadh de ghlanmheabhair iad, mar nárbh fhiú é agus in an-chuid cásanna mar nárbh fhéidir é.

'Murder machine' nua atá sa chóras oideachais agus an litríocht á marú aige gach aon lá. Níl a fhios agam conas a sheasann an gnáthd-huine an córas oideachais sa tír seo agus ní thuigim ó thalamh an domhain conas a sheasfadh file é. Is dócha go mbeadh ort clogad nó ceal-tair nó rud éigin mar sin a chaitheamh.

Nuair a chaitheann tú clogad, is deacair d'éinne, nó duit féin, tochailt go dtí an duibheagán geal aineoil sin as a sceitheann an fhíorfhilíocht. Deir James Joyce go mbíodh sé de nós ag AE agus saothar ealaíne nó litríochta á scrúdú aige an cheist a chur: 'Out of how deep a life does it spring?'' Níor thum Colm Breathnach ródhomhain ann féin an babhta seo. Cad faoin bhfear eile? Feicfimid.

LÁIMHSEÁIL NA TEANGA

Níl aon easpa Gaeilge ar an mbeirt Chorcaíoch seo, Colm is Louis, agus d'admhóidís beirt go raibh tionchar ag Corcaíoch eile orthu araon, Michael Davitt. 'Táim bearáilte as an gClub, a Mhamaí!' Sea, bhí leid ansin againn den saghas Gaeilge a thioc-fadh chun cinn dá mbeadh Gaeltach-taí cathracha againn agus an Ghaeilge á labhairt ag bligeaird sráide iontu.

Ina áit sin, is teanga phríob-háideach, teanga liteartha atá á saothrú ag cuid mhaith scríbhneoirí, agus ba dhóigh leat ar uairibh ain-neoin an ceangal a bheadh acu leis an teanga liteartha, gur mhaith leo 'register' nó sainréim teanga níos comónta a chleachtadh. Tá an streachailt sin le brath ar an nuafhilíocht trí chéile.

Tóg mar shampla an cur síos seo as Trodairí na Treas Briogáide (1955), leabhar a scríobhadh lenár linn féin ach murach na tagairtí do mhó-tarthrucailí agus mar sin de, cheapfá gur rud éigin ab ea é a cumadh aim-sir na Rúraíochta nó na Fian-naíochta:

'Ag teitheadh dhóibh mar sin ní raibh scáth ná clúdach acu agus is cinnte go dtabharfaí a n-ár meireach crógacht an Treasaigh, colún teann na Treas Briogáide riamh agus choíche. Ba ghearr an mhoill ar an laoch lonnach san lingeadh ar aghaidh i dtreo an namhad agus rún daingean aige comhrac a thabhairt dóibh...'

Ní dóigh liom go raibh an saghas sin scríbhneoireachta (ná an meon atá laistiar de) ar fáil in aon litríocht

Colm Breathnach

eile san Eoraip ag an am ar foilsíodh é. Is é sin le rá, bhí uirlis an-saibhir go deo ag filí na Gaeilge (go dtí le fíordhéanaí) sa Ghaeilge a bhí á scríobh, á clos agus á labhairt lenár linn féin, ach an mbeadh an róshaibhreas sin ina bhac ar chumarsáid agus ar inchreidteacht, nó vraisemblance, mar a deir siad?

Sin iad na ceisteanna a bhíonn le réiteach (i bhfios nó gan fhios doibh féin) ag filí sula gcuireann siad peann le pár in aon chor, dar liom.

Ní bhfuarthas ach nod anois is arís go mbeadh INNTI ina hurgharda sna cúrsaí sin; bhí an t-iargharda róláidir di, istigh is amuigh. An tslí inar láimhseáil Davitt an teanga, baineadh geit bhreá as léitheorí; baineadh geit asamsa ach go háirithe caithfidh mé a rá.

Cuireann dánta Louis im' chodladh mé. An chúis atá leis sin ná go bhfuil an guth céanna iontu, nó in an-chuid acu, tríd síos. Bhí an locht sin ar an Direánach leis, mheasas, agus ar fhilí a dhein aithris ar an Direánach.

Ní haon mhaith imeacht ó ábhar amháin go hábhar eile má tá an guth céanna ann arís is arís eile – Dia linn is Muire, an rannóg dheireanach de rogha Louis cad a thugann sé uirthi ach agus arís eile. Ar mo leabhar! Breis is dhá chéad leathanach den Louis céanna tríd síos, an pheirspictíocht chéanna, an tuin chéanna nach mór ó chlúdach go clúdach. Ní leamhas go Louis.

Ní hin is dóigh le Kevin Higgins san fhoilseachán mór le rá, an Galway Advertiser: 'De Paor is the best sort of poet, taking himself and the world just seriously enough.' Cad sa diabhal buí is brí leis sin? Níl Louis lándáiríre faoi féin ná faoin domhan, ab ea? Cén fáth nach bhfuil?

Agus tá blurbanna eile ar chúl an leabhair seo ó Alan Titley, Caoimhín Mac Giolla Léith agus beirt eile nach n-aithním, agus is cosúil go bhfuil siad craiceáilte i ngrá le Louis. Nó an bhfuil? Léigh idir na línte agus níl faic ráite ag Alan dáiríre: '... he always avoided the romanticism of the mushy line...' Muise!

Is dóigh liomsa go mbíonn straois bhreá ar Alan agus é ag cumadh blurbanna dó féin agus gur saghas féinphléisiúr atá ar bun aige lena theanga a lán den bhlurbaireacht aige seachas lomchlár na fírinne. Shamhlóinn go bhfuil scéala báis ullamh ag an Galway Advertiser cheana féin: 'Titley was the best sort of blurbist, taking himself and the world just seriously enough.'

Bíonn eagla orainn sa tír seo an fhírinne a insint – ar eagla go dtitfimis amach le daoine, ar eagla go mbeadh ár naimhde ag dul i líonmhaireacht. Ná bí id' scríbhneoir má tá eagla ort roimh éinne. Iarracht is ea an léirmheas seo ar lomchlár na fírinne a insint.

Domhan Beag Féintagartha an Ego

Braithimse nach n-éiríonn Louis amach – nó lastuas – dá dhomhan féintagartha féin sách minic, domhan beag an ego mhóir. Is cuma liom cad a deir an Galway Advertiser, is dóigh liomsa go bhfuil spéis rómhór aige ann féin agus ina chuid smaointe is a chuid braistintí laethúla.

Ní éiríonn leis sinn a mhealladh isteach ina dhomhan féin ná fáiltiú romhainn ag an tairseach fiú. Braithimse le filí ar nós Louis go bhfuil a fhios acu go bhfuil dán á scriobh acu, dar leo féin, agus tá a fhios ag an léitheoir ar an gcuma chéanna go bhfuil dán á léamh aige. (Chonacsa aisteoir uair amháin ar ardán Amharclann na Mainistreach agus d'aithin sé sa lucht féachana mé. Loit sé an oíche orm, an pleidhce. Bhí an draíocht imithe ina gal).

Nuair a léimse sárfhilíocht ní bhraithim go bhfuil dán á léamh agam in aon chor: tugann friotal, ceol, úrmhaireacht (sea!) agus inspioráid an dáin amach asam féin mé go dtí an saol eile sin, saol na héigse, saol an anama, ríocht na samhlaíochta. Ní tharlaíonn sé sin dom nuair a léimse Louis.

Ní tharlaíonn faic dom chun na fírinne a rá leat. Ar an dtaobh eile den scéal, tógáil croí é an Searcach a léamh mar aithním láithreach go bhfuilimi i gcomhluadar mór-anama. An bhraistint chéanna a bhíonn agam nuair a léimse....fan, cé na mórfhilí eile atá á leamh agam nó a bhí a n-aistriú agam le tamall anuas, Ko Un na Cóiré, Iqbal na Pacastáine, Satchidanandan na hIndia, gan ach triúr fathach a lua.

Meafair a imíonn ó smacht

Tá drochnós ag filí áirithe, Louis ina measc, síneadh rómhór a bhaint as meafair. Tugtar strained metaphor air sin sa Bhéarla. Locht is ea é ar shaothar tosaitheoirí go minic. Tá sé ródhéanach tabhairt faoi Louis a cheartú anois, is dócha. (An mbeidh lá eile ag an bPaorach?) Seo sampla duit:

Mar a chroithfeadh grian phiseogach
pinse salainn thar ghualainn nocht
is go dtitfeadh
ina frasa solais
ar do chraiceann goirt,
tá conamar breicní
ar do cholainn anocht ...

Tá an meafar chomh mór sin faoi straidhn sa chéad sampla eile go bhfuil sé i mbaol a phléasctha sa phus orainn:

I gcónaí, i gcónaí,
tá a dhá súil
chomh lán d'imní
leis an Zuyder Zee
faoi thuile.
Coinníonn sí ordóg
go dlúth i ndamba
pollta a béil, sceimhlithe

Louis de Paor

go réabfar na bainc ghainimhe....

Agus mar sin de. Meafair ar mire. An-pháistiúil go deo, is baolach. An bhfuil sampla eile uait? Tá go maith mar sin:

Ag deireadh an tséasúir
tá na deck-chairs
chomh huaigneach
le liathróid trá
faoin staighre
sa dílleachtlann...

Meafair faoi straidhin, meafair mheasctha, na meafair imithe sa cheann air. In aon fhocal amháin – drochscribhneoireacht. Cad eile atá cearr leis an leabhar seo? Inseoidh mé duit. Ní hea, ligimis do Louis féin é a léiriú dúinn:

Tá am na gcuairteoirí thart
is táim im' sheasamh ag stad
an bhus, trasna na sráide
ó Ospidéal Ríoga na mBan,
greim docht agam
ar lámha na leanaí...

Cad a thabharfá air sin? Filíocht? Ní hea ach prós. Prós is ea é. Prós glan. Tá greim docht aige ar a aigne phrósach féin. Dá mbeadh sé in ann scaoileadh léi beagán.... ach níl.

Níl oiread is dán amháin sa leabhar seo a fhanfaidh mar chuid de throscán m'anama mar go bhfuil na mílte is na mílte samplaí den saghas filíochta seo léite cheana agam agus táim ag éirí bréan den scéal, a léitheoir dhil. Filíocht a fhanfaidh im' chuimhne atá uaim, filíocht a uaisleoidh chun na bhflaitheas mé, seachas stuif mar seo as dán grá (!) le Louis:

Braithim chomh glan
le manach cruabholgach
tar éis a chaca ....

Dia linn is Muire is Gobnait na Cille! Agus cad deir Tim Thorne (file Astrálach de réir dealraimh) i dtaobh an chacaimis seo? 'Love poems of such a passionate tenderness as to take one's breath away.' Táimse, leis, fágtha gan anáil!

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Aibreán, 2012

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

Cláracha réaltachta: maith nó dona?

Cláracha réaltachta, maith nó dona? Is ceist í seo atá deacair go maith le freagairt, mar go bhfuil an oiread acu ar an teilifís na laethanta seo agus ar ndóigh ní aontaíonn gach duine le tuairimí a chéile.

Tugann daoine amach fúthu mar go gceapann siad go gcuireann daoine isteach ar na comórtais seo chun cáil a bhaint amach dhóibh fhéin agus sin sin. Ach tá dhá thaobh ar an scéal céanna.

Creidim go bhfuil go leor seafóide ag baint le go leor acu, go háirithe na cinn ina gcuirtear daoine ina gcónaí lena chéile, glasáilte istigh i dteach agus iad ag tarraingt airde orthu fhéin mar gheall go bhfuil blas de shaol na 'celebs' ag teastáil uathu.

Tá roinnt den lucht féachana den tuairim go bhfuil comhlachtaí léirithe ag baint mí-úsáide as na daoine seo agus gur cuma leo cén sórt rud amaideach a dhéanann siad os comhair an tsaoil mhóir, chomh fada is go mbreathnaíonn daoine ar an gclár.

B'fhéidir go bhfuil sin fíor, ach nach bhfuil a fhios ag an té a chuireann iarratas isteach chun a bheith páirteach sna cláracha seo, go bhfuil an baol ann go bhfuil sé fíoréasca níos mó damáiste a dhéanamh dá gcliú na cáil a bhaint amach.

Ansin tá na comórtais cheoil agus amhránaíochta. Ní fheicim fhéin aon dochair iontu sin.

Is doiligh dearmad a dhéanamh air - Susan Boyle ar 'Britains' got Talent'

Tugtar deis iontach do dhaoine a bhfuil tallann acu a gcuid tallainne a chur os comhair an phobal agus gairm mhaith a bhaint amach dhóibh fhéin. Is féidir leo a saol ar fad a athrú agus a gcuid aislingí a bhaint amach.

Ach an bhfuil sé ró-éasca acu? Go leor de na bannaí agus de na hamhránaithe a casadh ormsa a deir go bhfuil go leor le foghlaim as a bheith ag taisteal ar fud na tíre i sean-veain agus ag cumadh a gcuid ceoil féin.

Ní cheapann siad gur chóir go mbeadh conradh de luach céad míle euro, nó níos mó, sínithe ag duine a chasann amhrán amháin, a scríobh duine eile, os comhair lucht féachana agus moltóirí. Dar leo, tá níos mó ag baint leis an gceird ná sin agus b'fhéidir go bhfuil an ceart acu.

Ní cheapann siad gur chóir go mbeadh conradh de luach céad míle euro, nó níos mó, sínithe ag duine a chasann amhrán amháin, a scríobh duine eile, os comhair lucht féachana agus moltóirí. Dar leo, tá níos mó ag baint leis an gceird ná sin agus b'fhéidir go bhfuil an ceart acu.

Ceapaim fhéin go bhfuil roinnt de na cláracha réaltacha go maith. Bhuel cuireann siad siamsaíocht ar fáil i rith an gheimhridh ar aon nós, tá go leor airgid le saothrú astú agus tá rud amháin nach féidir a shárú, agus sin go bhfuil lucht féachana mór ag an gcuid is mó acu agus beidh síad linn ar feadh i bhfad eile agus iad ag fáil níos craiceáilte na a chéile.

Crosfhocal na Seachtaine seo

Ar chúinsí teicniciúla, níl crosfhocal Gaelscéal ar fáil an tseachtain seo faraor. Ach beidh sé ar ais arís an tseachtain seo chugainn.

Crosfhocal 04.04.2012



Buaiteoir:
Eilís Ní Bheaglach
Caisleán Gearr, Gaillimh

Faisnéis do Shaoránaigh

LOGÁIL ISTEACH
www.citizensinformation.ie

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

BUAIL ISTEACH
260 ionad ar fud na tíre

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Forlíonadh Cíos agus teorainneacha cíosa

Ceist :

Tá Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora á fáil agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar m'éileamh ar Fhorlíonadh Cíosa. Tá mo chíos reatha níos mó ná an teorainn nua ach táim ceangailte le léas ar feadh 4 mhí eile. An iarrfar orm bogadh amach as mo theach?

Freagra:

In Eanáir 2012, laghdaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) an t-uasleibhéal cíosa lena nglacfaidh siad ar mhaithe leis an bhForlíonadh Cíosa. Laghdaigh sé seo teorainneacha cíosa a cuireadh i bhfeidhm i measc éilitheoirí nua láithreach bonn.

Tá siad á gcur i bhfeidhm i measc éilitheoirí reatha nuair a dhéantar athbhreithniú ar a n-éilimh nó má bhogann siad go dtí cóiríocht nua (féach citizensinformation.ie chun teacht ar na teorainneacha, ar féidir leo athrú ó áit go háit).

I do chás, iarrfaidh an RCS ort do chíos a athphlé le do thiarna talún. Má chuireann an tiarna talún faoi deara nach féidir plé a dhéanamh ar théarmaí an léasa reatha agus mura laghdaíonn sé/sí an cíos chuig na leibhéil nua, pléifidh ionadaí den RCS (ar tugadh Oifigeach Leasa Pobail nó CWO roimhe seo) do chuid roghanna leat.

D'fhéadfadh cóiríocht eile a aimsiú bheith i gceist leis seo. Má tharlaíonn seo, leanfar le Forlíonadh Cíosa a íoc leat ar feadh tréimhse réasúnta ama fad a thagann tú ar chóiríocht nua.

I roinnt cásanna, is féidir an Forlíonadh Cíosa a íoc ar dhiscréid an ionadaí den RCS, sa chás go mbíonn an cíos níos mó ná an teorainn chuí. Áireofar an méid seo a leanas leis na cásanna seo:

- Má tá agat nó ag ball de do theaghlach riachtanais speisialta tithíochta (mar shampla, duine faoi mhíchumas i gcóiríocht atá sainoiriúnaithe).
- Má bhíonn sé ina acmhainn agat an cíos a íoc tú féin laistigh de thréimhse ghearr, mar shampla, má tá tú ag glacadh le fostaíocht. Sa chás seo, is féidir an Forlíonadh Cíosa, ar ráta níos airde a íoc ar feadh tréimhse ghearr 6-8 seachtaine.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile.

Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

RUGBAÍ

Babhta 20 don Rabo Direct Pro 12

LAIGHEAN v Dún Éideann, Dé hAoine @ 7.45i.n. san RDS: Beo ar TG4
CONNACHT v ULADH, Dé Sathairn @ 5.15 sna Sportsgrounds: Beo ar TG4
MUMHA v Glaschú, Dé Sathairn @ 7.15 – Páirc Musgrave: Beo ar RTÉ2

Gráinne McElwain

BHÍ an deireadh seachtaine sa Chorn Eorpach drámatúil agus tá seans maith ann go mbeidh dhá fhoireann as an tír seo sa chluiche ceannais. Ach is ar an tsraith a bheas na foirne ag díriú as seo go ceann coicíse agus tá trí cinn do na cúigí san iomaíocht le háit a bhaint amach sna cluichí leathcheannais. Trí bhabhta atá fágtha acu chun é sin a dhéanamh.

Ní bheidh aon imní ar Chúige Laighean mar go bhfuil siad in uachtar an tábla agus iad deich bpointe chun cinn ar na hOspreys. San RDS ar an Aoine a thabharfas siad aghaidh ar Dhún Éideann a rinne éacht in aghaidh Toulouse (19-14). Tá gach seans ann go bhfeicfidh muid Joe Schmit ag tabhairt sos do roinnt imreoirí tar éis dóibh Cúige Mumhan agus Caerdydd a chloí le coicís anuas, mar tá tréimhse amach rompu a bheas dian. Ní bheidh Michael Bradley ag tógáil mórán seansanna ach an oiread mar is beag suim a bhí ag Dún Éideann sa chomórtas seo le fada agus iad áit amháin ó bhun an tábla os cionn Aironi. Choinnigh sé na himreoirí ab fearr siar le go mbeadh siad in ann díriú ar an Chorn Eorpach. Is deis é dóibh siúd atá ar imeall na foirne nó an dá phainéal a ndóthain a dhéanamh le go mbeidh siad san áireamh nuair a thiocfas na cluichí móra arís. Ní fheicim aon seans go mbuailfear Cúige Laighean sa cheann seo.

8 Aibreán 2012. Andrew Trimble, Cúige Uladh, ag ceiliúradh a mbua i gcoinne Chúige Mumhan. [PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

Tá Cúige Ulaidh sa chúigiú háit ar chlár na bpointí, pointe amháin taobh thiar de Ghlaschú agus Mumha. Má tá siad le cáiliú do na babhtaí leathcheannais caithfidh siad Cúige Chonnacht a bhuaileadh mar is in aghaidh Chúige Laighean i gCnoc an Fhéich agus Chúige Mumhan i dTuamhain a bheas siad ina dhiaidh sin. Ní bheidh sé éasca cothromaíocht a fháil idir imreoirí a chosaint don Chorn Eorpach agus na pointí sraithe a bhuachaint ach sin atá le déanamh ag Brian McLaughlin. Is beag atá fágtha ag Connacht ach ba mhór leo cic a bhuaileadh ar Chúige Uladh a bhfuil an ghaoth sna seolta acu tar éis a mbua in aghaidh na Muimhneach ach ní dóigh liom go n-éireoidh leo é sin a dhéanamh.

Tá Cúige Mumhan in ísle brí agus tá sé sin contúirteach mar go bhfuil trí chluiche dheacra rompu in aghaidh foirne eile atá ag lorg áite sna cluichí leathcheannais.

Tabharfaidh siad aghaidh ar Ghlaschú ar an Satharn ar Pháirc Musgrave, foireann a chur iontas ar go leor nuair a bhuail siad na hOspreys agus iad ag imirt as baile coicís ó shin.

Buntáiste eile do bhuachaillí na hAlban ná go raibh sos acu an deireadh seachtaine seo caite. Tá dhá chluiche as a chéile caillte ag na Muimhnigh agus iad i dTuamhain agus tá imní orm go dtarlóidh sé i Musgrave dóibh an uair seo freisin.

Lewis Hamilton Rogha na nÚdar in Shanghai

Gráinne McElwain

IS i Shanghai na Síne a bheidh Formula 1 an deireadh seachtaine seo, an tríú rás i bhféilire an mhótárspóirt i mbliana. Rubens Barrichello a bhuaigh an chéad rása a bhí i Shanghai in 2004 do Ferrari agus deirtear go bhfuil sé ar an cheann is mó a thaitníonn leis na tiománaithe mar gheall ar an ailtireacht dochreidte, na cúinní casta agus an deis a bhíonn acu luas lasrach a bhaint amach ar an phíosa don chúrsa atá díreach.

Bhuaigh Lewis Hamilton do McLaren-Mercedes an rás seo anuraidh agus in 2008, agus deirtear go mbeidh an bua aige arís i mbliana. Ba é a bhuaigh an chéad rás i mbliana san Astráil le hAlonso ag crochadh leis Grand Prix na Malaeisia do Ferrari ina dhiaidh sin. Cé gur bhuaigh Michael Schumacher an rás seo in 2006 níl mórán cuimhní maithe ag an Ghearmánach faoin gcúrsa agus an mí-ádh a bhí air ann. Níor chríochnaigh sé an rás cúpla uair mar gheall ar fhadhbanna teicniúla ach is laoch aitheanta i measc an phobail é, tá go leor lucht leanta aige thall ansin agus tá sé ag súil go mór le iad a fheiceáil. Sa séú háit atá seaimpín an chomórtais ó anuraidh, Sebastian Vettel, ach tá séasúr fada fós le dul.


Lewis Hamilton

An tseachtain seo chugainn bogfaidh na tiománaithe ar aghaidh chuig Bairéin. Cuireadh an rás seo ar ceal anuraidh mar gheall ar agóidí in aghaidh an rialtais ag an am agus maraíodh daoine sna caismirtí sin. Níl gach duine chomh tógtha leis an chinneadh a rinne an FIA dul ar ais ansin i mbliana agus tá agóidí fós ar siúl ann. Tá Damon Hill, iarsheaimpín an chomórtais, ar dhuine acu siúd atá in aghaidh an ráis agus agóidíocht fós ar siúl mar gheall air.

Béal Feirste ag rith

Seoladh Rás 5k Powerade a reáchtálann Ollscoil na Banríona.

Gráinne McElwain

AN mbeidh tú ag glacadh páirt i maratón Deep River Rock Chathair Bhéal Feirste i mí Bealtaine nó an bhfuil fonn ort tabhairt faoin mbóthar?

Bhuel má tá, ba cheart duit a bheith smaoineamh ar an rás bliantúil 5km a reáchtáileann Queen's Sport in Ollscoil na Banríona i gcomhpháirt le Powerade, ócáid a bheas ar siúl ar an Déardaoin 26 Aibreán. Seo an deichiú bliain go mbeidh an rás ar siúl agus gach bliain bíonn mic léinn, lucht na rannóige spóirt i gColáiste na Banríona, lúthchleasaithe aitheanta agus go leor ón phobal páirteach ann.

"Tá áthas an domhain orainn a bheith ceangailte leis an rás seo," a deir Connor McCready ó Powerade.

"Seo ceann de na hócáidí spóirt a bhfuil baint againn leis faoi láthair agus léiríonn sé an méid suime atá againn agus an fonn atá orainn tallann úrnua a fhorbairt don todhchaí. Feictear dúinn go bhfuil an rás 5km an-tábhachtach, go bhfuil sé i mbéal an phobail agus tá muid ag dúil go bhfásfaidh an méid daoine a bheas ag baint leasa as amach anseo," a dúirt McCready.

Beidh an rás cois abhann an Lagáin agus beidh daoine in ann bailiú agus réiteach a dhéanamh roimh agus tar éis an ráis ag Ionad Corpoideachais Queen's Sport. Beidh uimhreacha clárúcháin don rás le bailiú san ionad óna cúig a chlog go dtí ceathrú chun a seacht. Is féidir clárú ar an idirlíon don rás roimh an spriocdháta, 24 Aibreán, nó glacfar le iontrálacha ar lá an ráis chomh maith. £1,600 atá sa duaischiste agus tabharfar málaí, buidéil uisce agus rudaí eile atá brandáilte le Ollscoil na Banríona do na hiomaitheoirí. £7 an táille iontrála do mhic léinn, £9 do lúthchleasaithe atá mar bhaill de Chlub Lúthchleasaíochta na Banríona agus £10 do gach duine eile. Tá tuilleadh eolais faoin rás agus faoin chúrsa araon le fáil ar www.queenssport5k.com

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 11 Aibreán, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

'An-díoma orm leis an toradh i gcoinne na gCláiríneach'

Bhí an-choimhlint i bPáirc na nGael Luimneach an Satharn seo chaite nuair a chas an fhoireann baile agus an Clár le chéile i gcraobhchluiche roinn 1B.

I mo chéad cluiche mar bhainisteoir ar iománaithe Luimnigh, seacht seachtainí ó shin, chríochnaíomar ar an taobh mícheart de léasadh ón Clár agus bhí faitíos orm ag dul isteach sa cluiche go dtarlódh an rud céanna arís.

Ach ní mar sin a tharla, mar do thrí cheathrú cuid den cluiche bhíomar in uachtar agus ocht gcúilín chun tosaigh ag druidim le lár an dara leatha ach diaidh ar ndiaidh chuir na Cláirínigh na cúilíní thar an trasnán agus leis an am beagnach thuas bhí an cluiche ar chomhscór.

Ansin fuaireadar dhá chúilín ó phoc seasca cúig agus poc saor a chinntigh an bua dóibh.

Bhí an-díoma orm leis an toradh, ach chun a gceart a thabhairt don Chlár bhíodar an-mhaith sa dara leath agus nuair a fuaireadar an lámh in uachtar sa líne leathchúil agus i lár na páirce ní rabhamar ábalta greim ceart a fháil ar ais ar an gcluiche.

Ach sin mar a théann cluichí agus chun bheith macánta faoi b'iad siúd an fhoireann ab fhearr i roinn 1B ó thosach. Bhuadar gach cluiche go slachtmhar agus d'imríodar iománaíocht a bhí tapaidh, glic agus lán d'fhuinneamh.

Mar dhuais, faigheann siad deis dul in iomaíocht le Cill Chainnigh sa leathchraobh agus leis an deis sin faigheann siad an seans iad féin a thomhas i gceart i gcoinne ríthe na hiománaíochta.

Céard faoi Luimneach? Bhuel tá sé seachtainí againn anois chun ullmhú don chéad dúshlán eile i gcluiche ceathrú ceannais do chraobh na Mumhan i gcoinne Thiobraid Árann. Ar ndóigh is ollmhór an dúshlán é.

An bhfuil seans ag Luimneach an cluiche a bhuachan? Má tá seans chun a bheith acu caithfidh na himreoirí is fearr go léir sa chontae a bheith saor ó ghortaithe, i mbláth na sláinte agus chomh folláin le breac.

D'imríomar an tsraith go léir gan beirt de na himreoirí is fearr sa chontae, Seamus Hickey agus Declan Hannon. Freisin bhí beirt de na tosaithe is fearr eile, Shane Dowling agus Kevin Downes gortaithe do leath de na cluichí sraithe. Má bhíonn gach duine folláin agus ullamh tá seans againn.

San iomáint tá an rás rite ag chuid mhaith foirne sa sraith Allianz, cúpla ceann eile ag dul síos céim an deireadh seachtaine seo agus na babhtaí leathcheannais chearta fós le n-imirt.

1 Aibreán 2012 : Iomáint na Gaillimhe ag pointe íseal. Fergal Moore, Gaillimh, faoi bhrú ag Eoin Larkin, Cill Chainnigh ag tús na míosa seo. [PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

Beidh an-choimhlint idir BÁC agus an Ghaillimh i cluiche dícháilithe roinn a 1A. Bhuaigh leads an iarthar an cluiche sraithe a bhí eatarthu agus cé gur imir iománaithe na príomhchathrach maith go leor sna cluichí eile chríochnaigh siad ar aon pointe amháin.

N'fheadar cad a déarfaidh mé faoin nGaillimh?

Thosnaíodar amach an bhliain láidir go leor ach tá galar éigin tar éis cur isteach orthu le mí anuas. Gan dabht is cailliúint ollmhór é Joe Canning ach ní fhéidir le foireann sinsir idirchontae a bheith ag braith go hiomlán ar imreoir amháin cé gur iontach an imreoir é. Cibé rud a tharlaíonn, beidh fhoireann láidir ag titim síos go dtí roinn B agus gach seans gurb iad a bheidh ag teacht aníos arís an bhliain seo chugainn.

Cé go raibh chuid maith cluichí ar ardchaighdeán againn i mbliana ceapaim go bhfuil an córas go mór i bhfábhar roinn A. Mar a sheasann rudaí anois tá foirne tradisiúnta iomána cosúil le Loch Garman, Uíbh Fhailí, Luimneach agus Aontroim agus seans réalaíoch nach mbeidh siad ag imirt sa phríomhroinn go deo arís. Is mór an míbhuntáiste é sin d'aon fhoireann atá ag imirt i gcomórtas Liam Mhic Cárthaigh níos déanaí sa bhliain.

I mo thuairim féin, bheadh sé i bhfad níos cothromaí do na foirne go léir dá ndéanfaidís dhá roinn mheasca as na foirne atá sa dhá roinn faoi láthair agus Ceatharlach agus an Iar Mhí freisin.



Captaen an Chláir, Patrick Donnellan, ag tógáil an Choirn in airde tar éis gur bhuaigh a fhoireann Cluiche Ceannais 1B den tSraith Náisiúnta Iománaíochta Allianz i gcoinne Luimnigh Dé Sathairn. Ba é an scór deireanach ná Luimneach 1-16, An Clár 0-21. [PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

Tá a fhios agam go mbeadh cúpla cluiche aontaobhach ann ach (mar a bhí i mbliana) bheadh cluichí cothroma againn freisin. Conas is féidir leis na foirne i roinn B feabhsú mura mbeidh siad ag imirt i gcoinne na bhfoirne is láidre sa tír?

Tá súil agam go ndéanfaidh CLCG dianscrúdú ar an fhadhb phráinneach seo go luath. I cluiche dícháilithe roinn 1B is dócha go mbeidh Loch Garman rómhaith do Laois.

Sa pheil, is iomaí casadh a bhí i Roinn 1 ón chéad cluiche ach anois tá na cluichí leathchraoibhe againn agus ar an Domhnach ba cheart go mbeadh féasta peile againn i bPáirc an Crócaigh nuair a chasfaidh Ciarraí agus Maigh Eo ar a chéile, agus Corcaigh agus an Dún .

Bhí an-mhí-ádh ar pheileadóirí na Gaillimhe i gcoinne Chill Dara an Domhnach seo chaite nuair a ghéill siad cic pionóis (agus cúl) sna soicindí deireanacha, rud a chinntigh gur críochnaigh an cluiche ar chomhscór agus gurb iad Cill Dara a bheadh ag fáil ardú céime in éineacht le Tír Eoghain, go dtí an phríomhroinn don chéad séasúr eile. Ach tríd is tríd, caithfidh go bhfuil Gaillimh sásta go leor leis an dul chun cinn atá á dhéanamh acu.

Beir Bua.

"Tá sé léirithe ag ár bhfoireann gur féidir a bheith ar bharr an domhain rothaíochta gan aon ní mídhleathach a dhéanamh"

Labhraíonn Cillian Ó Conchúir leis an rothaí Éireannach, **Dan Martin**

LE roinnt blianta anuas tá an-chuid athraithe le feiceáil taobh istigh den spórt rothaíochta. Ó Richard Virenque agus eachtra Festina in 1998, nuair a tháinig an Tour de France go hÉirinn, go Marco Pantani in 1999, agus buaiteoir an bhoinn óir sna cluichí Oilimpeacha in 2004, Tyler Hamilton.

Ciontaíodh buaiteoirí na trí Grand Tours in 2006, Floyd Landis (Tour de France), Ivan Basso (Giro d'Italia) agus Alexander Vinokourov (Vuelta).

Tháinig Oibriúcháin Puerto chun solais in 2006 chomh maith. Go bunúsach, bhí rothaíocht in ísle brí agus theastaigh athrú aigne chun ré nua a thosú don spórt.

Tháinig an foireann Garmin-Barracuda (Garmin-Slipstream roimhe sin) ar an bhfód in 2007, mar an chéad foireann sa spórt le polasaí oscailte, rud a chiallaíonn go gcuirfeadh siad torthaí tástálacha ar fáil agus go raibh cead ag iriseoirí fanacht leis an bhfoireann agus cead acu dul aon áit ar mhian leo leis an bhfoireann. "Is muidne an céad foireann le polasaí nach baineann muid úsáid as snáthaidí, a deir an tÉireannach, Dan Martin. "Ní bhfuair mé instealladh riamh i mo shaol. Roimhe seo bhí cultúr vitimíní nó forbhianna (supplements) sa spórt chun

Dan Martin [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

tacú le feidhmiúchán. Bhí sé sin dleathach

"Ach anois tá deireadh curtha leis. Tá leabhair na rialacha athscríofa againn go bunúsach. Tá sé léirithe ag ár bhfoireann gur féidir a bheith ar bharr an domhain rothaíochta gan aon ní mídhleathach a dhéanamh. Is sampla iontach é agus táim an-bhródúil as," a dúirt Martin

Breathnaíonn Dan Martin ar rothaíocht ar an gcaoi chéanna is a bhreathnaigh sé air nuair a thosaigh sé. "Ní hé go bhfuilim ag cur dallamullóg orm féin, ach ní féidir leat rásaíocht in aghaidh rothaithe má tá tú..."

Stopann sé. "Tá gach duine neamhchiontach go dtí go bhfaightear ciontach iad. Caithfidh tú rásaíocht in aghaidh na rothaithe seo lá i ndiaidh lae agus caithfidh tú a chreidiúint go bhfuil siad glan. Caithfear féachaint ar na fíricí. Is againne atá an spórt is mó sa domhan a ndéantar tástálacha ar na lúthchleasaithe ann."

An maidin a labhraíomar le chéile, dúisíodh Martin ag 6.30am chun tástáil a dhéanamh air. "Bímid ar fáil chun tástáil a thabhairt 24 uair in aghaidh an lae. Níl aon amhras ach go bhfuil an spórt tar éis é féin a glanadh suas go mór, agus tá sé druileáilte isteach ionainn, an ghlúin nua de rothaithe agus m'fhoireann, Garmin-Barracuda." Seo an cúigiú bliain ag Martin a bheith ina chónaí in Girona leis an bhfoireann, áit, dar leis ina bhfuil an comhréir is mó de rothaithe proifisiúnta ar domhan. Cé gur bhain sé stáid de Vuelta amach anuraidh, níl sé an-tógtha le féachaint siar ar an méid atá déanta, mar gur fear leis féachaint ar an méid atá le theacht.

De thoradh ailléirge polláin, seans nach bhfeicfear é san Giro d'Italia amach anseo, ach tá sé ag tnúth lena chéad Tour De France a dhéanamh, cibé uair a thagann sé sin. "Breathnaím ar an Tour mar aon rás eile a dhein mé. Is teagasc maith é don saol. Níl na fir seo ach daoine ar rothair. Faighim na mothúcháin céanna anois is a fuair mé nuair a bhí mé 15 bliana d,aois.

"An t-aon rud atá athraithe ná go bhfuilim ag rothaíocht beagáinín níos tapúla agus go bhfuil aird á thabhairt ag níos mó daoine ar na torthaí a fhaighim. Táim ag tnúth le páirt a ghlacadh ann, cibé uair a fhaighim an deis ar sé. "Ní theastaíonn uaim go mbeidh mé mar choisí nó sa lucht féachana in aon rás agus is é seo an chéad Tour (de France) a mbeidh mé páirteach ann."

Fonn Díoltais ar Thír Eoghain F21

Cluiche Ceannais Cadbury Uladh f-21
Tír Eoghain v An Cabhán
Páirc Brewster @ 8.00i.n. Dé Céadaoin
Cluiche Ceannais Cadbury na Mumhan f-21
Ciarraí v Corcaigh
Páirc Aibhistín de Staic, Trá Lí @ 7.30i.n Dé Céadaoin

Gráinne McElwain

IS iad an Cabhán agus Tír Eoghain a bheas ag casadh ar a chéile anocht i bPáirc Brewster, Inis Ceithleann i gCluiche Ceannais Peile Uladh Cadbury f-21. Seo athimirt ar an chluiche ceannais ó anuraidh nuair a fuair an Cabhán an lámh in uachtar ar Thír Eoghain, an chéad uair le 15 bliana gur bhuaigh siad an corn. Níl Cluiche Ceannais Uladh buaite ag fir na láimhe deirge ó 2006 agus beidh an Cabhán ag imirt ina dtríú cluiche ceannais as a chéile.

Bhuail an Cabhán Doire sa chluiche leathcheannais 2-8 le 0-9 leis an lántosach Kevin Tierney ag aimsiú 1-5, 1-4 ag teacht ón imirt. Tá líne lántosach maith ag an Chabhán le Ray Lynch agus Jack Brady ag imirt go maith sna cúinní le taobh Tierney. Ach is é an chontúirt is mó dóibh ná go bhfuil siad ag brath an iomarca ar Tierney chun na scóranna a aimsiú, rud gur féidir le Tír Eoghain a úsáid ina n-aghaidh. Tháinig Paddy King, nia le laoch mór an Chabháin, Stephen, isteach mar ionadaí sa chluiche leathcheannais ag leatham agus fuair sé cúl. Beidh ar an Chabhán níos mó scóranna mar sin a fháil agus caithfidh níos mó scóranna a theacht ó na tosaithe seachas Tierney.

D'amharc Tír Eoghain an-chompordach in aghaidh an Dúin sa chluiche leathcheannais eile (1-8 le 0-16). Ach an imní is mó don bhainistíocht ná gur chaill siad a mbealach sa chluiche agus lig siad an Dún ar ais le cúl agus cúig déag nóiméad fágtha ar an chlog. Beidh ar Thír Eoghain a bheith cúramach nach dtarlóidh sin arís agus gan seansanna mar sin a thabhairt don Chabhán. Sa cheathrú deireanach, bhí cuma trína chéile ar na cosantóirí agus iad ag déanamh feallanna aisteacha agus cuireadh roinnt ainmneacha i

Mar a bhíodh siad, 15 Meitheamh 2008; Kevin Tierney, An Cabhán, in aicsean i gcoinne Stephen Sheridan, Ard Mhacha. [PIC : OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]

leabhar an réiteora dá bharr. Thaispeáin Tír Eoghain carachtar chun an cluiche a bhaint ach ní chuirfidh Tierney seansanna amú mar a rinne an Dún. Mar sin caithfidh Tír Eoghain a bheith míthrócaireach anocht agus má éiríonn leo dul chun tosaigh, caithfidh siad a bheith cinnte gan ceadú don Chabhán a theacht ar ais. In aghaidh Dhoire, bhí an-taispeántas ón líne leathchúil acu agus d'éirigh le seisear imreoirí difriúla scóranna a aimsiú i gcomparáid le triúr ó fhoireann an Chabháin in aghaidh Dhoire.

Ní raibh ach trí chúilín idir na foirne nuair a chas siad ar a chéile anuraidh agus tá gach duine ag súil le cluiche iontach eile anocht. Tá sé deacair a rá cé a thiocfas amach chun cinn ach beidh fonn díoltais ar Thír Eoghain an uair seo. I gCúige Mumhan, feicfear Ciarraí agus Corcaigh ag tabhairt aghaidh ar a chéile i gCluiche Ceannais na Mumhan f-21 den dara bliain as a chéile agus beidh Cluichí Leathcheannais na hÉireann Cadbury f-21 ar siúl ar an 21ú Aibreán le Ros Comáin ag fanacht ar bhuaiteoirí Chúige Ulaidh agus Baile Átha Cliath ag tabhairt aghaidh ar Chorcaigh nó Ciarraí.

'Is bainisteoirí iontach é Jimmy McGuinness'

Labhraíonn Captaen Dhún na nGall, **Michael Murphy**, le Cillian Ó Conchúir

CÉ go bhfuil Ciarraí, Maigh Eo, An Dún agus Corcaigh ag ullmhú go cluichí leathcheannais sa tsraith Allianz, tá briseadh ag an chuid is mó de na foirne timpeall na tíre sula dtugann siad aghaidh ar an gCraobhchomórtas an mí seo chugainn. I measc na bhfoirne sin tá Dún na nGall a choimeád stádas Roinn a hAon sa tsraith lena mbua ar Ard Mhacha agus tá captaen na foirne, Michael Murphy, ag tabhairt aghaidh ar cóireáil athshlánúcháin.

Tar éis dó tús na sraithe a chailliúint de thoradh gortaithe, tá Michael Murphy ag súil gur féidir leis gortú dá bhallnasc glúine a chur uaidh chun tabhairt faoin gCabhán sa chéad babhta ar an 20 lá Bealtaine i Páirc Bhréifne. "Tá an Cabhán tar éis dul chun cinn leanúnach a dhéanamh i mbliana agus ní beag an dúshlán é bua a fháil i bPáirc Bhréifne.

Beidh daoine ag rá go mbeimid mar rogha na coitiantachta, ach tá a fhios againn gur cluiche deacair a bhéas ann. Táimid de shíor ag iarraidh na spriocanna a bhaineamar amach a shárú agus nuair a thiocfaidh an craobh beimid ullamh." Ghnóthaigh Dún na nGall bua 0-13 le 0-10 in aghaidh Ard Mhacha chun fanacht sa tsraith gan Murphy a bheith ag imirt, ach mar captaen is air atá sé Dún na nGall a threorú chun na babhtaí ceannais arís i mbliana.

"Níl sé idéalach bheith ar na taobhlínte d'aon chluiche ach ní hí an tsraith an rud is tábhachtaí. Is í an chraobh an gné is mó dúinn, rud a bhfuilimid ag súil leis agus thug na cluichí seo deis forbartha dúinn le haghaidh na craoibhe. Ba dheis é d'imreoirí áit a dhaingniú dóibh féin don chraobh agus bhí an iomaíocht sin uainn ar an Domhnach."



Michael Murphy, Captaen Fhoireann Peile Dhún na nGall [PIC : RAY MCMANUS / SPORTSFILE]

In ainneoin na ngortaithe agus obráid a cuireadh air ag tús an tséasúir, ghnóthaigh sé 2-19 sa tsraith, ach don té a bhain áit amach ar an fhoireann idirchontae ag aois 17, cuireann sé brú ar féin tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh. "Céim mhór a bhí ann mar ógánach, 17 mbliain d'aois, ní amháin ag imirt don foireann idirchontae ach imirt don choláiste chomh maith.

Táim cúig bliana níos sinne anois agus leis sin tagann tuiscint níos fearr faoi cad is imreoir idirchontae ann agus conas feabhsú mar imreoir." "Déanann tú iarracht do chuid oibre a dhéanamh ar an bpáirc.

Sa seomra feistis tá ceannairí againn síos tríd an foireann. Is foireann dhlúth muid agus cabhraíonn sé sin ar an bpáirc agus taobh amuigh den páirc." Agus don té nach bhfuil ach 22 bliain d'aois, is mór an tionchar a bhí ag bainisteoir Dhún na nGall, Jim McGuinness, air tar éis dó Craobh na hÉireann faoi 21 a bhaint amach faoina cheannas agus é mar captaen ar an bhfoireann sinsir chomh maith.

"Is bainisteoir iontach é. Le dhá bliain anuas, bhí an t-ádh orm roinnt craobhacha a bhuachan faoi Jim McGuinness. Leagann sé síos dúshlán do gach imreoir é féin a fheabhsú. Tá an fhoireann bhainistíochta ag iarraidh an fhoireann a bhrú ar aghaidh. Spreagann sé tú.

Cuireann sé gnéithe in iúl duit chomh maith. Táim fíorbhuíoch go bhfuil bainisteoir den chaighdeán sin ag an bhfoireann.

Anuraidh ag aois 21, an captaen is óige sa craobhchomórtas, thug Murphy Dún na nGall chuig cluiche leathcheannais na Craoibhe agus ní raibh siad ach fiche nóiméad ó Chraobh na hÉireann a bhaint amach nuair a chlis siad i gcoinne Bhaile Áth Cliath. I mbliana nuair a bhuail na himreoirí le chéile, dúirt Murphy go raibh siad ag iarraidh feabhsú go mór ón bhliain seo caite. "Cheapamar go raibh ar gach imreoir feabhsú agus bhí orainn feabhsú i ngach uile chearn den pháirc.

Táimid ag obair go crua ar an bpáirc traenála, ag iarraidh sin a bhaint amach agus le cúnamh Dé tiocfaidh sé sin chun solais sa samhradh. Ní shroicheann tú an barr riamh i spóirt ach bíonn tú ar a thóir sin i gcónaí." "Táimid tar éis bogadh ar aghaidh ón bhliain seo caite.

Caithfimid a theacht le chéile mar aonad arís, taispeántais mhaithe aonaracha a thabhairt agus rachaidh sé sin i dtreo taispeántais maith foirne. Má bhíonn an taispeántas maith go leor chun toradh ceart a fháil, ní chuireann cáineadh isteach orainn." Idir seo agus an cluiche i bPáirc Bhréifne, is cinnte go mbeidh Jim McGuinness ag cur allais ag feitheamh ar a phríomhscórálaí sa tsraith.

Le Murphy é féin tinn tuirseach de na gortaithe cheana féin, is é an 20 Bealtaine an sprioc a bhfuil sé ag díriú air, cé go ndeir sé nach bhfuil aon bhrú á chur air chun filleadh. "Nílim ag iarraidh filleadh róluath chun cur leis an ngortú, ach seans go mbeidh mé aclaí do thús na craoibhe."

Comhdháil Bhliantúil an CLG ar siúil ag an deireadh seachtaine

Gaeilgeoir as Laois chun dul i gceannas ar CLG

Gráinne McElwain

TIOCFAIDH Liam O'Neill, Gaeilgeoir as Laois, i gcomharbas ar Christy Cooney mar Uachtarán ar an Chumann Lúthchleas Gael ag an deireadh seachtaine nuair a reáchtáilfear comhdháil bhliantúil an chumainn i bPort Laoise. Ach an oiread le haon bhliain eile, déanfar plé ar na mórcheisteanna atá ag baill an chumainn.

Ina measc i mbliana pléifear na fadhbanna smachta ar pháirc na himeartha, an cosc atá ar thraenáil sa gheimhridh, na cluichí comhrialacha in aghaidh na hAstráile, an ról atá ag Gaillimh agus Aontroim i gCraobh Laighean agus an deacracht a bhíonn ann gach bliain leis an sceidealú a déantar ar chluiche idirchontae sa chraobh. Le roinnt blianta, b'éigean do roinnt foirne a chaill sna cluichí ceannais cúige tabhairt faoin bpáirc imeartha arís tar éis sé lá. Ní raibh sé féaráilte orthu agus ní mórán acu a thug na cosa leo as na cluichí sin.

Cibé moltaí a thagann chun cinn faoin sceideal sin ní thiocfaidh siad i bhfeidhm do chomórtas na bliana seo. Tá 77 rún le cur os comhar na comhdhála agus tá obair go leor le déanamh acu siúd a bheidh ag caitheamh vótaí orthu. Ní leor dóibh an obair baile a bheith déanta go maith acu.

Chaill an CLG duine mór dá gclann an tseachtain seo caite nuair a bhásaigh John Egan, duine de na mórlaochra peile Chiarraí, in aois a 59 bliana. Bhí sé mar chuid den fhoireann iontach peile ó Chiarraí a bhuaigh Craobh Peile na hÉireann sé huaire sna seachtóidí agus na hochtóidí agus bhuaigh sé cúig ghradam All Star i 1975, 1977, 1978, 1980 agus 1982. Ár gcomhbhrón lena bhean chéile, Mary, a mhac John agus a iníon Maureeen. Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.